



# FOCLÓIR

Béarla – Gaeilge de Théarmaí Míleata  
agus de Théarmaí Gaolmhara

*(English – Irish Dictionary of Military and Related Terms)*

2007

*Comhairle Gaeilge Óglaigh na hÉireann  
Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann  
Foclóir Béarla-Gaeilge de Théarmaí Míleata agus de Théarmaí Gaolmhara*

© Copyright in accordance with Section 56 of the Copyright Act, 1963,  
Section 7 of the University of Limerick Act, 1989 and Section 6 of the Dublin University Act, 1989.

## FOCLÓIR BÉARLA-GAEILGE DE THÉARMAÍ MÍLEATA AGUS DE THÉARMAÍ GAOLMHARA

### **An Chéad Eagrán 1953**

Arna ullmhú sa Rannóg Traenála, Foireann Cheanncheathrú an Airm i gcomhar le Foireann Aistruúcháin an Oireachtais agus arna chur amach le húdarás an Aire Cosanta.

### **An Dara Eagrán 1958**

Arna ullmhú sa Rannóg Traenála, Foireann Cheanncheathrú an Airm i gcomhar le Foireann Aistruúcháin an Oireachtais agus arna chur amach le húdarás an Aire Cosanta.

### **An Tríú Eagrán 1969**

Arna ullmhú sa Rannóg Traenála, Foireann Cheanncheathrú an Airm (an Lt Cor Aodh Mac Con Midhe agus an Ceannfort Myles Doyle) i gcomhar le Foireann Aistriúcháin an Oireachtais, Foireann an Fhoclóra an Roinn Oideachais, Foireann Aistriúcháin an Choláiste Mhíleata, Muiris Uas. Ó Droighneáin M.A. agus Capt. Pádraig Ó Siochfhradha, Cúlta. Arna chur amach le treoir an Aire Cosanta.

### **An Ceathrú Eagrán 2006**

Arna ullmhú agus curtha in eagar leis an Maorsháirsint Nollaig Ó Maonaigh, An Oifig Pleanála Straitéisí, Oifig an Cheann Foirne, Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann le cabhair ón gCoiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge (Fidelma Ní Ghallchobhair), an Dr. N.J.A. Williams MA PhD Dip Celt Studies FLS ITIA, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus an Sáirsint Ciarán McKeown (Clóphreas Óglaigh na hÉireann).

Arna chur amach le treoir an Cheann Foirne.

### **An Chéad Fhoclóir Míleata**

D’fhoilsigh an Brainse G1 an Chéad Fhoclóir Míleata ‘Foclóir Míleata Béarla agus Gaedhilge (English-Irish Military Vocabulary)’ sa bhliain 1936. Tugadh an Treoir Threanála Uimh 59 (T.T. Uimh 59) ar an bhfoilseachán sin. Ba é an Cor S. Ó hUigín Príomhoifigeach Foirne an Bhrainse G1 ag an am sin.

Arna Chlóbhualadh i bPoblacht na hÉireann ag  
Clóphreas Óglaigh na hÉireann  
Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann, Baile Átha Cliath.  
jn8286/3,500/2007

## NODA (ABBREVIATIONS)

adj. (aid.)	adjective
amn.	ammunition
anat.	anatomical
arty.	artillery
av.	aviation
CCÓÉ	Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann
CIS	Communication and information services
C.-M.	Court-Martial
dept.	departmental
DFHQ	Defence Forces' Headquarters
do.	ditto
elec. (leic.)	electrical
engrs.	engineers
g.	genitive
geog.	geographical
G.T.	grenade training
H.E.	high explosive
instr.	instrument
intr.	intransitive
L.M.G.	light machine gun
mag.	magazine
M.B.R.	movement by road
mech.	mechanical
mil.	military

M.G.	machine gun
M.L.	military law
M.R.	map reading
M.S.	manual of the sword
M.U.	manual of umpiring
musk.	musketry
n.	noun
N.C.O.	non-commissioned officer
N.W.	nuclear warfare
per.	person
phot.	photography
pl. (iol)	plural
P.T.	physical training
rev.	revolver
R.F.	range finder
rly.	railway
R.M.	rifle marksmanship
R.P.	range practices
SCE	seirbhísí cumarsáide agus eolais
sigs.	signals
surg.	surgical
tac.	tactical
tls.	tools
tr.	transitive
vb.	verb
vl.	verbal

# A

‘A’ Administration, Riarachán ‘A’.

ABATE *vb.* Traoithim.

ABATEMENT Lacáiste.

ABATIS Leagarnach.

ABATTOIR Seamlas.

ABBREVIATION **Authorised a’s.**,  
noda údaraithe.

ABDOMINAL **A. wound**, créacht bhoilg.

ABERRATION **Mental a.**, saochan  
céille.

ABET **Aid and a.**, cabhrú agus neartú (le).

ABEYANCE **In a.**, ar fionraí.

ABIDE **To a. by Military Law**, géilleadh  
don dlí míleata.

ABILITY Cumas, ábaltacht. **A. to group**,  
cumas grúpála.

ABLE Cumasach, ábalta. **A. sea-man**,  
mairnéalach inniúil.

ABLUTION **A. rooms**, seomraí  
ionnlaidh.

ABNORMAL Neamhghnách.

ABOARD **I go a.**, bordálaim **To go  
aboard**, dul ar bord.

ABOLISH *vb.* Díchuirim.

ABOUT Máguaird, timpeall, thart ar,  
tuairim is, faoi, mar gheall ar. **About to  
fall**, i riocht titim, ar tí titim. **The local  
district**, an ceantar máguaird.

ABOVE Os cionn.

ABRASION Scríobadh, *pl.* scríobthaí.

ABRASIVE **A. paper**, páipéar scríobach.

ABREAST **To be a.**, bheith ar bráid,  
taobh le taobh.

ABRUPT Tobann, giorraisc (*of language*).

ABCESS Neascóid, easpa.

ABSCOND Éalaím.

ABSCONDER Éalaitheoir.

ABSENCE Neamhláithreach.

**Authorised a.**, n. údaraithe. **A. from  
duty through illness without medical  
certification**, n. ó dhualgas de dheasca  
breoiteachta gan deimhniú dochtúra.  
**Illegal a...** n. neamhdhleathach. **In**

**the a. of proof to the contrary**,  
mura gcruthaítear a mhalairt. **A. of  
casualties** (*M.U.*), easpa taismeach.

**A. of fire and its effect**, easpa  
lámhaigh agus a héifeacht sin. **Period  
of a.**, tréimhse neamhláithreachta.

**Unauthorised a.**, neamhláithreach  
neamhúdaraithe. **A. without leave**, N.  
gan chead.

**ABSENT A. soldier**, saighdiúir  
neamhláithreach. **To a. himself**,  
(Duine) a fhanacht as láthair. **To be a.  
off parade**, Bheith a. l. ó pharáid

**ABSENTEE A. without leave**,  
neamhláithrí gan chead.

**ABSORB To a. a shock**, turraing a  
mhaolú.

**ABSORBED** Súite.

**ABSORBER Shock a.**, maolaire  
turrainge.

**ABSORPTION** Sú.

**ABSTRACT A. of evidence**, a  
chomaireacht fianaise.

**ABUTMENT** Teannta, *pl.* teanntaí.

**ACADEMY** Acadamh.

**ACADEMIC** Acadúil.

**ACCELERATE To a. speed**, an luas a  
ghéarú. *vb.* Luathaím, tapaím, brostaím.

**ACCELERATED** Brostaithe. **A disease  
a. by a wound**, galar a brostaíodh de  
dheasca créachta.

**ACCELERATION** Luathú.

**ACCELERATOR** Luasaire. **A. pedal**,  
troitheán luasaire.

**ACCENT** Canúint, blas.

**ACCEPTABLE** Inghlactha. **a.**

**tolerances**, Lamháltas i., **a. hazard**,  
Contúirt i.

**ACCEPTOR A. circuit**, ciorcad glactha.

**ACCESS A. to**, cead dul isteach, teacht  
air. **A. routes**, bealaí isteach.

**ACCESSIBLE** Insroichte. **In readily a.  
form**, ar féidir teacht air go heasca.

## Accessibility

**ACCESSIBILITY A. of medical installations**, insroichteacht feisteas liachta.

**ACCESSORIES** Gabhálais. **A. of car**, g. cairr (*nó gluasteáin*).

**ACCESSORY** cúlpháirtí. **A. before the fact**, cúlpháirtí roimh an ngníomh.

**ACCIDENT** Tionóisc, timpiste, taisme. **A. caused by explosion**, tionóisc ó phléascadh.

**ACCLIVITY** Uasfhána.

**ACCOMMODATION A. in public quarters**, cóiríocht i gceathrúna poiblí. **A. and Barrack Service Section**, An Rannóg Cóiríochta agus Seirbhíse Beairice.

**ACCOMPANYING A. artillery**, airtléire thionlacain. **To give a battery an a. role**, cion tionlacain a thabhairt le déanamh do bhataire.

**ACCOMPLICE** Comhchoirí. **Evidence of a's**, fianaise chomhchoirithe.

**ACCOMPLISHMENT A. of the mission**, cur i gcrích an mhisin.

**ACCORDANCE In a. with**, de réir.

**ACCOUNT Bank a.**, cuntas bainc. **'Articles in use' a.**, c. ar 'earraí in úsáid'. **'Empties' a.**, c. folmhán. **Forge and animal a.**, c. foráiste agus ainmhithe. **Fuel and light a.**, c. breosla agus solais. **Imprest a.**, c. óinchiste. **Income and expenditure a.**, c. ioncaim agus caiteachais. **Technical store a.**, c. stóir theicniúil. **Unit equipment a.**, c. trealaimh aonaid. **Wine a.**, c. fíona. **To a. for a voucher**, cuntas a thabhairt faoi dhearbhán. **Provision a.**, c. lóin.

**ACCOUNTANCY A. and administration instructions**, treoracha cuntasáiochta agus riaracháin.

**ACCOUNTING A. officer**, oifigeach cuntasáiochta. **A. Period**, tréimhse chuntasáiochta. **A. procedure**, nós imeachta cuntasáiochta.

**ACCOUTREMENT** Feisteas, *pl.* Feistis.

**ACCRUING All arrears of pension a.**

## Acquittal

**from that date**, gach riaráiste pinsin ag faibhriú ón dáta sin.

**ACCUMULATION A. of arrears**, carnadh riaráiste.

**ACCUMULATIVE An a. error of over 200 metres**, earráid charnach de bhreis ar 200 méadar.

**ACCUMULATOR (elec)** Taisc-chill, taisc-choimhlint (competition). **A. action**, oibriú taisc-chille. **A. capacity**, acmhainneacht t. **A. charge**, lucht (luchtú) t. **A. Construction**, comhdhéanamh t. **A. discharge**, díluchtú t. **A. efficiency**, éifeachtúlacht t. **A. electromotive force**, fórsa leictreaghluaiste t. **A. lead and acid**, t. aigéid is luaidhe. **A. rate of charge**, ráta luchtaithe taisc-chille.

**ACCURACY** Cruinneas. **A. of aim**, c. díríochta. **Standard of a.**, caighdeán cruinnis.

**ACCUSATION To make a false a. against a person subject to military law**, cúiseamh bréagach a dhéanamh in aghaidh duine atá faoin dlí míleata.

**ACCUSE To a. a soldier of an offence**, cion a chur i leith saighdiúra.

**ACETYLENE** Aicéitiléin.

**ACHIEVE To a. the maximum of surprise in the attack**, an t-ionsaí a dhéanamh le barr ganfhiosáiochta.

**ACHIEVEMENT** Éacht, gaisce.

**ACID** Aigéad. **Tannic a.**, a. tanach. **A. resisting**, a. díonach. **Dilute sulphuric a.**, caolaigéad ruibheach.

**ACIDITY** Aigéadacht.

**ACKNOWLEDGED** Admháilte.

**ACKNOWLEDGEMENT** Admháil, *pl.* -álacha.

**ACQUIRE A. and provide information**, eolas a fháil agus a chur ar fáil.

**ACQUIT To a. a soldier of a charge**, saighdiúir a éigiontú ó chúiseamh.

**ACQUITIAL A. on every or any charge**, éigiontú i ngach cúiseamh nó in aon chúiseamh.

**ACT** An **a.** calculated to imperil the success of the Forces, gníomh a rachadh chun dochair do na Fórsaí. **A. of sabotage**, gníomh loitiméireachta. **Defence A., 1954**, An tAcht Cosanta, 1954. **Military Service Pensions A.**, A. na bPinsean Seirbhíse Míleata. **The principal a.**, an príomhacht. **Hostile a.**, beart naimhdeach.

**ACTING A. rank**, céim ghníomhach.

**ACTION** Gníomh, beart, comhrac, oibriú. **Advance guard a.**, comhrac tulgharda. **A. at halts**, beart ar stad. **Automatic a.**, oibriú uathoibríoch. **Backward/ double/ forward/ single a. (mech.)**, oibriú ar gcúl/ dúbailte/ ar aghaidh/ singil. **Direct a. (mortar)**, o. díreach. **Belligerent a.**, beart cogáíoch. **Defensive a.**, comhrac cosantach. **Delaying a.**, c. moillitheach. **Disciplinary a.**, beart araíonachta. **Liability to disciplinary a.**, dliteanas i ngníomh araíonachta. **To take disciplinary a.**, gníomh araíonachta a chur i bhfeidhm (ar) **Encounter a.**, comhrac teagmhála. **Firing a.**, oibriú lámhaigh. **Flank guard a.**, comhrac garda cliatháin. **Going out of a.**, (*Gunna*) a dhul ó lámhach. **Immediate a.**, beart láithreach. **In a.**, i gcomhrac, bheith faoi réir (*the mortar—definitions*). **A. on firing**, oibriú ar lámhach. **A. on misfire (do.)**, beart ar loiceadh. **A. on recoil (M.G.)**, oibriú ar athchasadh. **A. of the safety catch**, oibriú an ghreamaire sábhála. **Rearguard a.**, comhrac cúlgharda. **Squeezing a.** gníomh teannta. **Trigger a.**, oibriú an truícir. **To go into a.**, dul i comhrac. **To join a.**, dul i dtreis chomhraic. **To put crew/vehicle out of action (M.U.)** Criú/feithicil a chuir as comhrac. **To remain in a.**, fanacht i gcomhrac. **Enemy a.**, beart namhad. **Direct a. fuse**, mearaidhnín. **Line**

**of a. open to the enemy**, an beart a d'fhéadfadh an namhad a dhéanamh. **A. addresses**, seoltaí gnímh. **Line of a.** modh oibre. **Precedence a.** príomhacht ghnímh. **Zone of a.** crioslach comhraic.

**ACTIVE A. defence**, cosaint ionsaitheach. **A. air defences**, aercosantaí gníomhacha. **A. List**, feidhmliosta. **A. operations**, oibriochtaí comhraic. **A. Products**, táirgí gníomhacha. **On a. service**, ar fiannas. **To take active steps**, bheith gníomhach i mbun.

**ACTIVITY Enemy a.**, gníomhaíocht an namhad. **Patrol a.**, g. phatróil.

**ACTUATING A. rod**, slat ghníomhaithe.

**ADAGE** Nath. **Simple a.**, nath simplí.

**ADAPT** *vb.* Oiriúnaím, cuirim in oiriúint.

**ADAPTABLE** Inoiriúnaithe.

**ADAPTED Section 221 of the Defence Forces (Temporary Provisions) Act, 1923 (as a. in consequence of the enactment of the Constitution)**, Alt 221 den Acht Fórsaí Cosanta (Forálacha Sealadacha), 1923, (arna oiriúnú de dhroim an Bhunreacht a achtú).

**ADAPTER** Cuibhitheoir. **A. for condenser**, cuibhitheoir do chomhdhlúthadán. **Cap for a. nipple**, caipín do shine chuibhitheora.

**ADAPTING A. ring**, fáinne cuibhithe.

**ADDED A. years (pension)**, blianta de bhreis.

**ADDENDUM** Aguisín.

**ADDITIONAL A. pay**, pá sa bhreis.

**ADDRESS Home/ postal a.**, seoladh baile/ poist. **To a. a question to the whole class**, ceist a chur chun an rang uile. **A. of prosecutor**, aitheasc an inchúisitheora. **To a. a Court-Martial**, armchúirt a aitheascadh. **The last known a. of a reservist**, an seoladh is déanaí is eol a bheith ag cúltaicair. **Action a's**, seoltaí gnímh. **A. group**, seoladhghrúpa. **Addressee**, seolaí.

## Adduce

**ADDUCE** To a. evidence, fianaise a thabhairt ar aird.

**ADEQUATE** A. supplies of technical stores, leorsholáthairtí de stórais teicniúla. A. resources of fire support, leoracmhainn de thacaíocht lámhaigh.

**ADHESION** Greamú.

**ADHESIVE** *aid.* Greamaitheach, *n.* greamán.

**ADJACENT** In aice le. A. unit, aonad cóngarach.

**ADJOINING** A. ranges, raonta tadhlacha.

**ADJOURN** To a. a court, cúirt a chur ar atráth.

**ADJOURNMENT** A. for insufficient number of officers, dul ar atráth toisc gan dóthain oifigeach a bheith i láthair.

**ADJUST** *vb.* Coigeartaím. To a. the instrument for lateral deflection, an airnéis a choigeartú le haghaidh taobhshraonachta.

**ADJUSTABLE** A. leg, cos inchoigeartaithe. A. mirror, scáthán so-athraithe.

**ADJUSTING** A. head/ screw, roithín/ scriú coigeartach. A. eye/ key, súil/ eochair ch.

**ADJUSTMENT** Fine a., mionchoigeartú. Coincidence a., coigeartú comhtheagmhasach. In (out of) a., ar (as) coigeartú. Halving a., coigeartú an leathaithe.

**ADJUTANT** Aidiúnach. A.-General, Ardaidiúnach. Deputy A.G., Leas-ardaidiúnach.

**ADMINISTER** To a. an oath/a solemn declaration, (duine) a chur faoi mhionn/faoi dhearbhuí sollúnta.

**ADMINISTRATION** Riarachán. Instructional a., r. teagaise. A. Officer/ section/ services/ staff, oifigeach/ rannóg/ seirbhísí/ foireann riaracháin. State of a. of a unit, staid riaracháin aonaid. A. of military law, riaradh dlí mhíleata.

## Advance

**ADMINISTRATIVE** A. arrangements/ boundaries, socruithe/ teorainneacha chun riaracháin. A. bases, bunáiteanna r. A. centres, Airmheáin r. For a. convenience, chun áisiúlacht r. A. instructions/vehicle, treoracha/ feithicil r. A. officer, oifigeach r. A. area, líomataíste/ limistéar r. A. installations, feistis r. A. order, ordú r. A. unit H.Q., ceanncheathrú aonad r. Trace type a. orders, orduithe r. i bhfoirm rianáiochtaí.

**ADMIRAL** Aimiréal. Rear-/Vice-A., seachaimiréal/ leasaimiréal.

**ADMIRALTY** A. charts, cairteacha aimiréaltachta.

**ADMISSIBLE** Proceedings a. in evidence, imeachtaí is inghlactha i bhfianaise.

**ADMIT** To a. a soldier to married establishment, saighdiúir a ligean ar bhunaíocht an lucht pósta. To a. in evidence, glacadh i bhfianaise. To a. to hospital, glacadh in ospidéal. To a. to the sick list, glacadh ar liosta an lucht breoite.

**ADOPT** To a. an anti-tank role (*guns*), cion fritanc a ghabháil. To a. dispositions, gabháil i gcóirithe.

**ADULTERATE** *vb.* Truaimheascaim.

**ADULTERATED** A. petrol, Peitreal truaimheascatha.

**ADVANCE** Ascnamh, luathú, tul-, cur ar aghaidh. Advance and retard, luathú agus moilliú. A. elements of a battalion, tulfheadhna cathláin. A. parties, tultuimheithe. A. guard, tultuimheithe. A. of pay and allowances, réamhíoc pá agus liúntas. Practices involving the a. of the firer, cleachtais ina mbeadh ar an lámhachóir ascnamh a dhéanamh. The a. to the objective, an t-ascnamh go dtí an sprioc. To a. arms, airm a chothromú. Arms at the a., airm cothromaithe. To a. a corporal



- in grade**, Ceannaire a chur ar aghaidh i ngrád. **To a. a private one-star to private two-star**, saighdiúir singil aon réalta a chur ar aghaidh ina shaighdiúir singil dhá réalta. **To a. by bounds/in combat order**, dul chun cinn de ráibí/in ord comhraic. **To a. (drill)**, dul ar aghaidh. **To a. the ignition**, an adhaint a luathú. **A. to contact**, asnamh go teagmháil.
- ADVANCED A. depot of medical stores**, tuliosta stóras liachta. **A. landing ground**, tulionad tuirlinge. **A. supply depot**, tuliosta soláthair. **A. weapon training**, traenáil armáin ardchéime. **A. dressing station**, tulstáisiún íocleasaithe. **A. platoon drill (direct)**, druil buíne ardhéime (*lámhach díreach*). **A. platoon drill (indirect)**, druil buíne ardhéime (*lámhach indíreach*).
- ADVANCEMENT A. in grade**, cur ar aghaidh i ngrád.
- ADVANTAGE** Buntáiste, bua, sochar. **The a. of the elongated bullet is .... is** é bua an philéir chaolfhada ná... **To direct fire to the best a.**, lámhach a stiúradh chun sochair.
- ADVENTURE** Eachtra. **A. training**, traenáil eachtraíochta.
- ADVERSE A. criticism**, léirmheas dímholta. **A. Party (evidence)**, páirtí codarsna. **A. weather conditions**, drochaimsir/ aimsir chontráilte.
- ADVERTISEMENT Recruiting a.**, fógrán earcaíochta.
- ADVICE** Comhairle. **Scientific a.**, c. eolaíoch. **Medical a.**, c. liachta.
- ADVISE To a.**, comhairle a thabhairt.
- ADVISER Legal a.**, comhairleoir dlí.
- ADVISORY To act in an a. capacity**, gníomhú i gcáil chomhairlitheach.
- ADVOCATE** Abhcóide. **Judge A./ Judge A. General**, Abhcóide/Ardabhcóide Breithiúnais.
- AERIAL Transmitting/receiving a.**, aeróg tharchurtha/ ghlacadóirachta. **A. activity/ bombing**, gníomhaíocht/ buamáil aerga. **A. coupling units (sigs)**, aonaid chúpála aeróige. **A. photography** grianghrafadóireacht aerga. **A. Survey**, suirbhéireacht ón aer. **A. Wire**, sreang aeróige. **Directional a.**, treo-aeróg. **Elevation and plan views of a.**, radharc ingearchló agus bonncló aeróg. **Frame a.**, fráma-aeróg. **Half wave aerial**, aeróg leath-thoinne. **Quarter-wave vertical a.**, aeróg ingearach cheathrú-thoinne. **Rod a.**, slataeróg. **Wire a.**, sreangaeróg.
- AEROBICS** Aeracraíocht.
- AERODROME** Aeradróm. **Casement A.**, A. Mhic Easmuinn.
- AEROENGINE** Aerinneall.
- AERONAUT** Aerloingseoir.
- AERONAUTICAL A. engineer**, aerinnealtóir. **Chief a. engineer**, príomh-aerinnealtóir.
- AEROPLANE** Eitleán. **Climbing a's**, eitleáin dreapadóireachta. **Crossing a's**, e. chrosála. **Diving a's.**, e. scuibe.
- AFFAIRS** Gnóthaí. **Dept. of Foreign A.**, An Roinn Gnóthaí Eachtracha.
- AFFECTED A. distances**, faid slí scrúdta
- AFFIDAVIT** Mionscríbhinn.
- AFFILIATED A. battery**, bataire gaolmhar.
- AFFIRM (evidence) vb.** Dearbhascaim, deimhním.
- AFFIX To a. a fuse to a bomb**, aidhnín a fheistiú ar bhuama.
- AFFRAY To be concerned in an a.**, bheith páirteach i ngráscar.
- AFLOAT** Ar snámh, ar uisce.
- AFRICAN** Afraiceach, **A. Union**, Aontas na hAfraice.
- AGE A. limit**, aoisteorainn. **Over-riding a. limit**, a. sháraitheach. **Upper a. limit**, a. uachtarach. **The a. limits prescribed**

**for the retirement of officers**, na haoisteorainneacha atá forordaithe chun oifigh a scor. **Retiring a.**, a. scoir.

**AGENCY A. for the collection of information**, gníomhaireacht bhailithe eolais. **News a.**, g. nuachta. **Intelligence a's.**, gníomhaireachtaí faisnéise.

**AGENDA** Clár oibre, réim gnóthaí.

**AGENT** Gníomhaire.

**AGGRAVATE To a. a disease**, galar a fhortromú.

**AGGRAVATED A wound a. by service**, créacht a fortromaíodh de dheasca seirbhíse.

**AGGREGATE A. service**, seirbhís chomhshuimithe. **To have attended drills which in the a. are equivalent to 7 days' training**, oiread aimsire comhshuimithe a chaitheamh ag druileáil is comhionann le seacht lá traenála.

**AGGRESSION** Fogha.

**AGGRESSIVE** Ionsaitheach, foghach.

**AGILE** Aclaí, lúfar.

**AGILITY** Aclaíocht, lúfaireacht.

**AGREE** Comhaontaím.

**AGREEMENT** Comhaontú. **The Anglo Irish Agreement**, An Comhaontú Angla-Éireannach. **Service Level A.** comhaontú leibhéal seirbhíse.

**AID A's to navigation/good shooting**, cabhracha loingseoireachta/ dea-lámhaigh. **A. to the Civil Authorities**, cuidiú don Údarás Sibhialta. **A. to the Civil Power**, cuidiú don Chumhacht Sibhialta. **To a. and abet**, cabhrú agus neartú (le). **First a.**, garchabhair. **Soldiers' A. Fund**, Ciste Cabhrach na Saighdiúirí.

**AIDE-DE-CAMP ADC to the President/Taoiseach/Chief of Staff**, ADC an Uachtaráin/an Taoisigh/ an Cheann Foirne. **The Senior ADC**, An tADC Sinsearach.

**AIDING Voluntarily a. the enemy** (*offence*), ag cabhrú leis an namhaid go saorálach.

**AIM Bullets fired with the same a.**, piléir a scaoiltear ar an díriú céanna. **Deliberate a.**, díriú fuireachair. **The regulation a.**, an d. rialta. **To a. (at)**, díriú (ar). **To bring the rifle up to a.**, an muscaed a thabhairt 'ar díriú'. **A. corrector**, an scáthán díríochta.

**AIMING A. lamp/mark**, lampa/ marc díríochta. **A. marks for harmonisation**, na marcanna d. chun comhchuibhithe. **Auxiliary a. mark**, marc d. cúnta. **Gun a. mark**, marc d. gunna. **A. off for movement/wind**, taobhdhíriú le haghaidh gluaiseachta/gaoithe. **A. position/post**, suíomh/cuaille díríochta. **A. point/rest**, pointe díríochta/leaba dhíríochta.

**AIR A. action/activity/alert**, aerchomhrac/ -ghníomhaíocht/ -airdeall. **A. attack/base/ bombardment**, aerionsaí/-bhunáit/-thuairegneáil. **A.-borne troops**, trúpaí aerbheirthe. **A. bursts**, aerphléascanna. **A. chief-marshal**, príomh-mharascal Aeir. **A.-commodore**, Aercheannasóir. **A. company, Signal Corps**, Aerchomplacht, Cór Comharthaíochta. **A. compressor trailer**, leantóir aer-chomfháscaire. **A. conditioned**, aeroiriúnaithe. **A. borne**, aerbheirthe. **A. pack**, aerphaca. **A. observation post**, aerphost breathnadóireachta. **A. situation**, aerstaid. **A. strike**, aerbhuille. **A. defence**, aerchosaint. **A. superiority**, aerbharr. **A. control team**, foireann rialaithe aeir. **A. liaison officer**, oifigeach liaison aeir. **A. liaison section**, rannóg liaison aeir. **A. transported**, aeriompartha. **A. borne assault**, lingeadh aerbheirthe. **A. borne force**, fórsa aerbheirthe. **A. borne forces' liaison officer**, oifigeach

liaison fórsaí aerbheirthe. **A. raid precautions**, réamhchúraimí in aghaidh aer-ruathar. **A. to ground strike**, aerbhuite ar thargaidí talún. **Adverse a. situation**, aerstaid dhocharach. **Favourable a. situation**, aerstaid fhabhrach. **A. corps, The**, An tAerchór. **A. channel**, aerchainéal. **A. duct**, duct aeir. **A. engine**, aerinneall. **A. inlet**, aerpholl. **A. brake**, aerchoscán. **A. cover**, aerchlúdach. **A. control centre**, airmheán rialaithe aeir. **A. defence commander**, ceannasaí aerchosanta. **A. borne operation**, oibríocht aerbheirthe. **A. mixture**, aermheascán. **A. passages**, aerphasáistí. **A. pressure**, aerbhrú. **A.-tight**, aerdhíonach. **A. port**, aerfort. **Airportable**, aer-iniompartha. **A. report**, aerthuarascáil. **A. surveillance**, aerfhaire. **A. valve**, aerchomhla. **A. landed/landing**, aerthuirlingthe / -thuirling. **A. photographic reconnaissance**, taiscéalaíocht aerghrianghrafach. **A. support signal unit**, aonad comharthaíochta aerthacaíochta. **A. parity**, aerchothroime. **A. transportable units**, aonaid aer-iniompartha. **A. Transported operation**, oibríocht aeriompraithe. **Close a. support** neastacaíocht aeir. **Forward a. controller**, tulrialaitheoir aeir. **Tactical a.-force**, aerfhórsa oirbheartaíochta. **Air burst ranging**, raonáil aermhaidhme. **A.-cooled weapon**, armán aerfhuartha. **A.-field**, aerpháirc. **A.-force**, aerfhórsa. **A.-gunner**, aerghunnadóir. **A.-line**, aerlíne. **A.-maps**, aerléarscáileanna. **A. marshal**, Aermharascal. **A. miles**, aermhílte. **A.-navigation**, aerloingseoireacht. **A. observers**, aerbhreathnadóirí. **A. photographs**, aerghrianghraif. **A. power**, aerchumhacht. **A. raid**, aer-ruathar. **A. raid casualties**, taismigh

aer-ruathair. **A. stream**, sruth aeir. **A. raid precautions**, réamhchúraimí frith-aer-ruathar. **A.R.P. exercises**, freachnaimh réamhchúramacha frith-aer-ruathar. **A.R.P. Services**, seirbhísí réamhchúramacha frith-aer-ruathar. **A. raid siren/ warden/ warning**, buinneán/ bardach/ rabhadh aer-ruathair. **A. reconnaissance/ sentries**, aerthaiscealaíocht/-fhairtheoirí. **A. space**, aerspás. **A. squadrons/ support/ umpires/ units**, aerscuadrúin/-thacaíocht/ -mholtóirí/ -aonaid. **A. Traffic**, aerthrácht. **A. Vice-Marshal**, Leas-Aermharascal. **Volume of a.**, toirt aeir. **Air defence regiment**, reisimint aerchosanta.

**AIRCRAFT** Aerárthach, *pl.* aerárthaí. **A. carrier**, iompróir aerárthach. **A. cannon fire**, lámhach canóna aerárthaigh. **Fighter a.**, aerárthach troda. **Fighter-bomber a.**, a. troidbhuaimála. **Low-flying a.**, a. ag eitilt go híseal. **A. trailer**, leantóir aerárthaigh. **Fixed wing a.**, aerárthaigh sciatháin dhobhogtha.

**AIRFRAME** **A. inventory**, fardal aerfhráma

**AIRMAN** Eitleoir. **A'ship**, eitleoireacht.

**AIRPORT** Aerfort.

**AIRSHIP** Aerlong.

**AIRSPACE** Aerspás.

**AIRSTRIP** Aerscríog, aerstíall.

**AIRTIGHT** **A. drum**, drum a aerdhíonach. **A. fit**, feistiú a.

**ALARM** Gáir, rabhadh. **The a. blast**, an gháirfhead. **A. call**, gáirghlaoch. **Fire/ gas a.**, gáir dhóiteáin/gháis. **A. system**, gáirchóras. **To a. the Guard**, an gháir a thabhairt ar an nGarda. **Report calculated to cause a. or despondency among the Forces**, luadráil a bhéarfadh scaoll nó drochmhisneach ar na Fórsaí. **Toxic a. system**, an gháirchóras tocsaineach. **To sound the a.**, an gháir a shéideadh.

## Alcohol

**ALCOHOL** Alcól.  
**ALCOHOLIC A. drink**, deoch mheisciúil.  
**ALERT A. on his post**, san airdeall ar a phost. **To a. troops**, trúpaí a chur san a. **To wear a respirator in the a. position**, aerscagaire a chaitheamh ar a.  
**ALERTNESS** Airdeall, beogacht. **Mental a.**, beogacht intinne.  
**ALIBI** Ailibí.  
**ALIDADE** Aladáid.  
**ALIGN To a. sights on target**, na treoracha a ailíniú ar thargaid.  
**ALIGNMENT** Ailíniú. **Automatic a. of sights**, treoracha a ailíniú go nádúrtha.  
**ALKALI** Alcaile.  
**ALL A. after**, gach rud tar éis. **A. before**, gach rud roimh. **A. clear**, baol thart. **A. correct**, gach ní ina cheart. **A. arms**, na harmghéaga uile. **A. ranks**, na céimnigh uile. **To sound the all clear**, an baol thart a shéideadh.  
**ALLEGATION** Liamhain, g. -e.. *iol.* -tí.  
**ALLEGE** *vb.* Liamhnaim.  
**ALLEGIANCE To bear true faith and a. (to)**, fiordhílseacht agus géillsine a thabhairt (do).  
**ALLERGY** Ailéirge.  
**ALLEY** Scabhat.  
**ALLIANCE** Comhaontas.  
**ALLIED A. territory**, críocha comhghuaillithe.  
**ALLIES** Comhghuaillithe.  
**ALLOCATE I a. the work**, dáilim an obair.  
**ALLOCATED** Dáilithe.  
**ALLOCATION** Dáileadh. **A. of resources**, d. acmhainní.  
**ALLOT To a. a sum voluntarily from his pay**, suim as a phá a leithroinnt go saorálach.  
**ALLOTMENT Compulsory a. from soldier's pay**, leithroinnt éigeanta as pá saighdiúra. **Marriage a.**, l. phósta. **A. of small arms ammunition**, l. ar

## Alteration

lónlámaigh mionarm. **Voluntary a.**, l. shaorálach.  
**ALLOWANCE** Liúntas, coibhéis. **Cash a. in lieu of civilian suit**, liúntas airgid in ionad culaithe sibhialta. **Children's a.**, liúntas leanaí. **Consolidated ration a.**, l. comhdhlúite ciondála. **Civilian clothing a.**, l. éadaigh sibhialta. **Commuted a.**, l. iomalairtithe. **Contingent a.**, l. teagmhásach. **Dependant's a.**, l. cleithiúnaí. **Guardian's a.**, l. Caomhnóra. **An a. payable to a guardian**, l. is iníoctha le caomhnóir. **Lodging, fuel and light a.**, l. lóistín, breosla agus solais. **Marriage a.**, l. pósta. **Ration a.**, l. ciondála. **Safety a. (firing)**, coibhéis sábhála. **Subsistence a.**, l. cothaithe. **Uniform a.**, l. éide. **Wind a. (musk.)**, coibhéis na gaoithe. **Head-wind a.**, c. gaoithe cinn. **Side-wind a.**, c. taobhghaoithe.  
**ALLOY** Cóimhiotal. **Nickel a.**, c. nicile.  
**ALL-ROUND A. defence/field of view/ protection**, imchosaint/ imréimse radhairc/ imchaomhaint. **Best a. battalion**, an cathlán is fearr san iomlán. **A. traverse platform (gun)**, léibheann imchasta (*gunna*).  
**ALLY** Comhghuaillí.  
**ALMOND** Almóinn. **Ground a's**, almóinní meilte.  
**ALPHA A. particle**, cáithnín alpha. **A. emitting particles**, Cáithníní ag cur amach a.  
**ALPHABET** Aibítír.  
**ALTER To a. a foresight into the error**, tultreoir a athrú i leith na hearráide. **To a. sights for lateral deflection**, na treoracha a athrú le haghaidh taobhshraonachta.  
**ALTERATION An a. in elevation/ point of situ**, athrú ardaís/ ar an bpointe díríochta. **A. for direction (mortar)**, athrú le haghaidh treo. **Structural a's**, athruithe déanamhais. **S. a's to naval craft**, a. d. árthaigh chabhlaigh.

## Alternate

**ALTERNATE** Rogha, malairt, gach re seal, iomthánach. ailtéarnach. **A. angle**, uillinn ailtéarnach.

**ALTERNATING A. Current**, sruth ailtéarnach. **A. c. average value**, meánluach srutha ailtéarnaigh. **A. c. (voltage) frequency**, minicíocht srutha (voltais) a. **A. c. circuit**, ciorcad srutha a. **A. c. c. resonant**, ciorcad athshonda srutha a. **A. c. c. parallel**, ciorcad comhthreormhar srutha a. **A. c. c. series**, ciorcad sraitheach srutha a. **A. c. generator (alternator)**, gineadóir (*ailtéarnoír*) srutha a. **A. c. motor**, mótar srutha a. **A. c. instantaneous value**, tobluach srutha a. **A. c. single phase**, sruth ailtéarnach aon phas. **A. c. three phase**, sruth a. trí phas. **A. c. transformer**, claochladán srutha ailtéarnaigh.

**ALTERNATIVE A. positions/ sites**, suímh/ láithreáin mhalairte. **A. rates of married pensions**, rátaí malairte pinsean pósta A's, roghanna.

**ALTIMETER** Airdemhéadar.

**ALTITUDE** Airde.

**ALUMINIUM A. holder**, coimeádaire alúmanaim. **A. foil centre**, lár de scragall alúmanach.

**AMALGAMATE To a. messes**, bialanna a chónascadh.

**AMANDE (M.S.)** Almóinn.

**AMBASSADOR** Ambasadóir.

**AMBIGUITY** Athbhrí, débhríocht.

**AMBIGUOUS** Athbhríoch, débhríoch.

**AMBITION** Glóirmhian, ardmhian, uailmhian.

**AMBITIOUS** Uaillmhianach.

**AMBULANCE** Otharcharr. **Motor a.**, otharmhótar. **A. routes/ services**, bealaí/ seirbhísí otharcharr. **A. train**, otharthraein. **Field a.**, otharcharr machaire. **A. convoy**, conbhua otharcharr. **A. post**, post otharcharr.

## Ammunition

**AMBUSH** Luíochán, *vb.* l. a dhéanamh ar. **To lie in a. for**, dul i l. ar. **To set an a. for**, l. a chur roimh.

**AMENABILITY A. of accused**, freagracht an chúisí.

**AMENDING A. order**, ordú leasaitheach.

**AMENDMENT A. to paragraph 1**, leasú ar mhír 1. **A. to Defence Force Regulations/War Establishments**, l. ar Rialacháin Óglaigh na hÉireann/ na Bunaíochtaí Cogaidh.

**AMMETER** Aimpmhéadar. **A. calibration**, cailibríú aimpmhéadair (a. a chailibríú). **Aerial a.**, a. aeróige. **Hot-wire a.**, a. teoshreinge. **Moving coil a.**, a. luailchora. **Moving iron a.**, a. iarainn ghluaiste. **Thermo a.**, teirmea-a.

**AMMONAL** Amónal.

**AMMONIUM** Amóiniam. **A. chloride**, clóiríd móiniam.

**AMMUNITION** Lónlámhaigh. **5.56mm a.**, l. 5.56 milliméadar. **Anti-tank a.**, l. fritanc. **Armour-piercing a.**, l. pollta armúir. **Ball a.**, l. Beo. **Blank a.**, l. balbh. **A. carrier**, iompróir lónlámhaigh. **A. depot**, iosta l. **A. dump**, cúil l. **Full-bore a.**, lónlámhaigh lánchró. **Heavy/ light/ live a.**, l. trom/ éadrom/ beo. **A. Loader**, lódálai lónlámhaigh. **A. lorry**, leoraí l. **Miniature a.**, mion-lónlámhaigh. **A. numbers (on a gun)** uimhreacha lónlámhaigh. **A. pouch**, pocóid l. **Practice a.**, lónlámhaigh cleachta. **A. railhead**. railcheann lónlámhaigh. **A. record book**, leabhar taifid l. **A. refilling point**, pointe athlonta l. **A. repair factory**, monarcha dheisiúcháin l. **A. section**, gasra l. **Service a.**, lónlámhaigh seirbhíse. **Small arms a.**, l. mionarm. **A. stores**, stórais lónlámhaigh. **A. subdepot**, fo-iosta l. **A. supply**, soláthar l. **Tracer a.**, rian-lónlámhaigh. **A. point**, pointe l. **Dummy a.**, l. bréige. **Drill a.**, l. druile.

**AMPERE** Aimpéar. **A.-hour**, aimpéaruair. **A.-h. capacity**, acmhainneacht aimpéaruair.

**AMNESTY** Ollphardún.

**AMPHIBIAN** **A. aircraft/tank**, aerárthach/tanc débheathach.

**AMPHIBIOUS** **A. operation**, oibríocht débheathach.

**AMPLIFICATION** Aimpliú, ollmhéadú. **Sound a. apparatus**, goireas ollmhéadaithe fuaimhe.

**AMPLIFIER** Ollmhéadaitheoir, aimplitheoir.

**AMPLIFY** *vb.* Aimplím, oillmhéadaím. **To a. high frequency current**, sruth ardmhínicíochta a ollmhéadú.

**AMPLIFYING** **A. circuit**, ciorcad ollmhéadaitheach.

**AMPLITUDE** Ollmhéid, aimplitiúid.

**AMPUTATION** Teascadh (géige).

**AMUSEMENT** **A's committee**, coiste siamsaí. **Indoor a's committee**, coiste na siamsaí tí.

**ANALYSIS** Anailís. **Cost benefit a.**, anailís chostsochair.

**ANALYST** Anailísí.

**ANATOMY** Corpshanas, anatomaíocht.

**ANCHOR** *vb.* Ancairim. *n.* ancaire. **To cast downstream/ upstream a's**, ancairí a scaoileadh le sruth/in aghaidh srutha.

**ANCHORAGE** **A. of Bantry Bay/ Lough Swilly**, ancaireacht Chuan Bheantraí/ Loch Súilí.

**ANCHOVY** Ainseabhaí.

**ANCILLARY** Fo-ghabhálach *or fo-only as a prefix according to text.* **A. equipment**, trealamh cúnta. raiméadar anaróide.

**ANGLE** Uillinn. **Acute a.**, géaruillinn. **Alternate a.**, u. ailtéarnach. **Apex a.**, buaicuillinn. **Base a.**, bonnuillinn. **Battery a.**, u. bhataire. **A. of concentration**, u. chomhchruinnithe. **Constant a.**, u. thairismheach. **A.**

**of convergency**, u. inréimneachta. **Deflection a's**, uillinneacha sraonaidh. **A. of depression**, uillinn íslithe. **A. of descent**, u. thuirlingthe. **A. of deviation from zero**, u. dhiaill ó nialas. **A. of displacement**, u. asáitithe. **A. of distribution**, u. imdhála. **A. of elevation**, u. ardaís. **A. of fire**, u. lámhaigh. **A. of impact**, u. turrainge. **A. of incidence**, u. theagmhasachta. **A. in minutes**, u. i nóiméid. **Negative a.**, u. dhiúltach. **Oblique a. of the body**, sceabha-u. an choirp. **Obtuse a.**, maoluillinn. **Positive a.**, u. dhearfach. **A. of projection**, u. tharlaicthe. **Quadrant a.**, u. cheathramháin. **Reflex a.**, u. athfhillte. **Right a.**, dronuillinn. **Rounds of a's**, uillinntimpill. **Safety a. for flanking/ overhead fire**, u. shábhála do lámhach cliathántachta/lasnairde. **Modified safety a.**, u. shábhála modhnaithe. **12 seconds of a.**, 12 shoicind d'uillinn. **A. of sight**, u. radhairc. **A. of s. drum**, drumma uillinn radhairc. **The a. subtended by the base-length (R.F.)**, an u. a ghabhann leis an mbonnfhad. **The a. which the tangent to the trajectory makes with the line of sight**, an u. a dhéanann tadhlaí an rothaig agus an líne radhairc. **A. of switch**, u. aistrithe. **A. of tangent elevation**, an u. tadhallardais. **Tangent a.**, tadhalluillinn. **True a's**, fíoruillinneacha. **Vertical a.**, ingearuillinn.

**ANGLED** **Acute a.**, Géaruilleach.

**ANGLE-IRON** Iarann uilleach.

**ANGULAR** **A. range of the instrument**, raon uilleach na hairnéise. **A. width of fire ball**, leithead uilleach na liathróide tine.

**ANKLE** Murnán, rúitín.

**ANNEAL** Ainéalaim, ainéaladh.

**ANNEX** **A. to Operation Order**, Aguisín le hOrdú Oibríochta.



**ANNIVERSARY** Cuimhniú bliana, lá cuimhne, cothrom an lae.

**ANNOTATED A. photograph,** grianghraf le nótaí.

**ANNUAL** Bliantúil. **A. confidential report,** tuarascáil iontaobhach bhliantúil. **A. personal weapons test,** tástáil bhliantúil armáin phearsanta.

**ANNUL** To a. **a regulation,** rialachán a chealú.

**ANNULAR** **A. rings,** gásfháinní.

**ANODE** Anóid. **A. circuit,** ciorcad anóide. **A. Current,** sruth anóide. **A. resistance,** friotaíocht anóide. **A. resistor,** friotaí anóide. **Tuned a. circuit,** ciorcad anóide tiúnta.

**ANSWERABLE** Freagrach. **A. for,** f. as.

**ANTE-DATE** To a. **a sentence of detention,** pianbhreith choinneála a réamhdhátú.

**ANTE-ROOM** Forsheomra, eardhamh.

**ANTHEM** The National A., An tAmhrán Náisiúnta.

**ANTHRAX** Antrasc.

**ANTI-AIRCRAFT** **A. artillery,** airtléire fhrith-aerárthach. **A. battery,** bataire f. **Fixed a. regimental cadre,** caidre cónaitheach reisiminte fhrith-aerárthach. **A. defence,** cosaint fhrith-aerárthach. **A. defences,** córacha cosanta f. **A. fire,** lámhach f. **A. gun,** gunna f. **A. gunner,** gunnadóir f. **Light A. gun,** gunna éadrom f. **Medium A. gun,** meánghunna f. **A. practices,** cleachtais f. **A. protection of battery position,** caomhnú f. do shuíomh bataire. **A. ring sight telescope,** teileascóp fáinnethreorach f. **A. searchlight,** solas cuardaigh f. **A. searchlight detachment/ section,** díorma/ gasra solais chuardaigh fhrith-aerárthach. **A. units,** aonaid fhrith-aerárthacha. **A. operations room,** seomra oibríochtaí fhrith-aerárthach. **Heavy a.,** fhrith-

aerárthach trom. **Medium a.,** fhrith-aerárthach meánach. **Light a.,** fhrith-aerárthach éadrom.

**ANTI-ARMoured** **A. fighting vehicle obstacles,** constaicí feithiclí fhritharmúrtha troda.

**ANTICIPATORY** **A. fire order,** lámhachordú oirchilleach.

**ANTI-CLOCKWISE** Tuathal.

**ANTI-CORROSIVE** **A. Paint,** Péint fhrithchreimneach.

**ANTI-DIM** Leafaos friteimhleach.

**ANTI-FREEZE** Frithreo.

**ANTI-FRICTION** Frithchuimilt. **A. washer,** leicneán fhrithchuimilte.

**ANTI-GAS** Frithgháis (*aid.*). **A. clothing,** éadach f. **A. eye shields,** clipéid f. **Light a. capes,** cábaí éadroma f. **A. ointment,** uinimint fhrithgháis.

**ANTI-KNOCK** Frithchnag.

**ANTI-LOG** Frithlog.

**ANTIMONY** Antamón.

**ANTI-PARACHUTIST** **A. protection,** caomhnú fhrithpharaisiútaíthe.

**ANTI-PERSONNEL** Frithphearsanra (*aid.*).

**ANTISEPTIC** **A. gauze,** uige fhrithmhorgach.

**ANTI-SUBMARINE** Frith-fhomuireán.

**ANTI-TANK** **A. defence/ devices/ guns/ mines/ obstacles/ plan/ rifle/ weapons,** cosaint/ áiseanna/ gunnaí/ mianaigh/ constací/ plean/ muscaed/ armáin/ fritanc. **A. role of guns,** cion na ngunnaí f. **A. man/ officer/ rifleman/ unit,** fear/ oifigeach/ muscaedaire/ aonad fritanc.

**ANTITOXIN** Fritocsain, frithnimh.

**ANVIL** Inneoin.

**ANXIETY** His condition gives no cause for a., ní gá aon imní i dtaobh a reachta.

**APERTURE** Cró. **A. Backsight,** cró-chúltreoir. **Floating a.,** cró snámhach.

**APEX** **A. of chevron/tent,** buaic rachtáin /phubail. **A. Angle,** buaicuillinn.

**APPARATUS** Gaireas. **Fire-fighting a.**, g. múchta dóiteáin. **Sights illuminating a.**, g. soilsithe teoracha.

**APPARENT** Follasach. **The greater the a. range**, dá fhad an raon follasach.

**APPEAL** Mealladh, achomharc (*dlí*). **To a. to the senses**, na céadfaí a mhealladh.

**APPEARANCE** Dress having the a. of uniform, culaith i gcosúlacht éide. **A. method**, meas ó dhealramh.

**APPENDIX A. 'A' to these Regulations**, aguisín 'A' leis na Rialacháin seo.

**APPLE** Úll. **Baked a's**, úlla rósta. **Desert/eating a.**, úll milis. **A. sauce/ tart**, anlann/ toirtín úll. **A. charlotte**, úllóg.

**APPLIANCES** Fearais. **Fire-fighting a.**, f. mhúchta dóiteáin. **Portable cooking a.**, f. chócaireachta iniompartha.

**APPLICANT** Iarratasóir.

**APPLICATION** **A. for adjournment**, iarratas ar athráthú. **A. for Board of Survey**, i. ar Bhord Suirbhéireachta. **'A' has made a. for the Forces**, tá iarratas istigh ag 'A' ar na Fórsaí. **an a. for continuance in service**, iarratas ar fhanacht ar seirbhís. **A. for Court-Martial/ trial**, i. ar Armchúirt/ thriail. **A. of punishments**, pionóis a chur i bhfeidhm. **On the a. of a soldier**, ar iarratas saighdiúra. **A medal awarded on a. made before the 1st January, 2004**, bonn a dámhadh de dhroim iarratais a rinneadh roimh an lú Eanáir, 2004. **A. of fire**, feidhmiú lámhaigh. **A. practice**, cleachtas feidhmlámhaigh. **A. target**, targaid feidhmlámhaigh.

**APPLIED** **A. quickly**, curtha air go tapaidh.

**APPLY** **To a. a bandage**, bindealán a chur le (*créacht*). **To a. for pension**, iarratas a dhéanamh ar phinsean. **To a. the safety catch**, an greamaire sábhála a chur i gcion. **Section 6 shall a. in respect of pensions under this section**,

beidh feidhm ag Alt 6 maidir le pinsin faoin alt seo. **To a. fire to a target**, lámhach a chur ar thargaid. **To a. the centre of the group to the aiming mark**, lár an ghrúpa a chur ar an marc díríochta.

**APPOINT** **To a. a person to commissioned rank**, duine a cheapadh chun céime coimisiúnta.

**APPOINTED** **At the a. time**, ar an am ceaptha.

**APPOINTMENT** Ceapachán, coinne.

**A. to cadetship**, ceapachán do dhaltas. **Staff a's**, ceapacháin foirne.

**A. titles**, teidil cheapachán. **Comdt.**

**'A' blocks a.**, coisceann Cft. 'A' an ceapachán. **Comdt 'A' ceases to block a.**, scoireann Cft 'A' de chosc an cheapacháin. **Blocking of a.**, cosc ceapacháin. **To have an appointment with someone**, coinne a bheith agat le duine.

**Blocking of a.**, cosc ceapacháin. **To have an appointment with someone**, coinne a bheith agat le duine.

**Blocking of a.**, cosc ceapacháin. **To have an appointment with someone**, coinne a bheith agat le duine.

**APPORTION** *vb*. Cionroinnim.

**APPREHEND** Gabhaim.

**APPRENTICE** **Air Corps a's**, printísigh Aerchóir. **A. mechanic**, printíseach meicneoireachta. **A. Pilot**, p. piolótaíochta.

**APPROACH** **The a. to the enemy/ the starting point**, an tárrachtain ar an namhaid/ ar an bpointe tosaithe. **Immediate a's to a port**, garthárrachtana poirt. **Covered a's**, tárrachtana clúdaithe. **Probable line of enemy a.**, An bealach is dócha a ngabhadh an namhaid. **To a. an objective**, tárrachtain ar sprioc. **A. trench**, trinse tárrachtana.

**APPROPRIATE** Cuí, oiriúnach iomchuí, leithreasú. **To a. money**, airgead a leithreasú. **The a. letter**, an litir chuí. **The a. scale/ tests**, an scála/ na tástálacha iomchuí.

**APPROVAL** Ceadú, meas, formheas, dea-mheas, **Final a. of recruit**,



formheas críochnaitheach earcaigh.  
**The a. of the prescribed military authority**, formheas an údaráis mhíleata fhorordaithe. **With the a. of the prescribed military authority**, le ceadú an údaráis mhíleata fhorordaithe.  
**APPROVE** *vb.* Measaim gur ceart (*cóir*)..., dea-mheasaim.  
**APPROVED** Formheasta. **A. civil hospital**, ospidéal sibhialta formheasta. **Final a. plan**, plean formheasta críochnaitheach. **A. officer**, oifigeach formheasa.  
**APPROXIMATE** Cóngarach, neasgar, **A. line of departure/ resistance**, an neaslíne imeachta friotaíochta. **The degrees are only a. (*musk.*)**, níl na céimeanna cruinn ar fad. **A. estimate**, garmheastachán.  
**APRICOT** Aibreog. **A. jam**, subh aibreoige.  
**APTITUDE** **A. for military life**, luí leis an saol míleata.  
**AQUEDUCT** Uiscerian.  
**ARABIC** **A. numerals**, uimhreacha arabacha.  
**ARABLE** **A. land**, talamh arúil, talamh curaíochta.  
**ARBITRARY** Saorthoilteanach, toiliúil. **A. defensive fire tasks**, tascanna toiliúla lámhaigh chosanta.  
**ARBOUR HILL** **A. H. Detention Barracks**, Beairic Choinneála Chnoc an Earbair.  
**ARC** Stua. **Elevating a.**, S. ardaithe. **A. of fire**, S. lámhaigh. **Near limit of a.**, Neasteorainn s. **Traversing a.**, S. trasnála. **Elevation a.**, S. ardais.  
**ARCH** Stua, áirse. **A. of bridge**, Súil droichid. **Clock tower a.**, Stua túr cloig.  
**ARCHITECT** Ailtire.  
**ARCHITECTURE** Ailtireacht.  
**ARCHIVES** **Military a.**, Screaptra míleata (documents). An Chartlann Mhíleata (sub-section).

**ARCING** **A. of brushes**, Scuabspréachadh (spréachadh na scuab).  
**ARCLAMP** Arclampa.  
**AREA** Líomatáiste, limistéar. **A. adjutant**, Aidiúnach líomatáiste. **Assistant a. a.**, A. l. cúnta. **Army combat a.**, l. armchomhraic. **A. commander**, ceannasaí l. **A. communications officer**, oifigeach cumarsáide l. **A. covered by enemy fire**, l. atá clúdaithe le lámhach naimhdeach. **Curragh a.**, l. an Churraigh. **A. of Curragh Training Camp**, l. Champa Traenála an Churraigh. **A. of the Eastern/Southern/ Western Brigade**, l. Bhriogáid an Oirthir/ Deiscirt/ Iarthair. **Danger a.**, l. dainséir. **Defined a.**, l. sainmhínithe. **Detrucking a.**, l. díthrucnaíochta. **A. of dispersion of artillery fire**, l. easraidh lámhaigh airtléire. **Eastern a.**, l. an Oirthir. **A. engineer officer**, oifigeach innealtóirí l. **Entrucking a.**, l. trucnaíochta. **Forward a.**, tul-l. **Gassed a.**, l. faoi ghás. **Gun a.**, l. gunna. **A. headquarters**, ceanncheathrú l. **A. intelligence officer**, oifigeach faisnéise l. **Assistant a. i. o.**, o. f. l. cúnta. **A. or line occupied by enemy**, an l. nó an líne i seilbh an namhad. **A. medical officer**, oifigeach liachta l. **A. officer**, oifigeach l. **A. Officers i/c records**, oifigh líomatáistí i bhfeighil taifead. **A. quartermaster**, ceathrúnach líomatáiste. **Assistant a. q.**, c. l. cúnta. **Rear a.**, cúl l. **A. records officer**, oifigeach taifead l. **Rest a's (M.U.)** líomatáistí scithe. **Section a.**, líomatáiste gasra. **Southern a.**, l. an Deiscirt. **A. staff**, foireann l. **Staging a's (M.B.R.)**, ionaid cheann réime. **A. to be avoided/ gassed/covered by our own fire**, an l. atá le seachaint/ gású/clúdach lenár lámhach féin.

## Arm

**Target a.**, l. targaide. **A. training and operations officer**, oifigeach traenála agus oibríochtaí l. **assistant a. t. and o. o.**, o. t. agus o. l. cúnta. **A. Transport officer** oifigeach iompair l. **Western a.**, l. an Iarthair. **A. Targets (mortar)**, targaidí l. **Assault a.**, líomatáiste lingthe. **Bivouac a.**, l. biobháigí. **Built up a.**, l. faoi fhoirgnimh. **Evacuation a.**, l. aslonnaithe. **Cross-sectional a.**, l. Crosteasctha. **Administrative a.**, l. riaracháin. **Harbour a.**, l. dídine. **Lodgement a.**, l. lonnaithe. **Maintenance a.**, l. cothabhála. **Neutral a.**, l. neodrach. **Reception a.**, l. glactha. **Scheduled a.**, l. sceidealta. **Seaward defence a.**, l. cosanta chun na farraige. **Surface a.**, fairsinge dromchla.

**ARM All a's**, na harmghéaga uile.

**Artillery/ infantry a.**, an armghéag airtléire/ choisithe. **Combatant a.**, armghéag chomhraic. **Co-operating a's**, armghéaga comhoibrithe. **Deflection a.**, géag shraonachta. **Small a's**, mionairm. **Small-bore a's**, airm mhionchró. **Our own supporting a's**, ár n-armghéaga tacaíochta féin. **Feed a.**, an chothghéag. **Rotor a.**, rótarghéag.

**ARMAMENT** armáil. **A. artificer/ instructor/ officer**, saor/ teagascóir/ oifigeach armála.

**ARMATURE** Armatúr. **A. construction**, comhdhéanamh armatúir. **A. current**, sruth armatúir. **A. losses**, cailteanais armatúir. **A. mounting**, seastán armatúir.

**ARMED A. conflict/ party**, coimhlint/ meitheal armtha. **Unit not a. with the bayonet**, aonad nach bhfuil armtha leis an mbeaignit.

**ARMISTICE** Armstad, sos cogaidh.

**ARMLET** Buinne.

**ARMORY** School of A., An Scoil Armadóireachta.

**ARMOUR** Armúr. **A. piercing shell**, sliogán pollta armúir. **A. plate**, armúrphláta.

## Arrangement

**ARMoured A.** Car/squadron, carr/ scuadrún armúrtha. **A. fighting vehicle**, feithicil armúrtha troda. **A. cavalry squadron**, scuadrún marcra armúrtha.

**ARMOURER** Armadóir. **Battalion a.**, a. cathláin. **A. sergeant**, sairsint armadóireachta.

**ARMPIT** Ascaill.

**ARMY Irish Citizen A.**, Arm Cathartha na hÉireann. **Regular A.**, Na Buanóglagh. **A. Athletic Association**, Cumann Lúthchleas an Airm. **A. Council**, Comhairle an Airm. **The A. Ordnance Corps**, Cór Ordanáis an Airm. **The A. Medical Corps**, Cór Liachta an Airm. **A. Ammunition depot**, Iosta lónlámhaigh an Airm. **A. Apprentice School**, Scoil Phrintíseach an A. **A. Benevolent Fund**, Ciste Daoncharadais an A. **A. book**, leabhar a. **A. Canteen Board**, Bord Cheaintín an A. **A. form**, foirm a. **A. Headquarters**, Ceanntheathrú an A. **A. Hearing Loss Section**, An Rannóg um Chaillteanas Éisteachta san Arm. **A. mechanical transport depot**, iosta iompair mheicniúil a. **A. medical depot**, iosta liachta a. **A. Nursing Service**, Seirbhís Altranais an A. **A. Order**, Ordú A. **A. ordnance depot**, iosta ordanáis a. **A. petrol depot**, iosta peitрил a. **A. photographic interpretation section**, rannóg idirmhínithe ghrianghraf a. **A. photographic interpretation unit**, aonad idirmhínithe ghrianghraf a. **A. post-office**, postóifig a. **A. Reserve**, Cúltaca an Airm. **A. School of Cookery**, Scoil Chócaireacht an A. **A. School of Music**, Scoil Cheoil an A. **A. School of Physical Culture**, Scoil Chorpfhreachair an a. **A. signal depot**, iosta comharthaíochta airm. **A. storage depots**, iostaí stórála a.

**ARRAIGNMENT A. of accused**, díotchúiseamh an chúisí.

**ARRANGEMENT** Socrú.

**ARREARS** **A. of pay**, riaráiste pá. **To pay monthly in a.**, íoc in aghaidh na míosa iar-ré.

**ARREST** **A. of haemorrhage**, fuiliú a chosc. **Artificial a. of h.**, f. a chosc go saorga. **Natural a. of h.**, stad na fola uaithi féin. **Close a.**, dlúthghabháil. **Lawfully ordering into a.**, ordú go dleathach (duine) a ghabháil. **Open a.**, saorghabháil. **To place under a.**, cur faoi ghabháil.

**ARRIVAL** **A. off detachment**, filleadh ó bheith ar dícheangal.

**ARRIVE** **To a. at a decision**, teacht ar bhreith.

**ARROGANT** mustrach.

**ARROW** saighead. **Luminous a.** (*compass*), s. shoilseach. **A. head**, rinnsaighde, ceannsaighe.

**ARSENAL** Armlann.

**ART** **A. of war**, ealaín an chogaidh

**ARTERIAL** **A. haemorrhage**, fuiliú artaireach.

**ARTERY** **Brachial a.**, artaire an bhraic. **Carotid a.**, a. an mhuiníl. **Femoral a.**, a. na leise. **Subclavian a.**, an t-a. faoin dealrachán. **Temporal a.**, a. uisinne.

**ARTICHOKE** Blíosán. **Jerusalem a.**, b. gréine.

**ARTICLE** **A. of store**, earra stórais.

**ARTICULATED** **A. vehicle**, feithicil altach.

**ARTIFICER** **Engine-room a.**, saor inneallseomra. **Chief e.r.a.**, An príomhshaor i.

**ARTIFICIAL** **A. aids**, cabhracha saorga. **A. harbour**, cuan s. **A. limb**, géag sh. **A. representation of battle conditions**, cúrsaí catha a eiseamlú go s. **To impose a. delays on the action of troops**, moill a chur go saorga ar bhearta trúpaí.

**ARTILLERY** Airtléire. **A. barracks**, beairic a. **A. battery**, Bataire a. **A.b. umpire**, moltóir bataire a. **Coast defence a.**, a. cosanta cósta. **A.**

**commander**, ceannasaí a. **A. concentrations**, comhchruinnithe a. **A. fire**, lámhach a. **Heavy/ light/ medium/ super-heavy a.**, a. throm/ éadrom/ mheánach/ shárthrom. **A. man**, fear a. **A. observation posts**, poist bhreathnadóireachta a. **A. piece**, ball a. **A. Regiment**, Reisimint **A. A. School**, Scoil **A. A. support**, tacaíocht a. **A. umpires**, moltóirí a. **A. Corps**, Cór Airtléire. **Field a.**, airtléire mhachaire. **A. preparation**, ullmhúchán airtléire.

**ARTISAN** Ceardaí.

**ARTISTIC** Ealaíonta, deismir.

**As a. on and from the 6th inst.**, amhail ar agus ón 6ú inst. **A. from 20<sup>th</sup> Dec. 2003**, amhail ón 20 Nollaig, 2003.

**ASBESTOS** Aispeist. **A. packing**, pacáil aispeiste.

**ASDIC** **A. mechanic**, meicneoir astic.

**ASPECT** Gné. **Every a. of the question**, gach gné den cheist. **Time a's**, gnéithe ama.

**ASPARAGUS** lus súch, asparagas. **A. soup**, anraith lus súch.

**ASPHALT** Asfalt.

**ASSASSIN** Feallmharfóir.

**ASSAULT** **To a.**, lingeadh a dhéanamh. **A. company/ course**, complacht/ cúrsa lingthe. **Bayonet a.**, lingeadh beaignite. **A. crossing**, trasnú lingthe. **A. echelon**, eisliún lingthe. **A. engineer vehicle**, feithicil lingthe innealtóirí. **A. formations**, eagair lingthe. **A. position**, suíomh lingthe. **A. unit**, aonad lingthe. **A. wave(s)**, tonn(ta) lingthe. **Frontal a.**, tul-lingeadh.

**ASSAULTING** **A. troops**, trúpaí lingthe.

**ASSEMBLE** **To a. a gun**, gunna a chóimeáil (*chur le chéile*), **To a. a section**, gasra a thionól.

**ASSEMBLY** **A. area/ point**, líomataíste/ pointe tionóil.

**ASSESS** **To a. the value of an article**, luach earra a mheasúnú.

**ASSESSED A. values**, luachanna measúnaithe.

**ASSESSMENT A. of ability/ military conduct**, measúnacht ar ábaltacht/ iompar míleata. **A. of casualties**, measúnú ar thaismigh.

**ASSESSOR** Measúnóir.

**ASSETS** Mess a., sócmhainní bialainne.

**ASSIGN To a. functions to a Committee**, feidhmeanna a shannadh do choiste.

**ASSIGNMENT A. of pension**, pinsean a shannadh. **A's (men)**, sannaíochtaí.

**ASSIST To a. the enemy with supplies (offence)**, cúnamh soláthairtí a thabhairt don namhaid.

**ASSISTANT Battery commander's a.**, cúntóir ceannasaí bataire. **A. adjutant**, aidíúnach cúnata. **A. Chief of Staff**, Ceann Foirne Cúnata.

**ASSOCIATE A. member**, seach-chomhalta.

**ASSOCIATED** gaolmhar. **A. features**, gnéithe gaolmhara.

**ASSOCIATION Army Athletic A.**, Cumann Lúthchleas an Airm. **Permanent Defence Force Other Ranks Representative A. (PDFORRA)**, Cumann Ionadaíochta Chéimnigh Eile na mBuan-Óglach. **Representative Association for Commissioned Officers (RACO)**, Cumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnta.

**ASSUME To a. the appointment of Acting Camp Commandant**, dul i seilbh ceapacháin Cheannfoirt Gníomhaigh Champa. **To a. the defensive**, dul ar cosaint. **To a. the position of the 'carry' (M.S.)**, claimhte a chur 'ar iompar'. **To a. command**, ceannas a ghlacadh.

**ASSUMING I am a. control**, táim ag rialú anois.

**ASSUMPTION** Basic a., bunbharúil, toimhde.

**ASTERISK** Réiltín.

**ASTIGMATIC A. glasses**, gloini aistiogmatacha.

**ASTIGMATISER** Aistiogmataire.

**ASTRIDE** Scartha ar, ar scaradh ar. **A. the river**, scartha ar an abhainn nó ar scaradh ar an abhainn. **Astride a horse**, gabhalscartha ar chapall.

**ASTRONOMER** Réalteolaí.

**ASTRONOMY** Réalteolaíocht. **Elementary a.**, r. bhunchéime.

**ASYLUM** Gealtlann (*hosp*), tearmann (*refuge*).

**ATHLETE** Lúithnire, lúthchleasaí.

**ATHLETICS** Lúthchleasa.

**ATMOSPHERE** Atmaisféar.

**ATLAS** Atlas.

**ATMOSPHERIC A. conditions**, coinníollacha atmaisféaracha. **A. pressure**, brú atmaisféarach.

**ATOM** Adamh.

**ATOMIC** Adamhach. **A. Bomb/ nucleus / number/ particle/ structure/ pile/ warfare**, buama/ eithne/ uimhir/ cáithnín/ comhdhéanamh / carn/ cogáíocht a.

**ATOMIZE** *vb.* Adamháim. **To a. the petrol**, an peitreal a ghalú.

**ATROCITY** Ainghníomh.

**ATTACH To a. an officer to a unit**, oifigeach a cheangal le haonad.

**ATTACHÉ Military A.**, Attaché Míleata. **A. case**, síneáinín láimhe.

**ATTACHED A. to his nearest section**, ar ceangal leis an ngasra is gaire dhó. **A. strength**, líon ar ceangal.

**ATTACHMENT** Ceangal, nascán. **A. of troops to other units**, trúpaí a cheangal le haonaid eile. **A. on probation**, ar ceangal faoi phromhadh. **On a.**, ar c. **Muzzle a.**, béalnascán.

**ATTACK** *vb.* Ionsaim, ionsaí. **Artillery in a.**, airtléire ar ionsaí. **Combined a.**, comhionsaí. **Concentrated a.**, i. comhchruinnithe. **Converging a.**,

i. inréimneach. **Feint a.**, i. bréige. **Flank a.**, i. cliatháin. **Frontal a.**, tulationsaí. **Gas a.**, gásionsaí. **Ground a.**, i. talún. **Holding a.**, i. coinnithe. **A. in force**, i. faoi neart. **A. is the best form of defence**, ní cosaint go hí. (*An slua ná saigheann, saightear*) **Low-flying a.**, aerionsaí íseal. **Main a.**, príomhionsaí. **Out-flanking a.**, i. scoite cliatháin. **Surprise a.**, i. gan choinne/gan fhiosaíochta. **Sustained a.**, i. marthanach. **Time and direction of a.**, am agus treo an ionsaí. **Well-timed a.**, i. tráthúil. **To drive home the a.**, an t-í. a chur i gcion. **To a. a position**, suíomh a i. (*i. a thabhairt faoi shuíomh*). **Deliberate a.** i. fuireachair. **Formations in the a.**, eagar san í. **Ground a. sweep**, sciobionsaí talún. **Left flanking a.**, i. cléchliathánach. **Local ground a.**, i. áitiúil talún. **Phased a.**, i. i gcoraí/ céimeanna. **Phases of the a.**, coraí/ céimeanna an i. **Quick a.**, i. tapaidh. **Secondary a.**, i. tánaisteach. **Set-piece a.**, i. riartha. **Toxic a.**, i. tocsaineach.

**ATTACKER** Ionsaitheoir.

**ATTACKING A. forces**, fórsaí ionsaithe.

**ATTAIN To a. an objective**, sprioc a shroicheadh.

**ATTEMPT To a. to cause a mutiny (offence)**, féachaint le frithcheilg a tharraingt.

**ATTENDANCE To be in a. (C.M.)**, bheith ag freastal. **60% a. at local training**, 60% den traenáil áitiúil a fhreastal.

**ATTENDANT** Freastalaí.

**ATTENTION Position of a.**, suíomh ar aire. **To secure the a. of the men (instruction)**, aire na bhfear a tharraingt (*ar*). **To come to a.**, teacht ar aire. **A. from the stand-at-ease (M.S.)**, gabháil ó sheasamh ar áis go seasamh ar aire. **A. from the sit-at-ease (M.S.)**, gabháil

ó shuí ar áis go suí ar aire. **A. to detail**, aire do mhionphointí. **To spring to a.**, seasamh ar aire de phreib.

**ATTENUATE. Vb.** Tanaím, caolaím, maolaím. **A.-ing factors**, tosca maolaithe.

**ATTENUATION** Caolú.

**ATTEST vb.** Fianaím.

**ATTESTATION A. Form, Foirm** Fianaithe. **A. officer/ paper**, oifigeach/páipéar fianaithe. **Original a.**, fianú bunaidh.

**ATTESTOR** Fianaí.

**ATTITUDE** Riail iompair, dearcadh. **Attitudinal study**, staidéar dearcadh.

**ATTORNEY** Aturnae. **A.-General**, Ard-Aighne.

**ATTRACT vb.** Tarraingím.

**ATTRACTION** Tarraingt. **Local magnetic a. (compass)**, tarraingt adhmainteach áitiúil. **Force of a.**, fórsa na tarraingthe.

**ATTRIBUTABILITY The a. of a disease to service**, a mhéad atá galar inchurtha i leith seirbhíse. **The a. of the aggravation of a wound to service**, a mhéad atá fortromú créachta inchurtha i leith seirbhíse.

**ATTRIBUTABLE A disease a. to service**, galar is inchurtha i leith seirbhíse.

**ATTRITION War of a.**, cogadh tnáite.

**AUDACIOUS** Mínáireach.

**AUDACITY** Mínáire.

**AUDIO** Inchloiste. **A.-frequency** minicíocht inchloiste. **A.-frequency amplification**, aimplíú minicíochta i. **A.-frequency amplifier**, aimplitheoir minicíochta i. **A.-frequency power output**, eischumhacht minicíochta i. **A.-frequency transformer**, claochladán minicíochta i. **A. frequency waves**, tonnta minicíochta i.

**AUDIOVISUAL A. unit**, aonad closamhairc.

**AUDIT A. of accounts**, cuntais a iniúchadh. **Quarterly a.**, iniúchadh ráithiúil.

**AUDITOR** Iniúcháir.

**AUGER** Tarathar. **A. hole charge**, lánán poill tarathair.

**AUSPICES Under Army a.**, faoi choimirce an Airm.

**AUTHENTIC** Údarásach, fíor, barántúil.

**AUTHENTICATE** *vb.* Fíordheimhním, fíordheimhniú, fíordheimhniúthe.

**AUTHOR** Údar.

**AUTHORISATION A's and limitations**, údaráis agus teorainneacha.

**AUTHORISED A. Officer/ saluting station**, oifigeach/ stáisiún cúirtéise údaraithe.

**AUTHORITATIVE** Údarásach.

**AUTHORITY The a. authorised by regulations**, an t-údarás a údaraítear le Rialacháin. **Civil a.**, údarás sibhialta. **Committing/ confirming/ convening/ discharging a..**, ú. cimíochta/ daingniúcháin/ comórtha/ urscaoilte. **The a. confirming the findings and sentence of a Court-Martial**, an t-ú a dhaingníonn cinnte agus pianbhreith Armchúirte. **The delegating/ recruiting/ requisitioning a.**, an t-ú. tarmligin/ earcaíochta/ foréilimh. **Competent prescribed military a.**, ú. míleata inniúil/ forordaithe. **Local a.**, ú. áitiúil.

**AUTO-ALARM** Uathrabhadh, uathgháir

**AUTOMATIC** *n and adj.* Uathoibríoch. **A. alignment of sights**, treoracha a ailíniú go nádúrtha.

**AUTOMATICALLY** Go huathoibríoch.

**AUTOMATION** Uathoibríú.

**AUTO-TRANSFORMER** Uathchlaochladán.

**AUXILIARY A. defence services**, seirbhísí cosanta cúntacha.

**AVAILABLE To be a. for duty**, bheith ar fáil chun dualgais.

**AVENUE** Bealach. **A's of approach**, bealaí tarrachtana.

**AVERAGE (rating)** Meánach. **A. decay**, meánmheath. **A. value**, meánluach.

**Above a.**, os meán. **Below a.**, faoi mheán. **Unit a. (judging distance)**, meánmheastachán aonaid.

**AVIATION** Eitlíocht.

**AVIATOR** Eitleoir. **A. Prisoners**, príosúnaigh eitlíochta.

**AVOIDANCE** Seachaint.

**AWAIT To a. further orders**, fanacht go bhfaighfear tuilleadh orduithe.

**AWARD** Dámhachtain, *g. agus iol.* dámhachtana. **To a. casualties (M.U.)**, (*Trúpaí*) a fhógairt ina dtaismigh. **Summary a. (M.L.)**, pionós achomair. **To a. a fine/ penalty/ reprimand/ warning**, fineáil/ pionós/ iomardú/ rabhadh a ghearradh (*ar*). **To a. pension/ stars/ an increment of pay**, Pinsean/ réaltaí/ breisiócht phá a dhámhachtain (*vb. dámhaim*). **A's in respect of service**, dámhachtana i leith seirbhíse.

**AWKWARD** Ciotach, liobarnach.

**AWL** Meana, *p1.* meanaí.

**AXE** Tua. **Felling/ hand a.**, t. crann/ láimhe. **Pickaxe**, piocóid.

**AXIAL A. route**, bealach aise.

**AXIS A. of displacement**, ais asáitithe. **A. of signal communication**, a. chumarsáide chomharthaíochta. **A. of the barrel**, a. an bhairille. **A. pin**, fearsaid. **A. of advance**, a. an ascnaimh. **A. of crankshaft**, fearsaid na crangaide. **Prolongation of the a. of the barrel**, fadú ar ais an bhairille.

**AXLE** Acastóir. **A. Housing**, cumhdach acastóra. **A. Shaft**, fearsaid acastóra. **Auxiliary a.**, acastóir cunta. **Dead a.**, a. daingean. **Driving a.**, a. tiománta. **Rear a.**, cúlacastóir.

**AZIMUTH True a.**, fíorasamat.



# B

**BACK B. pressure**, cúlbrú. **B. of sword**, cúl claímh. **B. bearing**, treo-uillinn ar gcúl. **The back lift** (*of wounded*), an dromthógáil. **B. electromotive force**, cúlfhórsa leictreaghluaisite.

**BACKFIRE** Cúlortadh, *vb. intr.* cúlortann.

**BACKGROUND** Cúlra. **Protective b.**, C. caomhnaitheach.

**BACKLASH** Cúl-lascadh.

**BACKLOADING** Cúl-lódáil. **B. point**, pointe cúl-lódála.

**BACK-PAY** Riaráistí pá.

**BACKSIGHT** Cúltreoir. **Aperture b.**, cróchúltreoir. **B. bed**, leaba chúlreorach. **B. bed cross pin**, crosbhiorán leaba ch. **B. complete**, cúlreoir chomhlán. **B. crown/drum**, coróin chúlreorach, druma cúlreorach. **B. fine adjustment worm wheel**, piastroth mionchoigeartaithe c. **B. leaf/protectors/ramps/slide**, Cláirín/gardaí/ fánáin/ sleamhnán c. **B. slide catch**, greamaire sleamhnán c.

**BACKWARD** Siar, ar gcúl, mall, spadánta. **B. men** (*instruction*), Mallfhoghlaimeoirí. **B. motion**, cúlghluaiseacht (*gluaiseacht ar gcúl*).

**BACTERIA** (*pl. of bacterium*) Baictéir, frídíní.

**BACTERIOLOGY** Baictéareolaíocht.

**BAD B. conditions**, droch-choinníollacha.

**BADGE** Suaitheantas. **Cap/ collar b.**, s.caipín/ cába. **Corps b.**, córshuaitheantas. **B. holder**, sealbhóir suaitheantais. **Marksman's b.**, s. aimsitheora.

**BADMINTON** Badmantan.

**BAD-TEMPERED** Taodach, crosta, cancrach.

**BAFFLE** Coscphláta. cuirim amú, cuirim i dteannta, cuirim dallach dubh ar, millim faoi (*phlean*).

**BAGGAGE** Bagáiste. **B. lorry**, leoraí b.

**BAIL To b. out (aircraft)**, Toirléim, *vb.* toirléimim, taoscain, taomaim (bád).

**BAILER (water)**, Taoscaire.

**BAILEY B. Light House**, Teach Solais Seinscire.

**BAILEY BRIDGE** Droichead Bailey.

**BAKER** Báicéir.

**BAKERY** BÁCús.

**BAKING** BÁCáil.

**BALANCE Spring b.**, Ainsiléad. **To**

**b. an account**, cuntas a chothromú.

**B. in bank**, fuilleach sa bhanc. **B.**

**weight**, meáchan cothromaíochta. **B.**

**wheel**, roth cothromaíochta. **Point of**

**b.**, pointe cothromaíochta. **B. sheet**,

bileog cothromaíochta. **The b. step**,

an choiscéim cothromaíochta. **Exactly**

**b's**, a chothromaíonn go cruinn.

**BALANCED Electrically b. state**, staid chothrom leictreachais.

**BALL B. joint**, Úllalt. **B. and socket joint**, Alt úll is slocáin. **B. ammunition**, lónlámhaigh beo. **Locking b**, liathróid ghlasála. **Safety b's**, liathróidí sábhála.

**BALLAST** Ballasta.

**BALL BEARING** Tual gráinneach.

**BALL-COCK** Coca liathróide.

**BALLISTIC MISSILE** Diuracán balaistíochta.

**BALLISTICS** Balaistíocht.

**BALLISTITE** Balaistít. **B. grenade cartridge**, cartús balaistít gránáide.

**BALLOON** Balún. **Hot air B.**, b d'aer te. **Observation b.**, b. breathnadóireachta.

**BALL-RACE** Gránlann.

**BALL-VALVE** Comhla liathróide.

**BAND** Bianna, banda, banna. **Inner b.**, banda inmheánach. **Inner b. screw**, scriú banda inmheánaigh. **Inner b. screw spring**, tuailm scriú banda i.

**Lower b.**, banda íochtarach. **Outer b.**,

## Bandage

b. forimeallach. **Outer b. groove**, eitre bh. forimealaigh. **Side-b.** (*sigs*), taobhbhanda. **Army Band**, armbhanna.

**BANDAGE** Bindealán, buadán. **To b. a limb**, b. a chur le géag.

**BANDSMAN** Bannadóir.

**BANDSPREAD** Bannaleitheadh.

**BANK** Banc, bruach, port, claonadh (*sciathán eitleáin*). **B. reconciliation statement**, ráiteas réiteachta bainc. **B. of river**, bruach abhann. **B. group**, bruachghrúpa. **B. loading**, lódáil ón mbruach.

**BANNER** Suaithne, bratach, meirge

**BANTAM WEIGHT** Coileachmheáchan. **B. winner/ runner-up**, buaiteoir/neasach an chomórtais choileachmheáchain.

**BAR Horizontal b's**, barraí cothrománacha. **Parallel b's**, b. comhthreomhara. **B. bender**, Gléas lúbtha b. **Locking b.**, barra glasála. **B. to the medal**, b. leis an mbonn. **A b. to summary proceedings**, urchosc ar imeachtaí achoimre. **Triple b.**, barra triarach.

**BARBED B. wire**, sreang dheilgneach. **B.w. entanglement**, tranglam de shreanga deilgneacha.

**BARBER** Bearbóir.

**BARBITURATES** Barbatúrátí.

**BARE** Nocht, lom. **B. skin**, craiceann nocht.

**BARGE** Báirse, birling.

**BARN** Scioból.

**BARMBRACK** Bairín breac.

**BAROMETER** Baraiméadar.

**BARRACK** Beairic. **B. Company**, complacht beairice. **B. detention rooms**, seomraí coinneála beairice. **B. officer**, oifigeach b. **B. orderly officer/ sergeant**, oifigeach/ sáirsint sealaíochta b. **B. room**, Seomra b.

**BARRACKS** Dún. **McKee Barracks**, Dún Mhic Aoidh.

**BARRAGE** Baráiste. **Anti-aircraft**

## Base

**b.**, b. frith-aerárthach. **Artillery b.**, b. airtléire. **Balloon b.**, b. balún. **Box b.**, b. bosca. **Creeping b.**, b. snácála. **Defensive b.**, b. cosantach. **Flanking b.**, b. cliathánachta. **B. lines**, línte b. **Moving b.**, b. gluaiسته. **Oblique b.**, b. sceabhabharáiste. **Offensive b.**, b. ionsaitheach. **Protective b.**, b. caomhnaitheach. **Rolling b.**, b. rothlaidh. **Standing b.**, buanbharáiste. **To lift a b.**, b. a thógáil.

**BARREL** Bairille. **B. Band/ bearing/ bushing/ casing**, banda/ tual/ braicille/ cásáil b. **B. catch**, greamaire b. **B. c. screw**, scríú greamaire b. **B. c. spring**, tuaim greamaire b. **B. c. spring screw**, scríú do thuaim greamaire b. **B. guide**, treoraí b. **Front b. casing guide**, t. tulchásáil b. **Heated b.**, b. téite. **B. mouthpiece**, snong b. **Oily b.**, b. olach. **Projections in the b.**, starráin sa bh. **B. test**, tástáil bh. **Threaded b.**, b. snáite. **B. trunnion block**, bloc truíniún b. **Wood-bound b.**, b. docht.

**BARRICADE Street b.**, Baracáid sráide.

**BARRIER Road/river b.**, Bac bóthair/ abhann.

**BASCULE B. bridge**, droichead líongála.

**BASE** Bonn, bunáit. **B. of the guard** (*M.S.*), bonn an gharda. **B.-length**, bonnfhad. **B.-line**, bonnlíne. **Naval b.**, bunáit chabhlaigh. **B.-plate**, bonnphláta. **B.-p. sockets**, logaill bhonnphláta. **B.-ring**, bonnfháinne. **Administrative b's**, bunáiteanna riaracháin. **Saluting b.**, bunáit chúirtéise. **To b. requisitions on minimum requirements**, foréilimh a bhunú ar íosmhéid riachtanas. **Air B.**, aerbhunáit. **B. ammunition depot**, iosta lónlámhaigh bunáite. **B. depot**, iosta bunáite. **B. metal**, miotal neamhlómhar. **B. surge**, bonnbhorradh. **B. transfusion unit**, aonad tarmreith bunáite. **B. workshop**, ceardlann bhunáite. **Home b.**, bunáit bhaile.



## Based

**Logistics Base Hospital**, An tOspidéal Bunáit Lóistíochta.  
**BASED B. on facts**, bunaithe ar fhirinní, ar fhíorais.  
**BASEMENT** Íoslach.  
**BASHFUL** Cotúil.  
**BASIC** Bunúsach. **B. compensation/ course/ lessons**, bunchúiteamh/ bunchúrsa/ buncheachtanna. **B. pouch**, bunphocóid. **B. load**, bunualach. **B. technique**, bun-teicníocht. **B. line of communication**, bunlíne chumarsáide. **B. element (pensions)**, bunchuid. **B. units**, bunaonaid.  
**BASICALLY** Go bunúsach.  
**BASIN (M.R.)** Abhantrach.  
**BASIN** Báisín, mias.  
**BASIS** Bun, bonn, dúshraith.  
**BASKET BALL** Cispheil.  
**BATCH B. of ammunition**, lucht lónlámhaigh.  
**BATH** Folcadh, ionnladh.  
**BATHS** Folcadáin.  
**BATMAN** Giolla oifigigh.  
**BATON** Bata, maide, smachtín, smíste (*truncheon*).  
**BATTALION** Cathlán. **B. adjutant**, aidiúnach cathlán. **B. aid post**, cabhairphost c. **B. appointments**, ceapacháin ch. **B. commander**, ceannasaí c. **B. command post**, post ceannais c. **B. communications officer**, oifigeach cumarsáide c. **Composite b.**, cathlán cumaisc. **Demonstration b.**, c. léiriúochta. **B. exercises**, freachnaimh chathlái. **B. formations**, eagair ch. **B. headquarters**, ceanncheathrú ch. **B. intelligence officer**, oifigeach faisnéise c. **B. or regimental intelligence officer**, oifigeach faisnéise c. nó reisiminte. **B. medical officer**, oifigeach liachta c. **B. O/C.**, oifigeach i gceannas C. **B. observation post**, post breathnadóireachta c. **B. quartermaster**, ceathrúnach c.

## Battlements

**Assistant B.Q.**, ceathrúnach cúnta cathlái. **B. quartermaster-sergeant**, ceathrúsháirsint cathlái. **B. reserve line**, líne chúltaca chathlái. **B. staff**, toireann ch. **B. tactics**, oirbheartaíocht ch. **B. training officer**, oifigeach traenála cathlái.  
**BATTER** *vb. tr.* Réabaim, tuairgním.  
**BATTERING-RAM** Reithe cogaidh.  
**BATTERY** Ceallra (*elec.*), bataire (*arty.*). **B. adjutant**, aidiúnach bataire. **B. area**, líomatáiste b. **B. of artillery**, b. airtléire. **B. Commander**, ceannasaí b. **B. guns**, gunnaí b. **B. headquarters**, ceanncheathrú bh. **B. holder**, gabhdán ceallra. **B. leader**, cinnire bataire.  
**Assistant b. l.**, c. cúnta b. **Medium anti-aircraft b.**, meánbhataire frithaerárthach. **B. position**, suíomh bataire. **B. quartermaster**, ceathrúnach b. **B. quartermaster-sergeant**, ceathrúsháirsint b. **B. sergeant**, sáirsint b. **B. case**, cas ceallra. **B. charging plant**, gléasra luchtaithe ceallra. **B. charging attendant**, freastalaí gléasra luchtaithe c. **B. charging room**, seomra luchtaithe c. **B. lid or cover**, claibín nó clúdach ceallra. **B. test**, ceallrathástáil. **B. terminals**, losa ceallra. **Field artillery b.**, bataire airtléire machaire. **High/low tension b.**, ceallra ard/íseal teannais.  
**BATTLE** Cath. **B. -axe**, tua chatha. **B. discipline**, catharaíonacht. **B. dress**, cathéide. **B. field**, machaire catha. **B. inoculation**, cathchruachan. **B. craft**, ceardchatha. **B.-cry**, gáir chatha. **Battle group**, Cathghrúpa. **EU battlegroups**, cathghrúpaí de chuid an AE. **B. message board**, clár teachtaireachtaí catha. **B. reconnaissance**, Taiscéalaíocht chatha. **B. worthiness**, inniúlacht chun catha. **B. drill**, druil chatha. **Pitched b.**, cath cóirithe.  
**BATTLEMENTS** Táibhle, forbhalla.

**BATTLESHIP** Cathlong.  
**BAY** Bá, *pl.* báanna. **Firing/ priming/ throwing/ waiting b.**, b. lámhaigh/ prímeála/ teilgin/ feithimh.  
**BAYONET** Beaignit. **B. boss**, cabhradh beaignite. **B. man**, fear b. **B. stop**, bac b. **B. training**, traenáil bh. **B. assault**, lingeadh b. **B. charge**, séirse b. **Point of b.**, dias de bheaignit.  
**BEACH B.-head/ line**, trácheann/ tráline.  
**BEACH LANDING** dul ar thrá. **B. I. craft**, ártach dul ar thrá.  
**BEACON** Rabhchán, teannáil.  
**BEAM** Léas (*solas*), sail (*adhmaid*), ga. **B. compass**, béimchompás.  
**BEAN** Pónaire. **Broad b.**, p. leathan. **French b.**, p. fhrancach.  
**BEAR To b. ‘A’ on the strength of a unit**, ‘A’ a bhreith ar líon aonaid. **To b. arms**, airm a bhreith. **To b. swords at the carry/ reverse**, claimhte a choimeád ar iompar/ ar aisiompú. **B. crawl**, lámhacán beithre.  
**BEARER The b. has permission.**, tá cead ag an seachadóir. **B. party**, meitheal iompair. **Road b’s**, iompróirí bóthair. **Stretcher b.**, sínteánaí.  
**BEARING** Treo-uillinn (*M.R.*), tual (*mech.*), iompar, imeacht. **Ball b’s**, tuail ghráinneacha. **A line b. 35° true from the airport**, treo-uillinn i líne 35° dílis ón aerfort. **Back b.**, treo-uillinn ar gcúl. **Compass b.**, treo-uillinn chompáis. **Ground has an important b. on fire effect**, tá dlúthbhaint ag cruth na talún le lámhachéifeacht. **Forward b.**, treo-uillinn ar aghaidh. **Grid/ magnetic b.**, t. ghreille/ adhmainteach. **Map b.**, t. léarscáile. **B. receiving dial**, diail ghlacadóireachta treo-uillinne. **Soldierly b.**, imeacht saighdiúrtha. **The b. of point “P” is 120°**, 120 céim treo-uillinn an phointe “P.” **To take a bearing**, t. a thógail. **Stretcher bearing**, iompar sínteán. **Back**

(*forward*) **b. method**, modh na treo-uilline ar gcúl (*ar aghaidh*). **B. surface**, dromchla iompair. **B. thrust**, imthaca sáite.

**BEAT To patrol a b.**, bheith ar stádar. **To b. the time (drill)**, an t-am a bhualadh.

**BEATEN B. zone**, an crioslach buailte. **B. zone of shrapnel shell burst**, c. b. ó mhaidhm shliogán sreapnail. **Restricted b. z.**, c. b. cúng. **Overlapping b. z’s**, crioslaigh bhuailte forluiteacha.

**BED (of river; sea etc.)** grinneall.

**BEDDING** Leapachas.

**BEDSTEAD** Stoc leapa, **Iron b.**, leaba iarainn.

**BEECH B. tree**, Crann feá, fáibhile.

**Copper beech**, fáibhile rua. **B.-grove**, doire feá.

**BEEF** Mairteoil. **Roast b.**, m. rósta.

**Braised b.**, m. ghalstofa. **Chilled b.**, m. fhuaraithe. **Corned b.**, m. shailte/ leasaithe. **B. -steak**, stéig mhairteola.

**BEGRUDGE I begrudge your...**, maím do...

**BEHALF An officer authorised in that b.**, oifigeach atá údaraithe chuige sin.

**BEHAVIOUR B. unbecoming the character of an officer**, iompar nach cuí do charachtar oifigh.

**BEHIND To be b. cover**, bheith ar chúl clúide. **To put weight b. the throw (G. T.)**, meáchan a chur leis an teilgean.

**BELEAGUER** Imshuim, léigear a dhéanamh.

**BELL** Clog. **B. crank lever**, luamhán uilleach, luamhán cromáin. **B. tremble**, cloigín creatha.

**BELLIGERENCY** Cogaíochas.

**BELLIGERENT** *n. and adj.* Cogaíoch.

**BELT** Crios. **B. buckle**, búcla creasa.

**Feed b.**, cothchrios. **B. frog (M.S.)**, bradán creasa. **B. of fire of all arms**, crios lámhaigh armghéag uile. **B. repairing tool**, uirlis deisithe chreasa.

**Tag end of b.**, lámhghreim c. **Spaced b's**, criosanna spásáilte. **B. of fire**, crios lámhaigh. **B. fed**, crioschothaithe. **It is b. fed**, is le crios a chothaítear é. **Demolition b.**, c. scartála. **Subsidiary b.**, fochrios.

**BENCHMARK** Marc airde.

**BENCHMARKING Public Service B.M. Body** (*pay review*), comhlacht tagarmharcála na Seirbhíse Poiblí.

**BENEFICIALLY** Go fóinteach, tairbheach, sochrach. **A person b. entitled to receive a gratuity**, duine atá i dteideal go tairbheach chun aisce a fháil.

**BENEFICIARY** Tairbhí.

**BENEFIT Sickness or disablement b.**, sochar breoiteachta nó míchumais.

**BENEVOLENT** Daonchairdiúil. **Army B. Fund**, Ciste Daoncharadais Airm.

**BENT** Eag (*mech*). claonadh, lúbtha. **He has a bent for...**, tá claonadh aige le... **B. of sear and firing pin**, eag an tsabháin agus an bhuailteáin. **The full/half b. of cocking-piece**, lán/ leath e. na tinneallmhíre.

**BERET** Bairéad.

**BERTH** Leaba loinge.

**BERTHING** (*vessels*) Calú.

**BETA B. particles**, cáithníní beta. **B. burns**, dónna b. **B. radiation**, radaíocht b. **B. window**, fuinneog b.

**BEVEL** Beibheal. **B. gear**, gear beibhealta. **B. wheel**, roth beibhealta.

**BEVELLED B. edge**, faobhar beibhealta, fiarfhaobhar. **The b. portion of the stem**, an chuid beibhealta den lorga.

**BEYOND** **Bullets that fall b. the target**, piléir a thiteann lastall den targaid.

**BIG B.-end**, leathan. **B.-end bearing**, imthaca an leathain.

**BILATERAL** déthaobhach.

**BILINGUAL** Dátheangach. **B. document**, doiciméad dátheangach. **B. forms**, foirmeacha dátheangacha.

**BILLET Isolated b.**, Billéad ar leithlis. **B's**, Billéid. **To b. troops (on)**, trúpaí a choinmheadh (ar).

**BILLETING** Cur ar coinmheadh. **B. accommodation**, cóiríocht choinmhídh. **Compulsory b.**, coinmheadh éigeanta. **B. officer/ parties/ requisition**, oifigeach/ meithleacha/ foréileamh coinmhídh.

**BILLIARD B. room**, seomra billéardaí. **B. cue**, cleathóg billéardaí.

**BIN** Gabhdán.

**BINDING A condition b. on an applicant**, coinníoll atá ina cheangal ar iarratasóir.

**BINNACLE** Bosca compáis.

**BINOCULAR** Déshúileach. **B. attachment**, Nascán déshúiligh.

**BIOLOGICAL B. Warfare**, cogaíocht bhitheolaíoch. **B. Effects**, éifeachtaí bitheolaíocha.

**BIPLANE** Déphlána.

**BIPOD** Déchosach. **B. head cover**, clúdach ceann déchosaigh. **B. joint**, alt d. **B. legs**, cosa d. **B. level**, leibhéal d. **B. mounting buffer spring**, tuaiml adarghabhálaí seastán d. **B. sleeve**, muinchille dh.

**BIRCH** Beith. **B. tree**, crann beithe. **Silver b.**, beith gheal.

**BIRTH** Breith. **B. certificate**, teastas breithe.

**BISCUIT** Briosca.

**BISECT** *vb.* Déroinnim.

**BISECTION** Déroinnt. **B. Point**, pointe déroinnte. **Power of b. of the eye** (*R.F.*), cumas déroinnte na súile.

**BISECTOR** Déroinnteoír.

**BIT** Greim, blúire (*beatha*), piosa, giota (*páipéir*). **Bridle b.**, béalbhach. **Reversible b.**, b. iniompaithé. **Snaffle b.**, b. féasraí.

**BITUMEN** Biotúman.

**BIVALVE** Déchomhla.

**BIVOUAC** Biobháig, *pl.* -áigí. **B'ing**,

## Black

biobháigíocht. **B. area**, líomataíste biobháigí. **To go into b.**, dul ar biobháig.

**BLACK** Dubh.

**BLACKGUARD** Bligeard, scabhaitéir, smuilcín, rifíneach.

**BLACKOUT** (*lights etc.*) Lándorchú.

**BLACK-PUDDING** Putóg dhubh. .

**BLACKSMITH** Gabha (*dubh*).

**BLACKTHORN** Draighean.

**BLADE** Lann (*Scine, cláimh, rásúir; duilleoige*) **B. Centre** (*M.S.*) lár lainne. **B. Screw**, Scriú l. **B. foresight**, tultreoir l. **Foresight b.**, lann tultreorach.

**BLAND** Séimh, plásánta.

**BLANK** (*Amn.*) Balbh (*lónlámhaigh*) **B. file**, treas folamh. **B. map**, léarscáil bhán. **B. sky screen**, spéirscaileán folamh.

**BLANKET** Pluid. **Moving smoke b.**, néal deataigh gluaste.

**BLAST** Fead (*feadóige*), séideadh, siorradh, bloc (*stoic*). **B. effect of shell**, éifeacht séidte sliogáin. **B. marks**, loirg shéideáin. **B. proof**, pléascdhíonach. **B. reflection**, frithchaitheamh séidte. **B. wave**, séidtonn. **The rally b.**, an fhead athchruinnithe. **Positive b. phase**, tréimhse an tséidte dheimhnigh. **Short cautionary whistle b.**, gearrhead rabhaidh. **Steam b.**, séideán gaile. **The alarm b.**, an gháirfhead. **Muzzle b.**, béalséideán. **Sand b'ed**, gaineamhchóirithe.

**BLAZE** Lasair.

**BLAZER** Bléasar.

**BLEACH** **B. paste**, leafaos tuartha.

**BLEACHED** **B. cotton gauze**, uige cadáis tuartha.

**BLEAK** Sceirdiúil, feidheartha, diolba, rite.

**BLEEDING** Fuiliú, cur fola. **Internal b.**, f. inmheánach. **B. point of wound**, pointe fuilithe créachta.

**BLIND** Dall, dalladh, dallán, caoch, caochóg. **To b. enemy**

## Blue

**fire/ observation**, Lámhach/ breathnadóireacht an namhad a dhalladh. **B. grenade**, caochóg ghránaide.

**BLINDFOLD** 1. Dallbheart. 2. *vb. Tr.* cuirim dallóg, púicín ar duine.

**BLISTER** Clog, balscóid. **B. gas**, gás balscóideach. **B. gas group**, grúpa gás balscóideach. **It blisters**, clogann sé.

**BLOCK** Bloc, cosc. **Administrative b.**, b. riaracháin. **Bearing b.**, b. imthaca. **B. capitals**, ceannlitreacha bloic. **Gas b.** (*LMG*), gásbhloc. **Jamming b.**, bloc pulcailthe. **Rebound b.**, b. athphreibe. **Road b.**, b. bóthair. **Triple socket b.**, bloc trí shlocán. **Feed b.**, cothbhloc. **B. timing**, bloctráthú. **Brake b.**, b. coscáin. **Four cylinder b.**, b. ceithre shorcóir. **Comdt. 'A' blocks appointment**, coisceann Cft. 'A' an ceapachán. **Comdt. 'A' ceases to block appointment**, scoireann Cft. 'A' do chosc an cheapacháin. **Blocking of an appointment**, cosc ceapacháin.

**BLOCKADE** Imdhruidim, imshúil.

**BLOCKHOUSE** Dúnán.

**BLOOD** **B. donation**, fuildeonadh. **B. donor**, deontóir fola. **B. group**, fuilghrúpa. **B. poisoning**, fuilnimhiú. **B. test**, tástáil fola. **B. vessel**, fuileadán. **B. -shed**, fuildoirteadh. **B. transfusion**, tairmreith fola.

**BLOODY** Fuilteach. **B. battle**, árchath.

**BLOW-BACK** Cúl séideadh.

**BLOW-BY** Éalú.

**BLOW-HOLE** Poll séidte.

**BLOW-LAMP** Séidlampá.

**BLOW-OUT** Eisídeadh.

**BLOW-PIPE** Séidphíopa.

**BLUDGEON** *vb. tr.* Súisteáilim, tuairgním.

**BLUE** Gorm. **B'prints**, gormchlónna. **Dark b.**, gorm dorcha. **Light b.**, bánghorm. **Navy b.**, dúghorm. **Sky b.**, spéirghorm. **B. grey**, liathghorm.

## Bluff

**B.-winged spear**, craoiseach ghormsciathánach.  
**BLUFF** (*M.R.*) Leathail.  
**BLUFFING** Cluanaíocht, cur i gcéill.  
**BLUNT** Maol, (*of pers.*) giorraisc.  
**BLURRED** Doiléirithe. **To become b.** (*aiming mark*), dul i ndoiléire.  
**BOARD Army Canteen B.**, Bord Cheaintín an Airm. **Audit b.**, b. iniúchta. **B. of assessors**, b. measúnoírí. **Examination b.**, b. scrúdúcháin. **B. of inspection**, b. cigireachta. **Interview b.**, b. agallaimh. **Medical b.**, b. liachta. **B. of officers**, b. oifigeach. **Order b.**, clár orduithe. **Running b.**, coschlár. **Selection b.**, b. roghnaíochta. **B. of survey**, b. suirbhéireachta. **Welfare b.**, b. leasa. **Beat b.**, clár buailte. **Spring b.**, preabchlár.  
**BOASTFUL** Maíteach.  
**BOATSWAIN** Bósan.  
**BODY** Corp, colainn, cabhail. **B. of grenade**, cabhail gránaíde. **B. builder**, carbaire. **Cast iron b.**, cabhail d'iarann teilgthe. **Celestial b.** (*R.F.*), reann neimhe. **B. cover**, clúdach cabhlach. **Foreign b. between the fore-end and the barrel**, rud coimhthíoch idir an t-urstoc agus an bairille. **Frame b.**, frámachabhail. **B. -guard**, garda cosanta/ ceithearn timpill. **B. locking pin**, biorán glasála cabhlach. **B. work**, cabhailobair. **Main b.**, tromlach.  
**BOG** Portach.  
**BOIL** 1. Neascóid. 2. *vb. intr.* Bruithim. Fiuchaim, beirim.  
**BOILER** Gaileadán, coire. **B. attendant**, freastalaí gaileadáin. **B. maker**, déantóir gaileadán.  
**BOISTEROUS** Scléipeach, callánach.  
**BOLD** Dána.  
**BOLT** Bolta. **Bright clean b.**, b. glan gléineach. **Connecting b.**, b. ceangail. **Loop for c.b.**, lúb do bh. ceangail. **B. cam grooves**, ceameitreacha b. **B.**

## Bomber

**head**, ceann b. **B. h. retaining spring**, tuailm choinnithe cheann b. **B.h. tenon**, tionúir cheann b. **B. lever**, luamhán bolta. **Locking b.**, b. glasála. **L. b. flat**, pláitín b.g. **L. b. plunger**, tumaire b. g. **L. b. safety catch arm**, géag ghreamaire sábhála bh. g. **L. b. safety catch stem**, lorga ghreamaire sábhála bh. g. **L. b. seating**, leaba bh. g. **L. b. screw thread**, snáithe scriú b. g. **L. b. spring**, tuailm bh. g. **L. b. stem**, lorga bh. g. **L. b. stop pin recesses**, cuaisín bacbhiorán b. g. **L. b. thumbpiece**, slóidín b. g. **B. plunger**, tumaire b. **B. p. spring**, tuailm thumaire b. **Retaining b.**, b. coinnithe. **B. ribs**, easnacha b. **B. screw**, scriú b. **B. spring**, tuailm bh. **B. with plunger and spring**, b. le tumaire agus tuailm. **B' way**, bealach bolta. **B' wear**, caitheamh b.  
**BOMB** *vb.* Buamálaím, *n.* buama. **Air b.**, aerbhuaama. **Atomic b.**, b. adamhach. **Cast steel b.**, b. cruach teilgthe. **Drill b.**, b. druile. **Gas b.**, gásbhuaama. **Ground contamination b's**, buamaí truaillíochta talún. **High explosive/ incendiary/ manoeuvre/ mortar/ powder-filled/ sand-filled b.**, buama tréanphléascach/ loisceach/ inlíochta/ moirtéir/ púdair/ gainimh. **Practice b.**, cleachtbhuaama. **B.-proof**, buamadhíonach. **Fragmentation b.**, b. bloghtracha. **B. casing**, cásáil bhuaama. **B. disposal**, diúscairt buamaí. **B' sight**, buamathreoir. **B. line**, buamalíne. **B. material**, ábhar buama. **Unexploded b.**, b. neamhphléascatha.  
**BOMBARD** *vt.* Bombardaigh.  
**BOMBARDIER** Buamardaí.  
**BOMBARDMENT** Bombardaíocht. **B. spotting**, breicneoireacht bombardáíochta.  
**BOMBASTIC** Bladhmannach.  
**BOMBER** Buamadóir. **B. crew**, criú buamadóra. **Dive/ fighter/ long-**

**range/ rifle b.**, buamadóir scuibe/ troda/ fadraoin/ muscaeid. **Jet b's**, scairdbhuamadóirí. **Supporting dive b's**, buamadóirí scuibe tacaíochta. **Four-engined b.**, buamadóir cheithre inneall.

**BOMBING** Buamáil. **Dive b.**, b. scuibe. **High-/low level b.**, b. ard/ íseal **Precision b.**, beachtbhuamáil. **B. errors**, earráidí buamála. **B. report**, tuarascáil bhumála.

**BOND** The salute is a professional **b. between soldiers**, snaidhm chomhghairme idir saighdiúirí is ea an chúirtéis a thabhairt.

**BONNET** Boinéad.

**BONUS** Bónas. **Cost-of-living b.**, b. maireachtála.

**BOOBY-TRAP** Bobghaiste. **B. mechanism**, meicníocht bhobghaiste.

**BOOSTER** Gaotaire, treiseoir. **B. rocket**, roicéad treisithe.

**BOOT** (*of vehicle*) Gabhdán feithicle.

**BOOM** Sail bharra.

**BORDER** Teorainn. **B. regions**, réigiúin na teorann.

**BORE** Cró. **Centre/ surface of the b.**, lár/dromchla an chró. **to b. a fuse body**, cabhail aidhnín a tholladh. **B.-measuring instruments**, airnéisí cróthomhais. **B. examining mirrors**, scátháin chróscrúdaithe.

**BOREHOLE** Poll tollta, p. toraíochta. **B. charge**, lánán tollaidh.

**BORING** **B. bar**, barra tollta.

**BOROUGH** Buirg.

**BOSS** Cabhradh. **B. of shield/actuating stud**, c. scéithe/ stoda gníomhaithe.

**BOTTLENECK** Caolas, scrogall.

**BOTTOM** **B. dead centre**, an ceartlár íochtair. **B. plate**, bunphláta.

**BOUNCING** **B. off**, preabadh de.

**BOUND** Ráib, léim, faoi cheangal. **Movement by b's**, gluaiseacht de ráibeanna. **The Barrack Square is out of b's to all vehicular traffic**, tá

Cearnóg na Bearice thar teorainn do gach saghas feithicle. **To be b. by law**, bheith faoi cheangal dlí. **Tactical b.**, ráib oirbheartaíochta.

**BOUNDARY** Teorainn. **Brigade b.**, teorainn briogáide. **International b's**, teorainneacha idirnáisúnta. **Lateral b's**, taobhtheorainneacha. **B. line**, líne theorann. **Townland b.**, teorainn bhaile fearainn.

**BOUNTY** **B. payable to apprentice**, deolchaire is iníochta le printiseach. **Re-enlistment b.**, d. athliostála.

**BOUT** Babhta (*cluichí*), taom, ráig (*tinnis*).

**BOWL** **B. of carburettor**, babhla carbradóra.

**BOX** **Night firing b.**, bosca lámhaigh oíche. **B. spanner**, rinse dúnta.

**BOXING** Dornáil, bocsaíl. **Army junior/ senior b. championships**, craobhacha sóisearacha/ sinsearacha dornála Airm.

**BRACHIAL** **B. artery**, artaire an bhraic.

**BRACKEN** Raithneach.

**BRACKET** *vb.* Bracaim, *n.* brac, lúibín. **Firing lever b.**, brac luamháin lámhaigh. **Oscillating b.**, b. luascach. **Range scale b.**, brac raonscála. **Range scale b. locking pin**, biorán glasála brac raonscála. **Sight b.**, treoir bhraic.

**BRAID** Breád.

**BRAIDING** **B. material**, ábhar bréadaireachta.

**BRAIN** Meabhair, inchinn.

**BRAINY** Éirimiúil, meabhrach.

**BRAKE** Coscán. **B. cover/ shoe**, clúdach/ crú coscáin. **B. block**, bloc coscáin. **B. drum**, drumma coscáin. **B. horsepower**, eachchumhacht choscánta. **Front b.**, tulchoscán. **Hand b.**, lámhchoscán nó coscán láimhe. **To apply the b.**, an coscán a úsáid/ a chur i gceion.

**BRAKING** Ag coscánadh.

**BRANCH** **Adjutant-General's/ Quartermaster-General's B.**, Brainse



## Brass

an Ardaidiúnaigh/Ardcheathrúaigh.  
**BRASS** Prás. **Solid drawn b.**, dlúthphrás tarraingthe.  
**BRASSARD** Buinne.  
**BRAVE** Calma, cróga.  
**BRAVERY** Crógacht, calmacht.  
**BRAWL** Racán, gráscar.  
**BREACH** **B. in continuity of service**, briseadh ar leanúntas seirbhíse. **B. of discipline/ Regulations**, sárú araíonachta/Rialachán. **B. of march discipline**, s. araíonachta máirseála. **B. in a position**, tolgadh ar shuíomh. **B. of security**, sárú díonachta.  
**BREAD** Arán. **B. containers**, coimeádáin aráin. **B. sauce**, anlann aráin.  
**BREAK** **A short b. during the morning's work**, sos gairid le linn obair na maidine. **B. in**, briseadh isteach. **To b. into double quick/slow time**, athrú chun sodair/ mearchéime/ mallchéime. **To b. the Flag**, an Brat a mhanradh, *vb.* manraim. **To b. quarters**, briseadh amach as ceathrúna. **To b. step**, coiscéim a bhriseadh. **To b. through a position**, briseadh trí shuíomh. **B. in circuit**, scaradh i gciorcad.  
**BREAKAGE** **Hospital b's**, brisiúnais in ospidéal.  
**BREAKDOWN** **Mechanical b.**, loiceadh meicniúil.  
**BREAKWATER** Tonnchosc, bábhún.  
**BREAST** **B'bone**, Cnámh uchta, cnámh bhrollaigh. **B. -pocket (tunic)**, uchtphóca.  
**BREASTWORK** Gníomh uchta.  
**BREATHALYSER** Anáileadán.  
**BREECH** Craos. **B. block**, craosbhloc. **B. b. spring box**, bosca tuailm craosbhloic. **B. carrier**, iompróir craois. **B. casing**, cásáil c. **B. c. bottom plate**, bunphláta cásáil c. **B. cover**, clúdach c. **B.-end of the barrel**, craoscheann an bhairille. **B. lifter**, tógálaí craois.

## Brigade

**B. loading**, craoslódáil. **B. -piece**, craosmhír. **B. -piece washers**, leicneáin chraosmhíre. **B. ring**, craosfháinne. **22.5mm b. screw**, craos-scriú 22.5mm. **22.5 b. screw carrier**, iompróir craos-scriú 22.5mm. **B. mechanism**, craosmheicníocht.  
**BREECHES** Briste. **B. buoy**, baob b.  
**BREN** **B. Light Machine Gun**, Inneallghunna éadrom bren. **B. carrier squadron**, scuadrún breniompróir. **B. gun carrier**, breniompróir.  
**BRETON** Briotánach, Briotáinis (*lang*).  
**BRICK** Bríce. **B. house**, teach bríce.  
**BRICKLAYER** Bríceadóir.  
**BRIDGE** Droichead. **B. classification**, aicmiú d. **Bascule b.**, d. líongála. **Box girder b.**, d. cearchaill bosca. **B. components**, comhpháirteanna droichid. **B.-head**, ceann droichid. **Clear span b.**, droichead aonréiseach. **Foot/ metal/ stone/ prepared/ pontoon/ suspension b.**, d. coise/ miotail/ cloiche/ ullmhaithe/ pontúin/ crochta. **Floating b's.**, droichid ar snámh. **Swing b.**, luascdroichead. **Truss b's.**, droichid trusáilte. **Close b. garrison**, neasgharastún droichid.  
**BRIDGING** Droicheadaíocht. **B. operations**, oibríochtaí droicheadaíochta.  
**BRIDLE** **The b. arm (M.S.)**, lámh an tsriain.  
**BRIEF** Tugaim mionteagasc (*do*). **To b. a patrol**, patról a mh., m. a thabhairt do phatról.  
**BRIEFING** Mionteagasc.  
**BRIGADE** Briogáid. **B. adjutant**, aidiúnach briogáide. **B. ammunition depot**, iosta lónlámhaigh briogáide. **Assistant b.a.**, a. cunta b. **B. commander**, ceannasaí b. **B. engineer**, innealtóir briogáide. **B. exercises**, freachnaimh bhriogáide. **Eastern/ Southern/ Western B.**, Briogáid an

## Brigadier

Oirthir/ Deiscirt/ Iarthair. **B. engineer depot**, iosta innealtóirí b. **Fire b.**, briogáid dóiteáin. **B. headquarters**, ceanncheathrú bhriogáide. **B. hq. staff**, foireann cheanncheathrú bh. **B. intelligence/ operations/ police officer**, oifigeach faisnéise/ oibríochtaí/póilíní b. **B. legal officer**, o. dlí b. **B. mechanical transport depot**, iosta iompair mheicniúil b. **B. medical depot**, iosta liachta b. **B. operations officer**, o. oibríochtaí b. **B. ordnance depot**, iosta ordanáis b. **B. petrol depot**, iosta peitрил b. **B. quartermaster/quartermaster sergeant**, ceathrúnach/ ceathrúsháirsint b. **B. records officer**, O. taifead b. **B. reserve line**, líne cúltaca bh. **B. sergeant-major**, maorsháirsint b. **B. staff**, foireann bh. **B. support group**, grúpa tacaíochta b. **B. supply depot**, iosta soláthair briogáide. **B. artillery officer**, oifigeach airtléire b. **B. medical officer**, oifigeach liachta b. **B. ordnance officer**, oifigeach ordanáis b. **B. signal officer**, oifigeach comharthaíochta b. **B. training depot**, iosta traenála briogáide. **B. transport officer**, oifigeach iompair briogáide. **X-B. Military Police Company**, Complacht Póilíní Airm X Briogáid. **B. welfare board**, bord leasa briogáide. **B. welfare officer**, oifigeach leasa b. **X. B. Training Centre**, Airmheán Traenála X Briogáid.

**BRIGADIER** Briogáidire. **Brigadier general**, briogáidireghinerál.

**BRILL** Broit.

**BRING** To b. **fire power into action** cumhacht lámhaigh a chuir i gcoin. **To b. a mortar into action**, moirtéar a chur faoi réir **To b. swords to the position of the carry/ cross**, claimhte a chur ar iompar/ ar cros. **To b. swords to the present/ render**, c. a chur ar tairsint/ ar tíolacadh. **To b. up**

## Buffer

**reserves**, cúltacaí a thabhairt ar an láthair.

**BRITISH** Briotanach. (Breatnach, *Welshman*).

**BROAD** Leathan. **B. leaf forests**, foraoisí leathanduilleogacha.

**BROADCAST** Forleathaim, craolaim.

**BROADCASTING** Ag craoladh. **B. Station**, stáisiún craolacháin.

**BROADSIDE** Leathanslios, cliathánach. **To fire a b.**, leathansilos a scaoileadh. **To move b. (to)**, gluaiseacht leathansleasach (*le*). **B. practice**, cleachtas leathansleasa.

**BROKEN-DOWN B. vehicle**, feithicil loicthe.

**BRONCHITIS** Broincíteas, píobántas.

**BRONZE** Umha. **B. guide**, treoraí u. **Manganese b.**, u. maingnéise. **B. numerals**, uimhreacha u. **Phosphor b.**, u. fosfair.

**BROUGHT B. forward (acc.)**, tugtha ar aghaidh.

**BROW (of hill)** Mullach.

**BROWBAND** Braoibhanda.

**BROWN** To b. **sights**, na treoracha a chrónú.

**BROWNING B. shop**, ceardlann chrónaíochta.

**BRUSH** Body/cleaning b., scuab choirp/ghlanta.

**BRUSHING** Scuabadh.

**BRUSHWOOD** Roschoill.

**BRUSSELS SPROUTS** Bachlóga Buiséile.

**BUBBLE** Bolgóid. **B. case**, cás bolgóide. **Cross-levelling/ elevation b.**, bolgóid chrosleibhéil/ ardais. **Oxygen b.**, b. ocsaigine.

**BUCKET** Fire b., Buicéad dóiteáin.

**BUCKLE** Búcla. *vb.* Lúbaim. **B'd**, lúbtha.

**BUFF B. safety fuse**, aidhnín sábhála donnbhuí.

**BUFFER** Eadarghabhaláí. **B. block/**



## Buffet

**cylinder**, Bloc/ sorcóir e. **Hydraulic b.**, e. hidrálach. **B. mechanism**, meicníocht e. **B. m. regulating keys**, eochracha rialaithe meicníocht e. **B. piston/ plunger**, loine/tumaire e. **B. ring**, fáinne e. **B. and recuperator**, eadarghabhálaí agus athsheoltóir.

**BUFFET** *vb.* Greadaim. **B'ing**, greadadh.

**BUGLE** Buabhall. **B. call/ horn/ instructor**, Glaoch/ barra/ teagascóir buabhaill.

**BUGLER** Buabhallaí.

**BUILDING** Foirgneamh. **Government B's**, Tithe an Rialtais.

**BUILD-UP** Nearthú. **B. for battle**, n. chun catha. **Immediate b.**, n. láithreach.

**BUILT-UP** **B. area**, líomatáiste foirgneamh **Fighting in built-up areas (FIBUA)**, ag troid i líomatáistí foirgneamh (ATLF).

**BULB** Bolgán. **6v 3w b.**, b. 6 volt 3 vat. **B. holder**, logall bolgáin, bolgánaire. **Unserviceable b.**, bolgán neamhfhóinteach.

**BULGE** Boilsc.

**BULK** Toirt. **B. breaking point**, pointe toirtbhriste. **B. breaking**, toirtbhriseadh.

**BULLDOZING** Ollscaradh.

**BULLET** Piléar. **B. catcher**, piléarghabhálaí. **Elongated b.**, p. caolfhada. **Nose/ point of b.**, Soc/ bior an philéir. **Pointed b.**, p. bioraithe. **B'proof**, piléardhíonach. **Rotation of the b.**, imchasadh an philéir. **Tracer b.**, rianphiléar. **B'vent**, piléarpholl. **B. swept ground**, talamh faoi scuablámhach.

**BULL'S EYE** Súil sprice.

**BUMP** Tuairt. **B. test**, tástáil tuairte.

**BUMPER** Bumpaíre.

**BUN** Borróg.

**BUNCHING** **B. of vehicles (M.U.)**, Teannadh feithicilí ar a chéile.

**BUNG** Plocóid, stopallán.

**BUOY** Baoi. **Breeches b.**, b. bríste.

## Butt

**BUOYANCY** Snámhacht.

**BURIAL** Adhlacadh, sochraid.

**BURN** Dó, *pl.* dónna. **Beta b's**, dónna beta. **Flash b's**, splandhónna. **To b. up oil**, ola a dhó, **Retina b's**, dónna reitine.

**BURNT** Dóite, loiscthe. **B. casing**, cásáil d.

**BURRS** **B. or rust**, burra nó meirg.

**BURST** Pléasc, maidhm. **B. of fire**, maidhm lámhaigh. **Effective b. of H.E. shell**, m. éifeachtach ó shliogán tréanphléascach. **Air b's**, aerphléascanna. **Effective height of b.**, Airde éifeachtach maidhme. **Grouping b.**, maidhm ghrúpála. **Point/mean point of b.**, pointe meánphointe maidhme. **Service b's**, maidhmeanna seirbhíse. **Settling b's**, m. socraithe. **Short b's**, gearrmhaidhmeanna. **Sub-surface b.**, pléasc faoi dhromchla. **Surface b.**, pléasc dhromchla. **Types of b's**, cineálacha pléascanna. **Underground b.**, pléasc faoi thalamh. **Underwater b.**, p. faoi uisce.

**BURSTER** **B. set**, Maidhmeán.

**BURSTING** **B. charge of shell**, lánán maidhme sliogáin.

**BUSH** (*mech.*) Braicille, líonáil. **Eccentric/ floating b.**, b. éalárnach/ snámhach. **Firing hole b.**, b. poll buailteáin.

**BUSHING** Líonáil. **B. screws**, scriúnna líonála.

**BUSHY** **B.-topped trees**, crainn bharrthomacha.

**BUST** Bráidealbh.

**BUTCHERY** Búistéireacht.

**BUTT** Stopachán, bos. **B. cap**, caipín boise. **B. c. screw**, scriú caipín b. **B. catch**, greamaire b. **B. c. keeper pin**, biorán coimeáda greamaire b. **B. c. spring**, tuaimh ghreamaire b. **B. group**, grúpa b. **B. plate**, pláta b. **B. p. screw**, scriú pláta b. **Small of the b.**, caol na b. **B. sling swivel**, iris-sclóin bh. **B. stock**,

## Button

stoc b. **Stop b's**, stopacháin. **B. swivel with ring**, bos-sclóin le fáinne. **Toe of b.**, barraicín boise. **B. trap**, comhla bh. **BUTTON B. stick**, maide cnaipe. **To b. a pouch**, pocóid a dhúnadh. **BUZZER** Dordánaí.

## By

**BY B. the left/right**, de réir clé/dheis. **B'pass**, seachghabháil, seachród, seachshlí. **B'passes for towns (M.B.R.)**, seachróid do bhailte móra. **To b'pass a place/ strong point**, Áit/ tréanphointe a sheachghabháil. **By sections**, de réir gasraí. **B. passing**, ag seachaint.

# C

**CABIN** Cábán.

**CONDENSER** Comhdhlúthadán. **C. can/ cap**, Canna/ caipín comhdhlúthadáin. **Adaptor for c.**, cuibhitheoir do chomhdhlúthadán. **Dielectric c.**, comhdhlúthadán tréleictreach. **Electrolytic c.**, c. leictrilíteach. **Fixed c.**, c. do-aistrithe. **Ganged c.**, c. cuingrithe. **Mica-c.**, c. míoca. **Paper c.**, c. páipéir. **Variable c.**, c. inaistrithe. **Tuned c.**, c. tíunta.

**CONDENSING C. tube**, feadán comhdhlúthaíochta.

**CONDITION** **A doubt exists as to his c.**, táthar in amhras i dtaobh a staide. **Physical c. of a unit**, staid fhisiciúil aonaid. **Sanitary c. of a prison**, staid sláintíochta phríosúin. **C's of service**, coinníollacha seirbhíse. **In trying c's**, i gcás dá chruas. **C. of building**, staid

foirgneamh. **Steady marking or steady spacing c's**, coinníollacha staidéartha marcála nó spásála.

**CONDOLENCE** Comhbhrón.

**CONDUCT C. of defence/ the attack**, stiúradh cosanta/ an ionsaí. **Distinguished c.**, iompar dearscna. **General c.**, iompar i gcoitinne. **Good c.**, dea-iompar. **C. of range practices/ war**, stiúradh raonchleachtas/ cogaidh. **C. to prejudice of good order and discipline**, iompar a rachadh chun dochair do dhea-ord agus d'araíonacht. **C. liable to censure**, iompar incháinte. **C. tending to subvert discipline**, iompar a rachadh chun araíonacht a lot.

**CONDUCTION** Seoltacht, conduchtadh.

**CONDUCTIVITY** Inseoltacht, inchonduchtacht.

**CONDUCTOR** Conduchttaire, seolaí, stiúrthóir. **Band c.**, stiúrthóir banna. **Lightning c.**, seolaí tintrí. **Straight c.**, conduchttaire díreach. **Paralleled c's**, conduchtairí comhthreomhara.

**CONE** Coirceog, cón. **C'shaped area**, achar coirceogach. **The c. of fire**, an choirceog lámhaigh. **Culminating point of a c.**, buaicphointe. **A c. of fire striking a steep hillside will cover a very small area of ground**, más i gcoinne cnoic chlaonaird a scaoilfear, beidh an crioslach buailte an-bheag.

**CONFER** Bronnaim.

**CONFERENCE** Comhdháil. **C. room**, seomra comhdhála. **joint c.**, comhchomhdháil.

**CONFERRED** **The power c. by subsection (a.)** an chumhacht a thugtar le fo-alt (a.).

**CONFESS** Admhaím.

**CONFESSION** admháil.

**CONFIDENCE** Muinín. iontaoibh (as, i). **Self-c.**, féinmhuinín.

**CONFIDENT** Muineach.

**CONFIDENTIAL** Faoi iontaoibh,

## Configuration

iontaoibheach. **Annual c. report**, tuarascáil iontaoibheach bhliantúil. **C. clerk**, cléireach iontaoibhe.

**CONFIGURATION** Cumraíocht.

**CONFINE** **To c. a prisoner**, príosúnach a chur faoi ghaibhniú.

**CONFINEMENT** **C. to barracks**, gaibhniú i mbeairic.

**CONFIRM** *vb.* Daingním, deimhním. **To c. the information**, an t-eolas a dheimhniú.

**CONFIRMATION** Daingniú, deimhniú. **C. of appointment**, daingniú ceapacháin.

**CONFIRMING** **C. order**, ordú daingniúcháin.

**CONFLICT** Coimhlint.

**CONFLUENCE** Cumar.

**CONFORM** **The nearer the slope of the ground c's to the trajectory, the greater the dangerous space**, dá chosúla fána na talún leis an rothag, is ea is mó an spás dainséarach. **Officers detailed to a fire unit must c. to the movements of the section**, ní mór d'oifigigh a shonraítear do lámhachaonad, gluaiseachtaí an ghasra a leanúint.

**CONFORMATION** **C. of the ground**, cruth na talún.

**CONFRONT** **To c. the enemy**, aghaidh a thabhairt ar an namhaid.

**CONFRONTATION** Comhfhorrántas.

**CONFUSION** Easordú, tranglam, trína chéile.

**CONGENITAL** **C. peculiarities**, comharthaí broinne.

**CONGESTION** **Traffic c.**, cúngrach tráchta.

**CONGRATULATE** Déanaim comhghairdeas (*le*).

**CONGRATULATION** Comhghairdeas. **Congratulations!** go maire tú, tuilleadh biseach ort, mo ghraidhm (go deo) tú!

**CONGREGATE** Cruinním, bailím. tagann i dteannta le chéile.

## Consistent

**CONGRESS** Comhdháil.

**CONIFEROUS** **C. tree**, crann buaircíneach.

**CONJUNCTION** Comhcheangal, cónasc. **In c. with**, i gcomhcheangal le.

**CONJUNCTIVITIS** Toinníteas.

**CONNECTING** **C. file**, treas ceangail. **C. rod**, slat cheangail.

**CONNIVANCE** **C. at desertion**, tréigean a chúlcheadú.

**CONNIVE** **To c. at the escape of a prisoner**, éalú príosúnaigh a chúlcheadú.

**CONROD** Slat cheangail.

**CONSCIENCE** Coinsias, cogús.

**CONSCIOUS** Aithne, meabhair, comhfhiosach. **To be c. (patient)**, a aithne (mheabhair) a bheith ag (othar). **Security c.**, meabhrathach ar dhíonacht.

**CONSCRIPT** Coinscríofach.

**CONSCRIPTION** Coinscríobh.

**CONSECUTIVE** **Nine c. days**, naoi lá as a chéile. **C. turns**, castaí leantacha.

**CONSENT** **With the c. of the Deputy Chief of Staff (Support)**, le toiliú an Leas-Cheann Foirme (Tacaíocht). **To c. (to)**, Toiliú (*le*).

**CONSEQUENTIAL** **C. amendment**, leasú iarmartach. **Provisions c. on dismissal**, forálacha a leanann as dífhostú.

**CONSERVATORY** teach gloine.

**CONSERVATION** **C. of energy**, buanchoimeád fuinnimh.

**CONSIDER** Machnamh, meá. **To c. a report**, machnamh a dhéanamh ar thuarascáil. **To c. an NCO for promotion**, m. ar ONC le haghaidh ardú céime. **C. for 10 mins**, déan machnamh ar feadh 10 nóiméad.

**CONSIDERATION** **C. of courses**, cúrsaí a mheá.

**CONSISTENCY** Comhsheasmhacht, comhréir. **Mean residual c. (RF)**, comhsheasmhacht an mheániarmhair.

**CONSISTENT** Seasmhach, seasta.

## Consolidate

- A c. 10 cm grouper**, grúpálaí 10 ceintiméadar seasta.
- CONSOLIDATE** **To c. a position**, suíomh a chóineartú.
- CONSOLIDATED** Comhdhlúite. **C. ration allowance**, liúntas comhdhlúite ciondála.
- CONSOLIDATING** **C. voucher**, cruthúnacht chomhdhlúite.
- CONSOMME ROYALE** Anraith ríoga.
- CONSPIRACY** Comhcheilg, uisce faoi thalamh.
- CONSPIRE** **To c. (with)**, dul i gcomhcheilg (*le*), uisce faoi thalamh a dhéanamh.
- CONSPIRING** **C. to cause sedition**, dul i gcomhcheilg chun ceannairc a chur ar siúl.
- CONSTANT** Seasta, seasmhach. **C. angle**, uillinn seasta. **C. current**, sruth seasta. **C. rate**, ráta seasta. **C. proportion**, comhréir sheasmhach.
- CONSTELLATION** Réaltra.
- CONSTIPATION** Triomacht, cruaitéacht.
- CONSTITUENCY** Dáilcheantar, toghcheantar.
- CONSTITUTE** **To c. a person to be an officer**, duine a bhunú ina oifigeach. **The bodies which c. the Forces**, na comhluchtaí a chomhdhéanann na Fórsaí.
- CONSTITUTION** **C. of Court-Martial/ the Defence Forces**, comhdhéanamh Armchúirte/ Óglaigh na hÉireann. **C. (of person)**, Coimpléasc (duine). **Constitution of Ireland**, Bunreacht na hÉireann.
- CONSTRUCTION** Tógáil, foirgníocht.
- CONSTRUCTIVE** Cuiditheach. **C. criticism**, léirmheastóireacht chuiditheach.
- CONSTRUE** *vb.* Forléirim.
- CONSUL** Consal.
- CONSULT** Téim i gcomhairle le, cuirim i gcead (*duine*), breathnaím (*i bhfoclóir*).

## Continuation

- CONSULTATION** Dul i gcomhairle.
- Frequent c.**, dúl i gcomhairle go minic.
- CONSUMPTION** Ídiú, tomhailt. **C. rate**, ráta ídithe.
- CONTACT** Teagmháil, tadhall. **Advance to c.**, ascnamh go teagmháil. **Forces in c.**, fórsaí teagmhála. **Initial c.**, teagmháil tosaigh. **To be in close c. with the enemy**, bheith i ndlúthteagmháil leis an namhaid. **To gain c. with the enemy**, teagmháil a dhéanamh leis an n. **To maintain c.**, fanacht i dteagmháil (le). **Personal c. between umpires**, teagmháil moltóirí lena chéile. **C.-breaker**, scoradán. **C.-points**, pointí tadhail. **C. sport**, spórt teagmhála.
- CONTAGIOUS** Tógálach.
- CONTAIN** Coinním (*namhaid*).
- CONTAINER** Coimeádán.
- CONTAINING** **C. action**, comhrac coinnithe.
- CONTAMINATION** **C. of a dressing**, íocleasú a thruailliú. **Surface c. (L.M.G.)**, dreachthruaillíocht.
- CONTEMPOR** Comhaimseartha.
- CONTEMPT** **The offence of c. of Court-Martial**, an cion sin, díspeagadh Armchúirte. **To bring c. on Army uniform**, drochmheas a tharraingt ar éide Airm.
- CONTENTS** **C. (of dispatches)**, ábhair (*teachtaireachtaí*).
- CONTEST** Comórtas, iomaíocht.
- CONTINENT** Mór-roinn.
- CONTINGENCY** **C. fund**, ciste teagmhais. **C. plan** plan teagmhasachta. **Future c.**, teagmhas todhchaí.
- CONTINGENT** **C. Allowance**, liúntas teagmhasach. **Irish c.**, meitheal Éireannach.
- CONTINUANCE** **C. in service**, leanúint i seirbhís.
- CONTINUATION** **C. training**, traenáil leanúna.



## Continue

**CONTINUE** To c. in its flight (*bullet*), leanúint dá chúrsa eitilte.

**CONTINUITY** C. of service, leanúnachas seirbhíse.

**CONTINUOUS** C. Army Service/ration allowance, Armsheirbhís/liúntas ciondála leanúnach. C. study, staidéar leanúnach.

**CONTINUOUSLY** Go leanúnach.

**CONTOUR** Comhchuar, comhairde. **Interpolated/ sea-bed (submarine) c's**, comhchuar idirshuite/ghrinnill mhara. **Target c.**, comhchuar targaide. **To c. a map**, léarscáil a chomhchuaradh. **Contour (vertical) interval**, eatramh comhchuarach (ingearach). C. line, líne chomhchuarach. **Contoured map**, léarscáil chomhchuartha.

**CONTRABAND** C. of war, contrabhanna cogaidh.

**CONTRACEPTIVES** Frithghiniúnaigh, coiscíní.

**CONTRACT** Conradh. C. of enlistment, c. liostála. **To c. a disability**, míthreoir a bhaint do (*dhuine*). **To c. for service**, conrú (dul faoi chonradh) chun seirbhíse. **To c. a blood vessel**, fuileadán a chrapadh.

**CONTRACTION** Crapadh.

**CONTRACTOR** Conraitheoir.

**CONTRADICTION** A c. at 1050 metres (*mortar*), contrárthacht ar raon 1050 méadar. A c. in terms, comhbhréagnú focal.

**CONTRARY** To act c. to Defence Forces' Regulations, gníomhú contrártha do Rialacháin Óglaigh na hÉireann.

**CONTRAVENE** To c. a regulation, rialachán a shárú.

**CONTRAVENTION** C. of a regulation, sárú rialacháin.

**CONTRIBUTION** C. (towards), ranníocaíocht (i leith). **Unemployment Insurance C's**, Ranníocaíochtaí

## Conventions

Árachais Dífhostaíochta.

**CONTROL** Rialú, rialán, rialachas, stiúradh. C. agencies/ centre/ lever/ organisation, Gníomhaireachtaí/ airmheán/ luamhán/ eagraíocht rialaithe. **Dual c's**, rialachas dúbailte. **Formation c. (M.B.R.)**, eagar-rialú. **Gun/ section c.**, r. gunna/ gasra. **Long c. (mortar)**, rialú i bhfad amach. **Port c.**, portrialú. **C. screw**, scriú rialaithe. **Remote c.**, cianrialú. **Causes outside the firer's c.**, cúiseanna nach bhfuil neart ag an lámhachóir orthu. **An injury due to causes within his own c.**, díobháil de bharr cúiseanna a raibh neart aige féin orthu. **To fire a rifle under mechanical c.**, muscaed a scaoileadh faoi rialú meicniúil. **To take over c. of the guard**, dul i bhfeighil an gharda. **C. and reporting centre**, airmheán rialaithe agus tuarascála. **C. grid**, greille rialaithe. **C. station**, stáisiún r. **Air c. team**, foireann rialaithe aeir. **C. (radio) set**, gléas (raidíó) rialaithe. **Movement c.**, rialú gluaiseachta. **Operational c.**, rialú oibríochta. **Sector c.**, rialú teascóige. **Radio frequency gain c.**, r. íogaireachta raidimhnicíochta. **Audio frequency gain c.**, r. íogaireachta closmhnicíochta. **Tuning c's**, rialáin chomhghléasta. **Manual gain c.**, lámhrialán íogaireachta.

**CONTROLLER** Fire c., Rialaitheoir lámhaigh.

**CONTROVERSY** Conspóid.

**CONTROVERSIAL** Conspóideach.

**CONVALESCENCE** Téarnamh.

**CONVALESCENT** Téarnamhach. C. depot, iosta téarnaimh.

**CONVECTION** Comhiompar.

**CONVENE** To c. a Court Martial, Armchúirt a chomóradh.

**CONVENING** Áisiúil, caothúil.

**CONVENING** C. officer/ order, oifigeach/ ordú comórtha.

**CONVENTION(S)** Gnás (*pl.*-anna), nós

## Conventional

- (*pl.* -anna). **Hague C.**, Coinbhinsean na Háige. **By c.**, de réir nós.
- CONVENTIONAL** Comhghnásach.
- C. signs**, comharthaí nósmhara.
- C. military symbols**, Samhaltáin nósmhara mhíleata. **C. explosions**, pléascanna nósmhara. **C. electrical influences**, gnáthtionchair leictreacha.
- C. training**, traenáil chomhghnásach.
- CONVERGENCY Angle of c.**, uillinn inréimneachta.
- CONVERGING C. attack**, ionsaí inréimneach.
- CONVERSATION** Comhrá.
- CONVERSELY** Go contrártha.
- CONVERSION C. of bearings— true to magnetic**, treo-uillinneacha fíora a athrú ina dtreo-uillinneacha adhmainteacha. **C. of oblique to true bases**, sceabhabhoinn a athrú ina bhfíorbhoinn.
- CONVERTED C. rifle**, muscaed comhshóite.
- CONVERTOR Rotary c.**, claochladán rothlach.
- CONVEX C. slope**, fána dhronnach.
- CONVEYANCE Free c.**, iompar in aisce.
- CONVICT** Daoránach, pianseirbhí. **To c. of a charge**, ciontú i gcúiseamh.
- CONVICTION Civil c.**, ciontú sibhialta. **C. of offence**, c. i gcion. **On his c. by Court-Martial**, ar Armchúirt dá chiontú. **To discharge a soldier as the result of his c. by a Court-Martial**, saighdiúir a urscaoileadh de dheasca Armchúirte á ch.
- CONVINCE** Áitím (ar), cuirim ina luí (ar).
- CONVOY** Conbhua, tionlacan.
- Ambulance c.**, c. otharcharr. **Close c.**, dlúthchonbhua. **Motor ambulance c. and hospital train**, c. otharcharr agus traein ospidéil.
- CONVULSION** Tritheamh, *pl.* –thí.
- COOK** Cócaire. **Galley c.**, c. loinge.

## Cornflakes

- COOKER** Bruthaire, cócaire.
- COOKERY Advanced c.**, cócaireacht ardhéime. **Field c.**, c. mhachaire.
- C. course/ utensils**, cúrsa/ gréithe cócaireachta.
- COOK-HOUSE** Cocús.
- COOL** *vb.* Fuaráim, *adj.* fionnuar.
- COOLANT** Fuarthóir.
- COOLER** Fuarthóir, cíléar.
- COOLING C. system**, córas fuartha. **C. ducts**, píobáin fuaraithe.
- CO-OPERATING C. Aircraft**, aerárthaí comhoibríthe.
- CO-OPERATION C. Squadron**, comharscuadrún.
- CO-ORDINATE** Comhordanáid. **The c's of a point**, comhordanáidí pointe. **Easting/ northing c's**, c. soir/ ó thuaidh. **Pinpoint C's**, c. pointíní. **To c. infantry and artillery fires**, lámhach coisithe agus airtléire a chomhordnú.
- CO-ORDINATED C. action**, comhrac comhordnaithe.
- CO-PARTNERSHIP** Comhpháirtíocht.
- CO-PILOT** Comhphíolóta.
- COPING C. stones**, clocha mullaigh.
- COPPER** Copar. **C. losses**, caillteanais chopair.
- COPSE** Roisín, roschoill.
- COPY True c. of Attestation Form**, cóip dhílis d'Fhoirm Fhianaithe.
- CORD** Corda.
- CORDAGE** Téadra.
- CORDITE** Coirdít.
- CORDON** Tródam. **To form a c.**, dul i dtródam.
- CORDWEAR** Cordachaitheamh.
- CORE** Croí, croileacán. **A bullet with a lead c.**, piléar le croí luaidhe. **C. losses**, caillteanais chroileacáin.
- CORKSCREW C. rule**, Riail chorescriú.
- CORN Standing c.**, Arbhar ar chois.
- CORNED BEEF** Mairteoil shailte/ leasaithe.
- CORNFLAKES** Calóga arbhair.

## Cornflour

**CORNFLOUR** Gránphlúr.  
**COROLLARY** Comhthoradh, iarmairt.  
**CORPORAL** Ceannaire. **C. (line)** (technician), c. (líne) (teicneoir)  
**Orderly/ pioneer c.**, c. sealaíochta/ tiargálaithe.  
**CORPORATE C. member of the Institution of Civil Engineers of Ireland**, comhalta corparáideach d'Institiúid Innealtóirí Sibhialta na hÉireann.  
**CORPS** Cór. **Army c.**, c. Airm. **Corps of Engineers Section**, Rannóg an Chóir Innealtóirí. **Service C.**, C. Seirbhíse. **The Infantry C.**, An C. Coisithe. **The Artillery C.**, An C. Airtléire. **The Air C.**, An tAerchór. **The Cavalry C.**, An C. Marcra. **The C. of Engineers**, An C. Innealtóirí. **The Signal C.**, An C. Comharthaíochta. **The CIS Corps**, An C. Seirbhísí Cumarsáide agus Eolais **The Army Ordnance C.**, C. Ordanáis an Airm. **The Transport C.**, An C. Iompair. **The Military Police C.**, C. Póilíní an Airm. **The Army Medical C.**, C. Liachta an Airm. **Civil Defence C.**, An C. Cosanta Sibhialta. **Observer C.**, An C. Breathnadóirí. **C. maintenance area**, líomataíste cothabhála cóir.  
**CORRECT** Ceart, cruinn, beacht.  
**CORRECTION** Ceartú, ceartúchán. **Automatic c.**, ceartú uathobritheach. **Controlled C's**, ceartuithe rialaithe. **C's for line/ range**, c. le haghaidh líne/ raoin. **Position c.**, Ceartú suímh. **The c. for the known error**, An c. don earráid is eol (*i gcompás*). **C. of the moment**, ceartú an nóiméid (*arty*).  
**CORRECTOR** Ceartaitheoir. **Aim c.**, scáthán díríochta. **Normal c.**, gnáth-cheartaitheoir.  
**CORRELATION** Comhchoibhneas.  
**CORRESPONDENCE Official c.**, comhfhreagras oifigiúil.  
**CORRESPONDING A military rank**

## Counter

**c. to naval r.**, céim mhíleata atá combhionann le céim chabhlaigh.  
**CORROBORATE** Comhthacaím (le).  
**CORROBORATIVE C. evidence**, fianaise chomhthacaíochta.  
**CORRODE** *vb.* Creimim.  
**CORRODED C. body (G.T.)**, cabhail chreimthe. **C. by rust**, creimthe ag meirg.  
**CORROSION** Creimeadh.  
**CORROSIVE** Creimneach. **C. fouling**, salú c.  
**CORRUGATED** Rocach. **C. iron cover**, clúdach d'iarann r.  
**CORRUGATION** Roc. **Longitudinal c's**, fadroic.  
**CORTEGE** Sochraid.  
**CORVETTE** Coirbhéid, g. -e.  
**COSSACK C. crawl**, Lámhacán cosacach.  
**COST C. of replacement**, costas athsholáthair.  
**COSTING** Costasáil.  
**COTTAGE** Teachín.  
**COTTON** Cadás. **C. waste**, dramhcadás. **C.-wool**, focas cadáis.  
**COUNCIL Army C.**, Comhairle Airm. **The C. of Defence**, An Chomhairle Cosanta.  
**COUNSEL C. for the accused/ prosecutor**, abhcóide an chúisí/ inchúisitheora.  
**COUNT Shots on the dividing lines c. in one rectangle only**, ní chomhaireann urchair ar na línte teoranta ach in aon dronuilleog amháin. **A period c'ing towards qualifying service**, tréimhse a chomhairfear ina cuid de sheirbhís cháilitheach.  
**COUNTER (in compounds)** frithcose. **C.-attack**, frithionsaí. **C.-attacking formations**, eagair frithionsaí. **C.-barrage**, frithbharáiste. **C. Battery Officer**, oifigeach frithbhataire. **C.-claim**, frithéileamh. **C.-espionage**,

frithspiaireacht. **C. Hijacking Operations**, oibríochtaí frithfhuadaigh. **C.-offensive**, f. -ollionsaí. **C.-preparation** (*arty*), Frithullmhú. **C.-reconnaissance**, fritaiscealaíocht. **To c. an attack/ a thrust**, ionsaí/ sá a chosc. **C. bombardment**, frituaírneáil. **C. bombardment officer**, oifigeach frituaírneála. **C. air**, frithaer. **C. intelligence**, frithaisnéis. **C. penetration task**, tasc frithbhriseadh trí. **C. offensive action**, comhrac frithionsaitheach.

**COUNTERACT** **To c. the enemy's action**, frithghníomhú i gcoinne bearta an namhad.

**COUNTERFEIT** **To c. an official stamp**, stampa oifigiúil a ghóchumadh.

**COUNTERFOIL** Comdhuille.

**COUNTERMAND** **To c. an order**, freasordú a thabhairt.

**COUNTERMEASURE** Frithbheart

**COUNTER-ROTATION** **C. of the magazine**, frith-imchasadh na piléarlainne.

**COUNTERSIGN** *vb. tr.* Comhshínim. **To give a c.**, focal faire/ comhartha aitheantais a thabhairt.

**COUNTERSIGNATURE** **C. of the Officer Commanding**, comhshíniú an Oifigigh i gCeannas.

**COUNTERSINK** (*tls.*) Leacaire, leacóg (*poll*).

**COUNTERSUNK** **C. screws**, scriúna cuachta/leachta.

**COUNTRY** **C. side**, taobh tíre. **Close c.**, dúiche thiubh. **Open c.**, fairsinge.

**Wooded c.**, dúiche choillteach.

**COUPLING** Cuingireas, cúplán.

**COURAGE** Misneach, calmacht, crógacht. **Moral c.**, meanma.

**COURAGEOUS** Misniúil, calma, cróga.

**COURIER** Giolla taistil, teachtaire.

**COURSE** **C's abroad**, cúrsaí thar lear. **Battle inoculation c.**, cúrsa

cathchruachtana. **Bayonet assault c.**, c. lingeadh beaignite. **Command and Staff C.**, C. Ceannais agus Foirne.

**A charge which will come in c. of payment**, muirear a thiocfaidh chun bheith iníochta. **C. of instruction**, c. teagaisc. **Recruits' basic c.**, bunchúrsa earcach. **Refresher c.**, athchúrsa.

**Signalling c.**, cúrsa comharthaíochta.

**Specialist c.**, c. saineolaí. **To fly on a steady c.**, réchúrsa eitilte a ghabháil. **In**

**the c. of time**, le himeacht aimsire, leis an aimsir. **In due c.**, in am trátha. **Of c.**, ar ndóigh. **To attend a c.**, freastal ar chúrsa. **Watercourse**, sruthchúrsa.

**There was no course open to me but flight**, ní raibh an dara rogha agam ach teitheadh. **It is the best course**, is é an beart is fearr é. **Standard infantry c.**, c. caighdeánach coisithe. **To fire a c.**, c. lámhaigh a scaoileadh.

**COURT** **C. of Competent Jurisdiction**, Cúirt Dlíne Inniúla. **C. of inquiry**, C. fhiosrúcháin. **C.Martial**, Armchúirt. **C.-M. Convening Order**, Ordú Comórtha Armchúirte. **C.M. Proceedings**, Imeachtaí Armchúirte. **General/Limited C.M.**, Armchúirt Ghinearálta/Theoranta. **To c.-m. a soldier**, A. a chur ar shaighdiúir.

**COURTESY** Cúirtéis, múineadh, síodúlacht.

**COVE** Cuainín, camas.

**COVER** **Bullet-proof c.**, clúid philéardíonach. **Continuous c.**, c. leanúnach. **Front c.**, tulchlúdach. **F. c. catch**, greamaire tulchlúdaigh. **Grooves in f. c. catch**, eitrí greamaire t. **Lever of f. c. catch**, luamhán greamaire t. **F. c. catch plug**, plocóid ghreamaire t. **Plunger of f. c. catch**, tumaire greamaire t. **F. c. catch spring**, tuaim ghreamaire t. **Isolated c.**, clúid leithligh. **Joint c. pin**, altbhiorán clúdaigh. **C. lock spring**, tuaim ghlas clúdaigh.

**Rear c.**, cúlchlúdach. **Grooves in rear c. for ribs on breech casing**, eitrí sa chúlchlúdach d'easnacha na craoschásála. **Lock hooks of rear c.**, glaschrúcaí cúlchlúdaigh. **Lug on rear c. lock for lock spring**, cluaisín ar ghlas c. do ghlastuailm. **Non-bullet-proof c.**, clúid neamh-philéardhíonach. **Ramps of rear c.**, fánáin chúlchlúdaigh. **Spring of lock of rear c.**, tuailm ghlas c. **C. from fire**, clúid ó lámhach. **C. from view**, clúid ó radharc. **To c. a withdrawal**, aistarraingt a chlúid. **To c. off a marker**, marcálaí a chlúid. **To take c.**, dul faoi chlúid. **C. flap**, clúdach lúdraigh. **Air c.**, aerchlúdach. **Column c.**, clúdach colúin. **Fighter c.**, clúdach de throdairí. **Overhead c.**, clúid lasairde. **Radar c.**, clúdach radair.

**COVERED C. approaches**, tárrachtana clúdaithe.

**COVERING C. detachment/ force/ requisition**, díorma/ fórsa/ foréileamh clúdaigh. **C. movements**, gluaiseachtaí clúdaigh.

**COWARDICE** Meatacht.

**COWLED C. lights**, soilse faoi chomhal.

**COXSWAIN** Liagóir.

**CRAB** Portán. **C. apple**, fia-úll, goirteog.

**CRADLE** (*gun*) Cliabhán. **Front c. cap**, caipín tulchliabháin. **C. cover/ clamping gear/ loop**, Clúdach/ gléas clampála/ lúb cliabháin. **C. trunnions**, truiniúin chliabháin.

**CRAFT Surface c.**, ártach dromchla uisce.

**CRAFTSMAN** Ceardaí, *pl.* ceardaithe.

**CRAG** Creig.

**CRANE** Craein, crann tógála. **C. bushing/ lock/ lock screw**, braicille/ glas/ scriú glas craenach. **C. driver**, tiománaí crann tógála.

**CRANK** Crangaid. **C. bearings**, tuail chringaíde. **C. handle**, hanla crangaíde.

**Knob of c. h.**, bailcín h. c. **C. h. tail/ fixing pin**, eireaball/ biorán nasctha h. c. **C. shaft**, fearsaid ch. **C. case**, cás c. **C. pins**, bioráin ch.

**CRASH Aircraft c.**, Tuairteáil aerárthaigh.

**CRATER** Deirc. **Bomb C's**, deirceanna buama.

**CRATERED C. road**, bóthar deirceannach.

**CRAWL** The 'Bear' / 'Cossack' / 'Kitten' / 'Leopard' / 'Stomach' c., Lámhacán 'na Beithre' / 'Cosacach' / 'an Phiscín' / 'an Liopaird' / 'Boilge'. **C. trench**, trinse lámhacáin.

**CRAYFISH** Cráifisc.

**CREAM** Uachtar. **Fresh c.**, óguachtar. **C. of tomato soup**, anraith uachtair trátaí. **Whipped c.**, u. coipthe. **Creamed potatoes**, prátaí formheasctha, brúitín. **Brandy cream**, uachtar branda.

**CREDENTIAL** Teistiméireacht.

**CREDIBILITY C. of witness**, creidiúnacht finné.

**CREDIT** Creidiúnas, creidmheas. **C. from last month**, creidiúnas ón mí seo caite.

**CREDITOR** Creidiúnaí. **Sundry c's**, creidiúnaithe éagsúla.

**CREDULOUS** Róchreidmheach.

**CREEK** Crompán.

**CREMATORIUM** Créamatóiriam.

**CRESCENT** Corrán. **The Red Crescent**, An Corrán Dearg.

**CREST** Struic, cíor. **Army C.**, Struic an Airm. **False c.**, cíor bhréige. **C-line**, cíor líne. **C. clearance**, cíorghlanadh. **C. method**, cíormhodh.

**CREVICE** Scáine. *Pl.* scáiní.

**CREW** Criú, foireann.

**CRIME** Coir.

**CRIMINAL. C. law**, dlí coiriúil

**CRIMP** To c. a detonator to a fuse, maidhmitheoir a chrapadh le haidhnín.

**CRISIS** Aothú, gabh, géarchéim. **I pass a**

## Critical

c., cuirim a./g. díom. **C. management** bainistíocht ghéarchéime.  
**CRITICAL C. date**, dáta cinnteach.  
**C. opinion/estimate etc.**, tuairim, meastachán etc., léirmheastach. **C. (chem.)** criticiúil. **C. terrain** talamh tábhachtach. **C. size**, méid chriticiúil.  
**CRITICISM** Léirmheastóireacht, critic.  
**C. of lecture**, léirmheas ar léacht.  
**CROSS** Crosta. **C. of the hilt**, crois an dornchla. **C.-bow**, crosbhogha, **c.-examination**, croscheistiú. **C. roads**, crosaire.  
**CROSSBEARINGS** Iltreonna.  
**CROSS-COUNTRY C. Capabilities of an armoured fighting vehicle**, acmhainneacht trasnathíre feithicle armúrtha troda.  
**CROSS-EXAMINATION C. of witnesses**, croscheistiú finnéithe.  
**CROSS-HATCHING (M.R)** Cros-scáiliú.  
**CROSSHEAD** Croscheann. **The c. arm/ bracket/ Joint pin**, géag/ brac/ altbhiorán an chroschinn.  
**CROSSING** Level C., trasnú comhréidh. **C. tables**, táblaí crosála.  
**CROSS-LEVEL** Crosleibhéal.  
**CROSSLEVELING C. Bubble**, bolgóid chrosleibhéil.  
**CROSSPIECE** Crosmhír. **Rear c.**, c. chúil. **Arms of rear c.**, géaga crosmhíre cúil. **Rear c. 'T' fixing pin**, crosbhiorán nasctha c.c.  
**CROSS-PIN** Crosbhiorán. **Foresight block c.**, crosbhiorán bloc tultreorach.  
**CROSS-ROADS** Crosaire.  
**CROSS-SECTION (M.R.)** Crosteascadh.  
**CROSS-SECTIONAL C. area**, Líomatáiste crosteasctha.  
**CROSS-STRAP** Cros-stropa.  
**CROUCH(ING)** Cromadh.  
**CRUCIBLE** Soitheach leáite.  
**CRUEL** Cruálach.  
**CRUISER** Cúrsóir.  
**CRUISING C. speed**, Luas cúrsóireachta.

## Current

**CRUSHING** Brú, bascadh.  
**CRUTCHES** Maidí croise.  
**CRYPTOGRAM** Rúnscripht, rúnscribhinn.  
**CRYSTAL** Criostal. **C. structure**, criostaldéanamh. **Snow c's**, criostail sneachta.  
**CUBBY-HOLE** Caochóg.  
**CUBIC** Ciúbach. **C. volume**, toirt chiúbach.  
**CUL-DE-SAC** Bealach caoch.  
**CULMINATING C. point of cone**, buaic coirceoige.  
**CULMINATION** The c. of weapon training is battle practices, is iad na cathchleachtais barchríoch armthraenála.  
**CULPABLE C. damage**, damáiste inmhilléain.  
**CULTURE** Physical c., corpfhreacar. **Defence Forces' Physical Culture School**, Scoil chorpfhreacair Óglaigh na hÉireann.  
**CULVERT** Lintéar.  
**CUMULATIVE** Carnach, breisitheach. **C. reading**, léamh breisithe.  
**CUP** The chaplains/ infantry/ light machine gun/ medical corps/ rifle c., corn na séiplíneach/ na gcoisithe/ an inneallghunna éadroim/ an chóir liachta/ an mhuscaeid. **Marksman c.**, c. aimsitheoireachta. **Perpetual challenge c.**, c. síorchomórtais. **The all-weapons c.**, c. na n-armán uile.  
**CUPRO-NICKEL C. Envelope**, clúdach copar-nicile.  
**CURIOSITY** Fiosracht.  
**CURRAGH C. Training Camp**, Campa Traenála an Churraigh. **C.T.C. Headquarters/ Staff**, Ceanncheathrú/ Foireann Champa Traenála an Ch.  
**CURRENT** Cuirín. **Red/ black c.**, C. dearg/ dubh.  
**CURRENT** Direct/ high-frequency/ low-frequency c., sruth díreach/



ardmhinicíochta/ ísealmhinicíochta. **C. of blood**, caise fola. **Alternating c.**, sruth ailtéarnach/ umthánach **Electric c.**, sruth leictreach. **C. copy of T.R. 11**, cóip atá i bhfeidhm de Rialacháin Traenála 11. **C. engagement of soldier**, fruiliocht atá ar shaighdiúir. **C. period of service**, tréimhse reatha sheirbhíse. **For c. use**, chun úsáide na huairé.

**CURRICULUM** Curaclam.

**CURRY** Curaí, **I c.**, Réitím le c. **C. paste/ powder**, taos/ púdar c.

**CURRYCOMB** Curachfóir.

**CURSOR** Cúrsóir. **Fixed c.**, c. ceaptha.

**CURSORY** **C. glance**, srachfhéachaint.

**CURVATURE** Cuairé.

**CURVE** **The c. of the trajectory**, cuar an rothaig. **C'd line/ path**, Líne/ conair chuarach.

**CUSHION** Cúisín. **Stuffed canvas c.**, c. canbháis dhingthe. **Protection c.**, c. caomhanta.

**CURTAIN** Giorraím.

**CUSTODIAN** Caomhnóir.

**CUSTODY** Coimeád. **C. area**, láthair choimeáda. **In c. on a charge for an offence**, i gcoimeád ar chúiseamh i gcion. **Safe c.**, slánchoimeád. **Service c.**, c. seirbhíse. **To take into military c.**, glacadh i gcoimeád míleata. **Day in c.**, lá i gcoimeád.

**CUSTOMER** Custaiméir. **Customer service action plan**, plean gníomhaíochta um sheirbhís chustaiméara

**CUT** **C.-away** (*in screw*), gearradh. **To c. away the hand to the side**, an lámh a scothadh le cliathán. **C. off**, scoite. **To cut off their retreat**, a gcúlú a imchosc.

**CUTANEOUS** Cneasach. **C. disease**, cneasghalar.

**CUT-OFF** **C. gear**, gléas stoptha. **C.**

**gear actuating rod/ setting tool**, slat ghníomhaithe/ uirlis ghléis stoptha.

**CUT-OUT** Scaraire.

**CUTLET** Gearrthóg. **Lamb c.**, g. uaineola.

**CUTTER** Cuitéar (*boat*). **Wire c.**, gearrthóir sreinge.

**CUTTING** Gearradh, gearrtha, **Railway c's**, gearrthacha iarnróid. **Pair of c. pliers**, teachair ghearrtha.

**CYANIDE** **Double c., of mercury and zinc**, déchiainíd airgid bheo agus sinc.

**CYCLE** Ciogal, timthriall. **C's per second**, ciogail an soicind. **Four stroke c.**, timthriall ceithre bhuille. **Planning c.**, ciogal pleanála.

**CYCLIST** Rothaí (*n. and adj.*). **C. regiment**, reisimint rothaithe.

**CYCLOMETER** Cicliméadar.

**CYLINDER** Sorcóir. **C. block/ cams**, bloc/ ceamanna sorcóra. **C. cam lever**, luamhán ceam s. **C. c. screw**, scríú ceam s. **Chemical portable c's**, sorcóirí iniompartha ceimiciúla. **C. complete**, sorcóir comhlán. **Hydro-pneumatic c.**, s. hidríniumaitic. **Liquid c.**, s. leachtach. **Liquid c. piston**, loine sorcóra leachtaigh. **C. head**, ceann sorcóra. **C. stop**, bac s. **C. s. lever**, luamhán bac s. **C. s. screw**, scríú bac s. **C. s. spring**, tuailm bhac s. **Six c. car**, carr sé shorcóir. **Threaded end of the c.**, ceann snáite den sorcóir.

**CYLINDRICAL** **C. metal casing**, cásáil mhiotail shorcóireach.

**CYNICAL** Ciniciúil.

# D

**DAB** Daba.

**DAGGER** Duirc, miodóg.

**DAILY** Laethúil.

**DAM** Damba.

**DAMAGE** Damáiste. **Barrack d's**, damáistí beairice. **Culpable d.**, damáiste inmhilleáin. **Collateral d.**, d. comhthaobhach **D. to military equipment**, d. do threalamh míleata. **D. caused through fair wear and tear**, d. trí ghnáthchaitheamh agus gnáthchuiremilt. **D. attributable to circumstances other than f.w. and t.**, d. is inchurtha i leith imthosca seachas gnáthchaitheamh agus gnáthchuiremilt. **Secondary d.**, d. tánaisteach. **Structural d.**, d. Tógala. **Wilful d.**, d. toiliúil.

**DAMPED D. galvanometer**, galbháinmhéadar maolaithe.

**DAMPER** Maolaire.

**DAMPNESS** Taise.

**DAMP-RESISTING** Taisdhíonach.

**DANDRUFF** sail chnis, codam.

**DANGER** Contúirt, dainséir. **In the case of imminent national d.**, i gcás contúirt náisiúnta a bheith ag bagairt. **D. area**, líomataíste dainséir. **D. flag**, brat rabhaidh.

**DANGEROUS** Contúirteach, dainséarach. **D. zone**, crioslach dainséarach.

**DASH** (*sigs.*) Dais. **D.-board**, pludchlár, painéal. **D. light**, solas painéil.

**DATA** Sonraí. **Reference d.**, s. tagartha.

**DATE D. of commencement of pension**, dáta tosaithe pinsin. **D. of desertion**, d. tréigin. **D. of discharge**, d. urscaoilte. **D. of dismissal**, d. dífhostaithe. **Effective d. of appointment/promotion**, d. éifeachtach ceapacháin/ardú céime. **D. of initial formation of unit**, d. céadbhunaithe aonaid. **D.**

**of re-enlistment**, d. athliostála. **D. of replacement**, d. athsholáthair. **D. of reversion**, d. aischéimithe. **D. of termination of service**, d. foirceannta seirbhíse. **Critical d.** (*Army Pension*), d. cinnteach. **Operative d.**, d. feidhme. **D. time groups**, grúpaí dáta agus ama.

**DATUM** Dátam. **D. point** pointe dátaim.

**DAVIT** Dáibhí.

**DAWN** Breacadh lae, éirí gréine, fáinne an lae.

**DAY D. of absence**, lá neamhláithreachta. **D. in custody**, l. i gcoimeád. **D. of detention**, l. faoi choinneáil. **D. of imprisonment**, l. príosúnachta. **D. room**, seomra lae.

**DAZZLE** Drilse, dalladh, dallrú. **To d. oncoming traffic**, trácht i d'aghaidh a dhallrú.

**DEAD D. axle**, acastóir daingean. **D. body**, corp (marbh). **D. centre**, ceartlár. **D. level**, cruinn leibhealta.

**DEADGROUND** Marbthalamh.

**DEAF** Bodhar.

**DEAFNESS** Bodhairie.

**DEARTH** Ganntanas.

**DEATH** Bás. **Sudden d.**, bás tobann. **Suspicious d.**, bás amhrasach.

**DEBATE** Díospóireacht.

**DEBAUCHERY** Ainriantacht, drabhlás.

**DEBIT** Fiachas. **To d. a sum to the account of 'A'**, suim airgid fhéichiúnú do chuntas 'A'. **D. balance**, fuilleach fiachais. **Mess d's**, fiachais bhialainne.

**DEBONAIR** Lúcháireach, soilbhir.

**DEBOUCH** **To d. from a wood**, brúchtadh as coil.

**DEBRIEFING** Dí-mhionteagasc.

**DEBRIS** Treascarnach, smionagar. **D. clearance**, iméiteach treascarnaigh.

**DEBT** Fiach. **Bad debts**, drochfhiacha.

**DEBTOR** Fiachóir, féichiúnaí.

**DEBUS** **To order troops to d.**, ordú do thrúpaí tuirlingt.

## Decarbonise

**DECARBONISE** *vb.* Dícharbónaím.  
**DECAY** *n.* Meath, *vb.* Meathann.  
**Weathering by natural d.,**  
síonchaitheamh trí mheath nádúrtha.  
**D. law,** dlí an mheatha. **Rate of decay.**  
ráta meatha. **Average d.,** meánmeath.  
**D. of sources,** meath na bhfoinsí. **D.**  
**constant,** buaine meatha.  
**DECEASED** Marbh, duine nach  
maireann.  
**DECEIT** Calaois, meabhal.  
**DECEIVE** Mealaim.  
**DECELERATE** Maolú. **D. speed,** luas a  
mhaolú.  
**DECENCY** Geanas, galántacht,  
macántacht.  
**DECENTRALISATION** **D. of records,**  
dílárú taifead.  
**DECENTRALISED** **D. operations,**  
oibríochtaí díláraithe.  
**DECEPTION** **D. plan,** plean mealltach.  
**D. fire,** lámhach mealltach.  
**DECIDE** Cinnim, beartaím.  
**DECIDUOUS** **D. trees,** crainn  
dhuillsilteacha.  
**DECIMAL** Deachúil. **D. system,** córas  
deachúla.  
**DECIPHER** **To d. a message,** rúnscript/  
rúnscríbhinn teachtaireachta a  
scaoileadh.  
**DECIPHERING** Scaoileadh ó rúnscript/  
ó rúnscríbhinn.  
**DECISION** Breith. **The Commander's**  
**d.,** breith an Cheannasaí. **To arrive**  
**at a d.,** teacht ar bhreith. **Judicial**  
**d.,** b. dhlíthiúil. **Quick-d. exercises,**  
freachnaimh ghrodbhreithe.  
**DECISIVE** Cinnteach, cinntitheach.  
**D. battle,** cath cinnteach. **At the d.**  
**time and place,** san am agus san áit  
chinnteach.  
**DECK** Léibheann, deic, clár. **D. hands/**  
**officer,** lámha/ oifigeach léibhinn.  
**DECLARANT** Dearfóir.  
**DECLARATION** **False d.,** dearbhú

## Deduction

bréagach. **Firer's d.,** dearbhú  
lámhachóra. **D. of a court of inquiry,**  
dearbhú cúirt fiosrúcháin. **A d. of**  
**illegal absence,** d. neamhláithreachta  
neamhdhleathaí. **To make a d.,** d. a  
dhéanamh. **Solemn/ statutory d.,** d.  
sollúnta/ reachtiúil. **Untruthful d. of**  
**firer,** d. bréagach lámhachóra. **D. of**  
**war,** fógairt chogaidh.  
**DECLARE** *vb.* Dearbhaím. **To d. the**  
**Defence Forces to be on active**  
**service,** dearbhú Óglaigh na hÉireann  
a bheith ar fianas. **To d. by order,** d.  
le hordú. **To d. a point of aim,** pointe  
díriochta a dhearbhú. **To d. a shot**  
**correct or incorrect,** a rá go bhfuil  
urchar ceart nó mícheart.  
**DECLINATION** **Magnetic d.,** an diallas  
adhmainteach.  
**DECLINE** Diúltaím (*refuse*), meath  
(*decay*). **The accused d's to cross-**  
**examine the witness,** ní mian leis  
an gcúisí an finné a chroscheistiú. **To**  
**d. to make a declaration,** diúltú do  
dhearbhú a dhéanamh.  
**DECLIVITY** Íosfhána.  
**DECODE** *vb.* Díchódaim.  
**DECODER** Díchódóir. **Fall of shot d.,** d.  
urcharthitime.  
**DECOMPOSE** Lobhaim.  
**DECOMPOSITION** Trothlú, lobhadh.  
**DECOMPRESSION** Dí-chomhfháscadh,  
díbhrrú.  
**DECONTAMINATION** **D. Squad,**  
scuad díthruaillíochta.  
**DECORATION** **Military d's,** oirnéala  
míleata.  
**DECORUM** Dea-iompar.  
**DECOY** Bréagán.  
**DECREASE** Laghdú. **Family d.,** laghdú  
clainne. **Strength d.,** laghdú lín.  
**DECREE** **The court d's,** foraitheann  
chúirt.  
**DEDICATE** Toirbhrim, tiomnaím.  
**DEDUCTION** Déaduchtú (*logic*),

asbhaint. **D's in respect of hospital treatment**, asbhaintí i leith cóireála ospidéal. **Laundry and haircutting d's**, a. i leith níocháin agus gruagaireachta. **Penal d. from pay**, asbhaint phionósach ó phá. **To place a soldier under d. from pay**, asbhaint phá a ghearradh ar shaighdiúir.

**DEED D. of valour**, gníomh gaille.

**DEEMED He shall be d. to have tendered his resignation**, is tuigte é a thairiscint éirí as.

**DEEP** Domhain.

**DEFACE** *vb.* Aghloitim, *vl.* Aghlot.

**DEFACEMENT** Aghlot.

**DEFAME** Clúmhillim.

**DEFAULT In d. of agreement**, cheal comhaontaithe. **Payments in d. of legal personal representatives**, iocaíochtaí cheal ionadaithe pearsanta dlíthiúla. **Purchase of supplies in d.**, soláthairtí a cheannach i gcás mainneachtana. **To make d. in attending as a witness**, mainniú teacht i láthair mar fhinné.

**DEFAULTER** Mainnitheoir.

**DEFEAT D. in battle**, briseadh catha.

**DEFECT** Locht. **To be free from d.**, bheith saor ó éalaing.

**DEFECTIVE** Lochtach. **D. cartridge**, cartús éalangach. **D. eyesight**, mallachar radhairc.

**DEFENCE** Cosaint. **Active d.**, c. ghníomhach. **All round d.**, imchosaint. **Air d.**, aerchosaint. **Civil d.**, c. sibhialta. **Close-in d. of battery**, neaschosaint bhataire. **D. in depth**, c. ar doimhneacht (i.e. ó thosach go cúl). **Elastic d.**, c. solúbtha. **Foremost d's**, tulchóracha cosanta. **Islands of d.**, oileáin chosanta. **It shall be a good d. for him to prove...**, beidh sé ina chosaint mhaith dhó a chruthú... **Ground/ harbour d's**, córacha cosanta talún/ cuain. **Hedgehog d.**, cosaint ghráinneoige. **In d.**, ar

c. **D. in line**, c. líneach. **Offensive d.**, cosaint ionsaitheach. **Outer d's**, córacha cosanta forimeallacha. **Passive d.**, c. neamhionsaitheach. **To call a witness in his d.**, finné a ghlaoch chun a chosanta. **D. Forces' Regulations**, Rialacháin Óglaigh na hÉireann. **Active air d's**, aerchosaintí gníomhacha. **Air defence commander**, ceannasaí aerchosantaí. **Normal field d's**, gnáthchóracha cosanta machaire. **Passive air d.**, aerchosaint neamhionsaitheach. **The Defence Forces**, Óglaigh na hÉireann. **Defence Forces' Training Centre**, Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann. **Defence Forces' Headquarters Communications and Information Services Company**, Complacht Seirbhísí Cumarsáide agus Eolais Cheanncheathrú Óglaigh na hÉireann.

**DEFEND** *vb.* Cosnaím, *vl.* cosaint.

**DEFENDED D. locality**, Ionad cosanta. **D. post**, post c.

**DEFENDER** Cosantóir.

**DEFENDING D. forces**, fórsaí cosantacha.

**DEFENSIVE They remained on the d.**, d'fhanadar ar a gcosaint. **D. fire**, lámhach cosantach. **D. fire tasks (SOS)**, tascanna lámhaigh chosantaigh (SOS).

**DEFER To d. something**, rud a chur ar athlá.

**DEFERENCE** Urraim, ómós.

**DEFERENTIAL** Urramach, ómósach.

**DEFERRED** Siarainn, ar athlá. **D. pay**, pá siarainn.

**DEFIANCE Intentional d. of authority**, dúshlán toiliúil údaráis. **In d. of military law**, d'ainneoin an dlí míleata.

**DEFICIENCY D. in ammunition**, easnamh lónlámhaigh.

**DEFICIT** Easnamh.

**DEFILADED D. zone**, crioslach fothanta.

## Defile

**DEFILE** Scrogall (*pass*).  
**DEFINED D. area**, líomatáiste sainmhínte.  
**DEFINITE** Cinnte, deimhneach.  
**DEFINITION D. of Military Law**, sainmhíniú ar Dhli Míleata. **D. i.e. clarity** (*M.R.*) Soiléireacht.  
**DEFLECT** *vb.* Sraonaim. **To d. a blow**, buille a shraonadh.  
**DEFLECTION** Sraonadh, claonadh.  
**D. due to drift**, sraonadh de dheasca siabadh. **D. angles**, uillinneacha sraonaidh. **Vertical d. gear**, gléas ingearshraonaidh.  
**DEFLECTOR** Blast d., sraonaire séideáin.  
**DEFORMED D. blade**, lann éagruthach.  
**DEFRAUD** déanaim séitéireacht.  
**DEFRAY** Íocaim, glanaim.  
**DEGREE D. of disability**, grád mithreorach. **D. of disablement**, g. míchumais. **D's of latitude/ longitude**, céimeanna domhanleithid/ domhanfhaid. **Varying d. of difficulty in location of targets**, gráid deacrachta éagsúla i mbrath targaidí. **D. method**, céim-mhodh. **D. in architecture/ engineering/ science**, céim ollscoile in ailtireacht/ innealtóireacht/ eolaíocht. **D. of notice**, méid fógra, méid foláirimh. **D. of protection**, grád caomhnaithe. **Precedence d's**, gráid phríomheachta. **D. of radiation**, céim raidíochta. **D. of safety**, grád sábháilteachta. **D. of search**, cruinneas cuardaigh.  
**DEHYDRATE** Díscím.  
**DELAY** Moill. **D. channel** (*fuse*), cainéal malldócháin. **D. action fuse**, mallaidhnín. **D. switch**, lasc mhoille.  
**DELAYED D. gamma**, gamma moillithe.  
**DELAYING D. action**, comhrac moillitheach. **D. mission**, misean moillitheach.  
**DELEGATE** **To d. command/ the powers of Commanding Officer**

## Demolition

(**to**), Ceannas/ cumhachtaí Oifigh Cheannais a tharmligean (chun).  
**DELEGATING D. authority**, údarás tarmligin.  
**DELEGATION D. (of powers)**, tarmligean. **A delegation**, toscoireacht.  
**DELETE** **To d. a paragraph**, mír a scriosadh amach.  
**DELIBERATE D. aim**, díriú fuireachair. **D. practice**, cleachtas fuireachair.  
**DELICATE D. mechanism**, meicníocht leochaileach.  
**DELIVER** **To d. a counter-attack**, frithionsaí a thabhairt.  
**DELIVERED** Seachadta.  
**DELIVERY** Seachadadh. **D. points**, pointí seachadaidh.  
**DEMAGNETISE** *vb.* Dímhaignéadam.  
**DEMAND** Éileamh.  
**DEMEANOUR** Iompar.  
**DEMENTED** Ar buile.  
**DEMESNE** Díméin.  
**DEMI-** Leath-.  
**DEMobilisation D. of reserve**, díshlógadh cúltaca.  
**DEMobilise** **To d. reservists**, cúltacairí a dhíshlógadh.  
**DEMobilised D. temporarily medically unfit**, díshlógtha go sealadach de dheasca easláinte.  
**DEMOCRACY** Daonlathas.  
**DEMODULATE** Dímhodhnaím.  
**DEMODULATION** Dímhodhnú.  
**DEMOLITION** Scartáil, leagan. **D. box/ company/ party/ plans/ set**, bosca/ complacht/ meitheal/ pleananna/ gléas scartála. **D's and obstacles**, Scartálacha agus constaid. **D. and repair notices**, fógraí scartála agus deisiúcháin. **D. belt**, crios scartála. **D. guard**, garda scartála. **Emergency d. orders**, orduithe práinnscartála. **Opportunity d's**, scartálacha caothúlacha. **Preliminary d.**, réamhscartáil. **Rapid d. devices**, gléasanna mearscartála. **Reserved d.**, scartáil choinníollach.

**DEMONSTRATION** **Attack/ defence d.**, léiríocht ionsaí/ chosanta. **Infantry d's**, léiríochtaí coisithe. **Instructor's complete d.**, lánléiríocht teagascóra. **D. battalion**, cathlán léiríochta.

**DEMORALIZE** **To d. (the Army)**, (an tArm) a dhomheanmnú, misneach (an Airm) a bhriseadh.

**DENIAL** Diúltú. **Road d.**, diúltú bóthair.

**DENIM** **D. overalls**, rabhlaeir denim.

**DENOMINATION** **Religious d.**, aicme chreidimh.

**DENSE** Tiubh, dlúth, dúr. **D. chemical smoke**, deatach tiubh ceimiceach.

**DENSITY** Dlús, tiús. **Air d.**, dlús aeir. **D. converted into metres between vehicles**, an d. de réir an méid méadair idir feithiclí. **Low/ standard d. (vehicles)**, d. scáinte/ caighdeánach. **D. of bullets**, d. piléar. **Maximum d.**, d. uasta. **The d. of a cone of fire decreases from the centre outwards**, dá fhad na piléir ó lár na coirceoige is amhlaidh is éadlúithe iad. **A column moving at low d.**, colún ag gluaiseacht ar éadlús.

**DENT** Claig.

**DENTAL** **D. mechanic/ officer**, ceardaí/ oifigeach fiaclóireachta. **D. record card**, cárta taifid fiaclóireachta. **D. surgery**, déadliacht. **D. surgery attendant**, freastalaí liachtlan fiaclóra. **D. surgery (áit)**, lialann fiaclóra. **D. treatment**, cóireáil fiaclóireachta. **D. workshop**, déadlann. **D. laboratory**, Saotharlann dhéadach.

**DENTIST** Fiaclóir.

**DENTISTRY** Fiaclóireacht.

**DENTURE** Déadchíor, fiacla bréige.

**DENY** Séanaim. **D. a charge**, cúiseamh a shéanadh. **To d. combat post to the enemy**, post comhraic a choimeád ón namhaid.

**DEODORANT** Dibhlaíoch.

**DEPARTMENT** **D. of Defence**, An Roinn Cosanta.

**DEPARTURE** **Line of d.**, líne imeachta.

**Point of d.**, pointe imeachta. **Time of d.**, am imeachta, am díleacháil.

**DEPEND** Bheith ag braith ar.

**DEPENDANT** Cleithiúnaí. **D. of a deceased officer**, c. ar oifigeach marbh. **Partial d.**, páirtchleithiúnaí. **Soldiers' d's**, cleithiúnaithe saighdiúirí.

**DEPENDENT** **To be d. (on)**, bheith i gcleithiúnas (ar), ag brath (ar). **To be mainly d. (on)**, bheith i gcleithiúnas go mór mór (ar). **To be partially/ wholly d. (on)**, bheith i bpáirtchleithiúnas/ lánchleithiúnas (ar). **D. relative**, gaol cleithiúnach.

**DEPLOY** *vb.* Imscaraim. **To d. at short notice**, imscaradh ar ghearrfhógra. **To d. for action**, i. chun comhraic. **To d. to a flank**, i. chun cliatháin.

**DEPLOYED** **A d. platoon**, buíon ar imscaradh.

**DEPLOYMENT** **D. area**, líomatáiste imscarúna. **Geographical d.**, inscaradh geografach.

**DEPOLARISE** *vb.* Dipholaraim.

**DEPOPULATE** Bánaím.

**DEPOSIT** **The d. in the bore**, an t-iarsma sa chró. **Metallic d.**, i. miotalach.

**DEPOT** Iosta. **Base d. of medical stores**, i. bunáit stóras liachta. **D. adjutant/ commandant/ commander/ quartermaster**, aidíúnach/ ceannfort/ ceannasaí/ ceathrúnach i. **Assistant d. quartermaster**, ceathrúnach i. cúnta. **General Training D.**, Príomhiosta Traenála. **Haulbowline D.**, I. Inis Sionnach. **Recruit Training D.**, Iosta Traenála Earcach. **The Naval D.**, An tI. Cabhlaigh. **Repair d.**, i. deisiúchhain. **Main r. d.**, príomhiosta d. **Stores d.**, i. stóras, **Supply d.**, i. soláthair. **Main s. d.**, príomhiosta s. **D. and school**, i. agus scoil. **D. school and workshops**, i. scoil agus ceardlanna. **Army mechanical transport d.**, i. iompair



## Depreciation

mheicniúil airm. **Army medical d.**, i. liachta airm. **Army ammunition d.**, i. lónlámhaigh airm. **Brigade ammunition d.**, i. lónlamhaigh briogáide. **Brigade engineer d.**, i. innealtóirí briogáide. **Army petrol d.**, i. peitiril airm. **Brigade medical d.**, i. liachta briogáide. **Brigade mechanical transport d.**, i. iompair mheicniúil briogáide. **Brigade supply d.**, i. soláthair briogáide. **Brigade training d.**, i. traenála briogáide. **Field ammunition d.**, i. lónlámhaigh machaire. **Field mechanical transport d.**, i. iompair mheicniúil machaire. **Field engineer d.**, i. innealtóirí machaire. **Field medical d.**, i. liachta machaire. **Ordnance d.**, i. ordanáis.

**DEPRECIATION** Mess property d., díluachadh maoin bialainne.

**DEPRESS** *vb.* Íslím. **To d. the sear**, an sabhán a íslíú.

**DEPRESSION** **Angle of d.**, uillinn íslithe. **D. range finder**, raonaimsí íslithe.

**DEPRIVATION** **D. of acting rank** (NCO), a chéim ghníomhach a bhaint de (ONC).

**DEPROGRAMME** Dichlarú.

**DEPTH** **D. of the beaten zone**, doimhneacht an chrioslaigh bhuaile. **180 metres in d.**, 180 méadar ar doimhneacht. **To put fire down in d.**, lámhach a dhéanamh ar d. **D. charge**, lánán doimhneachta. **Defence in d.**, cosaint ar doimhneacht. **Target with d.**, targaid doimhneachta. **Target with great d.**, targaid mhórdhoimhneachta.

**DEPUTISING** **D. officer**, oifigeach ionaid.

**DEPUTY** Ionadaí, fear ionaid. **D. Adjutant-General**, An Leas-Ardaidiúnach. **D. Chief of Staff**, Leas-Cheann Foirne. **D COS (Operations)**, Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí).

## Destination

**D COS (Support)**, Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht). **Office of the D COS (Ops)**, Oifig an Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí). **Dáil deputy**, Teachta Dála. **Deputy Judge Advocate General**, Leas-Ardabhcóide Breithiúnais.

**DERELICT** Tréigthe.

**DERELICTION** **D. of duty**, faillí i ndualgas.

**DERMATITIS** Deirmitíteas, salachar craicinn.

**DEROGATION** **D. of power**, laghdú cumhachta.

**DESCENT** Tuirlingt. **Angle of d.**, uillinn tuirlingthe. **Parachute d**, tuirlingt de pharaisiút.

**DESCRIBE** Tuairiscím. **To d. a circle clockwise with the sword**, ciorcal deiseal a rianú le claíomh.

**DESCRIPTION** **D. of Mark VII ammunition**, tuairisc ar lónlámhaigh Marc VII.

**DESCRIPTIVE** **D. names** (*M.R.*), ainmeacha tuairisciúla. **D. particulars**, sonraí t.

**DESERT** *vb.* Tréigim, *vl.* tréigean.

**DESERTED** **D. areas**, ceantair bhánaithe.

**DESERTER** Tréigtheoir. **Intending d.**, duine atá ar intinn tréigean. **Suspected d.**, tréigtheoir amhráis.

**DESIGN** **D of a grenade/ medal**, dearadh gránáide/ boinn.

**DESIGNATE** **To d. a road**, bóthar a ainmniú.

**DESIGNATED** **D. point**, pointe ainmnithe.

**DESIGNATION** **D. of staffs and units**, ainmneacha foirne agus aonad. **D. of places**, ainmneacha áiteanna.

**DESPONDENCY** Drochmhíneach. **To cause d. in the Forces**, d. a leathadh imeasc na bhFórsaí.

**DESSERT** Milseog.

**DESTINATION** **D. of information**, ceann scríbe eolais. **D. of units**, ceann scríbe aonad.

## Destroy

**ERODE** Creimim.

**EROSION** Creimeadh.

**ERRATIC E. shooting**, lámhach iomrallach.

**ERROR** Earráid. **Compass e's**, earráidí compáis. **Halving e. (R.F.)**, earráid sa leathú. **E. in direction/ elevation**, e. treo/ ardaís. **Index e. (arty.)**, e. taispeána. **Individual e. (compass)**, sainearráid. **Instrumental e.**, e. airnéise. **E. in the estimate**, e. sa mheastachán. **Lateral e.**, Taobhearráid. **Line e. (arty.)**, e. líne. **The permissible e. in ranging**, an e. incheadaithe i raonáil. **Range e.**, raonearráid. **Range-finding e.**, e. raonaimsíochta. **The remaining e. (zeroing)**, an e. iarmhair. **A remaining lateral (vertical) e.**, taobhearráid (earráid ingearachta) iarmhair. **Unaccountable e.**, e. dhomhínithe. **Mean percentage of e.**, meánchéatadán earráide. **To find a range by trial and e.**, raon a fháil trí thriail agus atriail.

**ERYSIPELAS** Ruachtach/ an rua.

**ESCAPE Gas e.**, gáspholl. **To permit e. of prisoners**, ligean do phríosúnaigh éalú.

**ESCARPMENT** Port rite.

**ESCORT** Cash escort, coimhdeacht airgid tirim. **Explosives e.**, c. pheascáin. **Fighter e.**, coimhdeacht trodairí. **Motor cycle e.**, c. gluaisrothar. **On e. duty**, ar dualgas coimhdeachta. **Under military e.**, faoi choimhdeacht mhíleata. **To e. stores**, stórais a choimhdeacht.

**ESPIONAGE** Spíodóireacht.

**ESPRIT DE CORPS** Díograis i gclú na buíne.

**ESSENCE** Bunbhrí.

**ESSENTIAL** Riachtanach. **E. differences**, difríochtaí bunúsacha. **E. information**, eolas riachtanach. **E. services**, seirbhísí riachtanacha.

**ESTABLISH** Bunú. **E. cleansing facilities**, saoráidí glanta a bhunú.

**ESTABLISHMENT** Bunaíocht. **E. Section** (*Departmental*), An Rannóg Teaghlachais. **Married e.**, bunaíocht phósta. **Miscellaneous staff e's**, bunaíochtaí ilghnéitheacha foirne. **E's and organisation**, bunaíochtaí agus eagraíocht. **Peace/ War E's**, B. Síochána/ Cogaidh. **Mobilisation e's**, bunaíochtaí slógaidh.

**ESTIMATE Army/ Army Pension** **E.**, meastachán Airm/Armphínsean. **Detailed e.**, m. sonraithe. **Mental e.**, m. intinneach. **E. of yield**, m. ar fhuinneamhthoradh (*c. bith.*). **E. of the situation**, m. ar an staid. **Rough estimate**, buille faoi thuairim, garbhmheastachán. **Supplementary e.**, m. forlíontach. **To make an e. of the situation**, m. a dhéanamh ar an staid. **Outline of an estimate**, creatlach meastacháin.

**ESTIMATED** **E. lead**, tosach measta. **E. time of arrival**, am sroichte measta. **E. time of completion**, am críochnaithe measta. **E. time of departure**, am imeachta measta.

**ESTRANGED** **E. wife**, bean chéile choimhthithe.

**ESTUARY** Inbhear.

**ETHER** Éitear.

**ETHOS** Cultúr.

**ETIQUETTE** Béasaíocht, deabhéas.

**EURO** The euro, an t-eoró.

**EUROPEAN** Eorpach. **E. union**, An tAontas Eorpach. **E. Security and Defence Policy**, Beartas Eorpach Slándála agus Cosanta.

**EVACUATE** *vb.* Aslonnaím. **To e. casualties**, taismigh a aslonnú.

**EVACUATION** **E. centres**, airmheáin

aslonnaíochta. **E. of the wounded**, aslonnú na gcréachtach. **E. area**, líomataíste aslonnaithe.

**EVACUEE** Aslonnaí, *pl.* -aithe.

**EVASIVE** **To e. capture or pursuit**, dul ó ghabháil nó tóir.

**EVALUATE** **To e. information**, eolas a mheá.

**EVALUATION** Luacháil, meá.

**EVALUATORS** Luachálaithe.

**EVASIVE** Seachantach.

**EVEN** **E. flow of traffic**, réghluaiseacht tráchta. **E. numbers**, réidh-uimhreacha.

**EVENLY** Go cothrom. **E. spread**, leata go c.

**EVENT** Ócáid, teagmhas, imeacht. **In the event**, i gcás. **At all events**, ar chaoi ar bith.

**EVERGREEN** (*M.R.*) *adj.* Síorghlas.

**EVICITION** Dishealbhú.

**EVIDENCE** Fianaise (*fem.*). **Conflict of e.**, easaontacht f. **Corroborative e.**, f. chomhthacaíochta. **Circumstantial e.**, f. imthoisceach. **Conclusive e.**, f. chinntitheach. **E. as to character/ motive**, f. ar charachtar/ thucaid. **Documentary e.**, f. cháipéiseach. **Direct/ indirect/ false/ hearsay e.**, f. dhíreach/ indíreach/ bhréagach/ chlostráchta. **E. of identification of documents**, f. ar chéannacht cháipéisí. **E. of the truth of a confession**, f. ar fhírinne admhála. **E. of accomplices**, f. chomhchoirithe. **E. of similar acts**, f. ar ghníomhartha dá shamhail. **E. as to facts**, f. i dtaobh fíoras. **E. on oath**, f. faoi mhionn. **E. for the defence/ prosecution**, f. ar thaobh na cosanta/ an inchúisimh. **Primary/ rebutting e.**, f. phríomha/ fhrisnéiseach. **Secondary e.**, f. thánaisteach.

**EX** **E. -army men**, fir iarairm. **E. -non commissioned officer**, iaróifigeach neamhchoimisiúnta. **E-officer**, iaróifigeach. **E. officio member of a**



## Exact

**committee**, comhalta coiste de bhri oifige. **E. soldier**, iarshaighdiúir.

**EXACT** Cruinn, beacht.

**EXACTLY** Díreach. **E. balances**, a chothromaíonn go cruinn.

**EXAGGERATE** Cur le, méadú. **To e. a drill movement**, cur le gluaiseacht druile. **To e. detail** (*map*), sonraí a mhéadú.

**EXAMINATION Educational e.**, scrúdú oideachais. **E.-in-chief** (*legal*), príomhcheistiú. **Medical e.**, scrúdú dochtúra. **E. on oath**, ceistiú faoi mhionn. **Oral e.**, scrúdú béil.

**EXAMINE To e. appliances for damage**, fearais a scrúdú le haghaidh damáiste. **To e. a witness on oath**, finné a cheistiú faoi mhionn.

**EXAMINER Ammunition e.**, scrúdaitheoir lónláimhaigh.

**EXAMPLE** Sampla.

**EXCAVATION** Tochailt.

**EXCAVATOR** Tochtaltóir.

**EXCEED** Téim thar. **To exceed the speed limit of the barracks**, teorainn luais na beairice a shárú.

**EXCELLENT** Thar barr.

**EXCEPT** Cé is moite de.

**EXCEPTION E. to the rules**, eisceacht do na rialacha.

**EXCEPTIONAL In e. circumstances**, faoi choinníollacha ar leith.

**EXCERPT** Sliocht.

**EXCESS** Breis, iomarca, barríocht. **A special rate of pay in e. of the regimental rate**, ráta speisialta pá de bhreis ar an ráta reisiminte. **E. of assets over liabilities**, breis ag na sócmhainní ar na dliteanais. **E. of punishment**, pionós a bheith iomarcach.

**EXCESSIVE E. details**, an iomarca sonraí.

**EXCHANGE** *n.* Malartán, *vb.* malartaím. **Telephone e.**, mailartán teileafóin. **To e. prisoners**, príosúnaigh a mhalartú. **To**

## Exercise

**e. salutes**, cúirtéisí a thabhairt dá chéile. **E. of information**, malartú eolais.

**EXCHEQUER** Státhchiste.

**EXCISE** Mál.

**EXCITABILITY** Sochorraitheacht.

**EXCITABLE** Sochorraithe.

**EXCITE A disease e'd by service in the Forces**, galar a gríosadh trí seirbhís sna Fórsaí.

**EXCITED** Corraithe (*duine*), floscaithe (*elec.*).

**EXCITING** Corraitheach.

**EXCLUDE To e. from a competition**, (*duine*) a eisiaimh ó chomórtas. (*vb.* *Eisiaim.*)

**EXCLUDED** As áireamh.

**EXCLUDER Dust or air e.**, eisiadóir smúide nó aeir.

**EXCLUDING The Corps, e. the Air Corps**, ná Cóir gan an tAerchór a áireamh.

**EXCLUSIVE** As áireamh, eisiatach. **E. fishery limits**, teorainneacha iascaigh eisiacha.

**EXCREMENT** Eiscreíd, cac.

**EXCUSE To e. a soldier from duty**, saighdiúir a ligean saor ó dhualgas. **To be e'd duty**, bheith ligthe saor ó dh. **E'd duty**, saor ó dh.

**EXECUTE To e. an order**, ordú a chomhlíonadh.

**EXECUTION** Bású daoine daortha. **E. of the order**, comhlíonadh an ordaithe.

**EXECUTIVE E. military command**, ceannas míleata feidhmiúcháin. **E. officer**, oifigeach feidhmiúcháin.

**EXEMPLARY** Eiseamláireach, sármhaith. **E. conduct**, iompar sármhaith.

**EXEMPT To e. from range practices**, díolmhadh ó na raonchleachtas. **E'd personnel**, pearsanra díolmhaithe.

**EXERCISABLE The powers e. by an officer**, ná cumhachtaí is infheidhmithe ag oifigeach.

**EXERCISE** Freachnamh, feidhmiú,

## Exert

cleachtadh, aclú. **Attack e.**, freachnamh ionsaí. **Combined e's**, comhfhreachnaimh. **Competitive e's**, freachnaimh chomórtais. **Field/handling/ quick decision e's**, freachnaimh mhachaire/ láimhseála/ ghrodbhreithe. **Map e's**, f. léarscáile. **Fire-prevention e's**, freachnaimh choiscthe dóiteáin. **Minor e's**, mionfhreachnaimh. **Muscle e's**, suathadh na matán. **Quickening/strengthening e's**, freachnaimh luathaithe/ neartaithe. **Stretcher e's**, f. shínteáin. **Sword e's mounted**, f. chlaímh ar mhúin capaill. **E's which require physical exertion should alternate with those of a less strenuous nature**, bíodh na freachnaimh a iarrann mórfhuinneamh ag sealú na bhfreachnamh ná hiarrann sin. **Tactical e's**, freachnaimh oirbheartaíochta. **Terrain/training e.**, freachnamh tír-raoin/ traenála. **One-sided/ two-sided e. (M.U.)**, F. aontaobhe/ dháthaobh. **To e. command**, ceannas a fheidhmiú. **To e. soldiers in arms**, saighdiúirí a aclú in airm. **To e. trained men**, cleachtadh a thabhairt d'fhir traenáilte. **Wrist e.**, freachnamh caol láimhe. **E. instructions**, treoracha freachnaimh.

**EXERT E. authority**, údarás a chur i bhfeidhm.

**EXERTION To use his utmost e's to carry an order into effect**, a shaindícheall a dhéanamh chun ordú a chur in éifeacht.

**EX GRATIA Ex gratia payment**, íochaíocht ex gratia.

**EXHALATION Easanálú**, anáil a ligean amach.

**EXHAUST Sceitheadh. E. manifold**, ilphíobán sceite. **E. pipe**, sceithphíopa. **E. stroke**, sceithbhuille. **E. system**, sceithchóras. **E. valve**, sceithchomhla. **Gas e.**, gas-sceitheadh.

## Experimenter

**EXHAUSTIVE E. study**, domhainstaidéar.

**EXHIBIT Foilseán. Original e's**, foilseáin bhunaidh.

**EXHIBITION Taispeántas.**

**EXIGENCIES Subject to the e. of the Service**, faoi réir riachtanais na Seirbhíse. **Military e.**, riachtanais mhíleata.

**EXILE Deoraí. In exile**, ar deoraíocht.

**EXISTENCE To be continuously in e. (pension)**, bheith ar marthain go leanúnach.

**EXISTING E. engagement**, fruiliócht láithreach.

**EXIT Slí amach.**

**EXPANSION Leatacht, at. E. of gas**, leatacht gháis. **E. of the barrel**, at an bhairille.

**EXPEDIENT Gas training e's**, áiseanna traenála gáis.

**EXPEDITE Brostaím.**

**EXPEDITION Sluaíocht, eachtra, turas.**

**EXPEDITIONARY E. Force**, fórsa sluaíochta.

**EXPENDABLE E. equipment/ stores**, trealamh/ stórais inidithe.

**EXPENDITURE Caiteachas.**

**EXPENSES E. for which refunds are admissible**, caiteachais inaisíochta. **Incidental/ sundry/ travelling e.**, caiteachais foghabhálacha/ iolartha/ taistil.

**EXPERIENCE Taithí, cleachtadh, eachtra. A terrifying e.**, eachtra uafáis/ uafásach. **He has but little e.**, níl ach beagan taithí/ cleachtadh aige.

**EXPERIENCED E. shot**, lámhachóir cleachta.

**EXPERIMENT Triail.**

**EXPERIMENTAL Turgnamhach. E. purchase**, ceannach trialach.

**EXPERIMENTER Trialachóir, turgnamhaí.**

## Expert

- EXPERT** Medical/ service e's, saineolaithe liachta/ seirbhíse. **E. shot**, lámhachóir sainoilte.
- EXPIRE** To e. (term of enlistment) (téarma liostála) a dhul in éag. **Time expired**, téarma istigh. **To discharge a soldier time expired**, saighdiúir a urscaoileadh ar a théarma a bheith istigh.
- EXPLAIN** Mínim.
- EXPLANATION** Míniú.
- EXPLICIT** Dearfa, mioninste, soiléir.
- EXPLODE** *vb.* Pléascaim.
- EXPLODER** Pléascóir.
- EXPLOIT** To e. an advantage/break-through, tairbhiú de bhuntáiste/ bhriseadh trí.
- EXPLOSION** Pléasc. **E. tamper**, bac pléastha. **Sub-surface e.**, p. fhodhromchla. **Surface e's**, pléascanna dromchla.
- EXPLOSIVE** *n.* Pléascán, *adj.* pléascach. **E. charges**, lánáin phléascacha. **E. content of bomb**, ábhar pléascach i mbuama. **Explosives intervention**, idirghabháil pleascán. **High e.**, *n.* tréanphléascán, *adj.* tréanphléascach. **E. mixture**, meascán pléascach. **E. stores**, stórais phléascán. **Explosive Ordnance Disposal Team**, Foireann Diúscartha Ordanáis Pléascaigh (*pl.* Foirne).
- EXPONENT** Mínitheoir, easpónant.
- EXPOSED** Ris. **To be e. to extremes of temperature** (*amn.*), Bheith faoi lé teochta thar fóir. **To be e. to fire**, Bheith faoi lé lámhaigh. **E. flank**, cliathán nochta. **E. to radiation**, nochta do raidíocht. **E. skin**, craiceann nochta.
- EXPOSURE** Free e. (*R.P.*), saornochtadh. **To use the minimum of e.** (*cover*), an íosmhéid nochta a úsáid. **Timed e. of a target**, amnachtadh targaide.
- EXPRESSED** E. or understood, go sainráite nó go hintuigthe.

## Extractor

- EXTEND** To e. a section, gasra a leathadh. **To e. a period of sick leave/ the term of enlistment**, tréimhse de shaoire bhreiteachta/ an téarma liostála a fhadú.
- EXTENDABLE** Service e. by a period of not more than two years, seirbhís is infhadaithe de thréimhse nach faide ná dhá bhliain.
- EXTENDED** Sections e. in line, gasraí arna leathadh i líne. **In e. order**, in ord leata. **E. service**, seirbhís fhadaithe.
- EXTENSION** Folíne (*teileafón*), síneadh, fadú. **Front leg e.** (*tripod*), síneadh coise tosaigh. **An e. of his former engagement**, fadú a sheanfhruilíochta. **E. of Army service/ sick leave**, f. Armsheirbhíse/ saoire breiteachta. **Eye e.**, fadú súile.
- EXTENT** Fairsinge, méid.
- EXTENUATING** E. circumstances, imthosca maolaitheacha.
- EXTERIOR** Seachtrach.
- EXTERMINATE** Diothaím.
- EXTERN** E. patient, othar seachtrach. **E. treatment**, cóireáil d'othar seachtrach.
- EXTERNAL** E. resistance, friotaiocht seachtrach. **E. magnetism**, maighnéadas s.
- EXTINGUISHER** Fire e., múchtóir dóiteáin.
- EXTORTION** Sracadh (*billeting*).
- EXTRA** E. pay, pá breise.
- EXTRACT** E. from orders, slíocht as orduithe.
- EXTRACTION** Hard e., Tarraingt dheacair. **Primary e.**, t. phríomha.
- EXTRACTOR** Tarraingeoir. **E. axis pin**, fearsaid tarraingeora. **Bents of e. levers for side levers**, eaganna luamháin t'a do thaobhluamháin. **Claw of e.**, ionga t'a. **E. collars**, coiléir t'a. **Expansion of e's**, at tarraingeoirí. **Grooves in e. for lock**

## Extradite

**casing/ side plate springs**, eitreacha sa tarraingeoir do ghlaschásáil/ do thuailmí taobhphláta. **Hole in e. for firing pin**, poll sa t. do bhuilteán. **Horns of e's.**, adharca tarraingeoirí. **E. lever/ lugs/nut**, luamhán/ cluaisíní/ cnó tarraingeora. **Recess in e. for gib**, cuaisín sa tarraingeoir do dhing. **E. rod**, slat tarraingeora. **Shoulders of e. for e. levers**, gaillí t'a do luamhain t'a. **E. spring**, tuaim t'a. **E. stoppage**, stop t'a.

**EXTRADITE** Eiseachadaim.

**EXTRADITION** Eiseachadadh.

**EXTRAORDINARY E. general meeting of the mess**, cruinniú ginearálta urghnách na bialainne.

## Eyepiece

**EXTRA-STATUTARY E. grant**, deontas eisreachtúil.

**EXTRAVAGANT** Rabairneach, róchaifeach.

**EXTREME Exposed to e's of temperature**, bheith faoi lé teochta thar fóir.

**EXUBERANT** Suairc, uaibhreach.

**EYE E. guard**, Súilgharda, clipéad. **E. extension**, fadú súile. **E. shield**, díon súl. **E. shade**, clipéad.

**EYELET E's of ammunition belt**, súilíní creasa lónlámhaigh.

**EYEPIECE** Súilmhír. **E. lenses**, lionsaí súilmhíre.

# F

**FABRIC** Uige, faibric, **Aircraft f.**, faibric aerárthaigh. **F. coupling**, cuingireas faibrice.

**FABRICATION F. of evidence**, cumadh fianaise.

**FACE F. of target**, éadan targaide.

**FACIAL F. injury**, gortú aghaidhe.

**FACEPIECE** aghaidhmhír. **Fitting surface of f.**, dromchla feistithe aghaidhmhíre.

**FACILITATE To f. him in the execution of his duties**, éascú dhó a dhualgais a chomhlíonadh.

**FACILITIES To afford f.**, saoráidí a chur ar fáil. **Repair f.**, s. deisiúcháin.

**FACING (he) f. the officer**, (a) aghaidh ar an oifigeach.

**FACSIMILE F. of signature**, macasamhail ar shiniú.

**FACT** Fíoras, fírinne. **Based on f's**, bunaithe ar fhírinní/ fhíorais. **Established f's**, fírinní bunaithe. **Material f.**, fíoras ábhartha.

**FACTION F. fighting**, faicseanaíocht.

**FACTOR** Fachtóir, ceist, coibhneas, toisc. **Time and space f's**, ceisteanna ama is spáis. **2 & 5 are the f's of 10**, is iad 2 agus 5 factóirí a 10. **The safety f.**, an coibhneas sábhála. **The terrain is the most important/ limiting f.**, is é an tír-raon an toisc is tábhachtaí/ an toisc teorann. **F's affecting the mission**, tosc a mbeadh éifeacht acu ar an misean. **Limiting f's**, tosc teorann.

**FACTORY** Monarcha. **Armament/ repair f.**, m. armála/ dheisiúcháin.

**FACTUAL** Fíorasach. **F. knowledge**, eolas f.

**FADING** Éagadh, tréigean (*of colour*).

**FAHRENHEIT** Faranhaít.

**FAILING For f. to**, toisc gan, toisc gur theip.

**FAILURE** Teipire (*G.T.*), loiceadh, teip, cliseadh. **Mechanical f. (vehicle)**, loiceadh meicniúil (feithicle).

**FAINT** Fanntais, laige. **To f.**, titim i laige.

**FAIR** Fionn, cothrom, cuíosach, measartha, cóir, réasúnta. **A f. haired person**, duine fionn. **A f. Judgment**, breith chothrom. **He is only f.**, níl sé ach cuíosach/ measartha.

**FAITH To bear true f. and allegiance (to)**, fíordhílseacht agus géillsine a thabhairt (do).

**FAITHFUL F. discharge of duty**, dualgas a chomhlíonadh go dílis.

**FALL F. of grenade**, titim ghránaide. **F. of shot**, urcharthitim. **Bullets that f. beyond/ short of the target**, piléir a thiteann leaistall/ lasbhus den targaid. **On a date which f's after the date of this order**, ar dháta a tharlaíonn tar éis dáta an ordaithe seo. **To f. back (combat)**, titim siar. **To f. in/ out (parade)**, luí isteach/ amach. **F. of shot decoder**, díchódóir urcharthitime. **F. of shot encoder**, códóir urcharthitime.

**FALL-OUT** Astitim. **F. areas**, líomataistí astitime. **Atomic f.**, astitim adamhach. **Local f.**, A. áitiúil. **World wide f.**, a. dhomhanda. **Significant f.**, a. éifeachtach.

**FALLING F. plates**, plátaí titimeacha.

**FALSE F. crest**, cior bhréige. **F. declaration**, dearbhú bréagach. **F. oath**, mionn éithigh.

**FALSEHOOD F. of confession**, bréagacht admhála.

**FALSIFICATION F. of official documents**, falsú cáipéisí oifigiúla.

**FAMILIARISATION F. Practice**, cleachtas taithíoch.

**FAMILIARITY** Eolas, caidreamh. **F. with the ground**, eolas ar an talamh.

**FAMILIES F. Section, General Military**

**Hospital**, An Rannóg Teaghlach, Ospidéal Míleata Ginearálta.

**FAMILY F. decrease/increase**, laghdú/méadú clainne. **F. tree**, craobhacha ginealaigh.

**FAMINE** Gorta.

**FAMOUS** Cáiliúil, ainmniúil.

**FAN** Seafal, gaothrán. **Electric f.**, g. leictreach. **F. of saddle**, sciathán diallaite. **To f. out (troops)**, searradh amach (trúpaí).

**FANFARE F. of trumpets**, scol trompaí.

**FAR F. limit of safety**, teorainn sábhála is faide amach.

**FARE** Táille.

**FARRIER** Crúdóir.

**FAR-SEEING** Fadaraíonach, fadbhreathnaitheach, fadradharcach.

**FARTHER F. than that**, níos faide ó láimh ná sin. **F. back ná sin**, níos sia siar ná sin.

**FASCINE** Fascán.

**FASHION** Faisean.

**FAST To stand f.**, fanacht socair.

**FASTENING** Fáisín.

**FATAL F. injury**, díobháil mharfach.

**FATHOM** Feá.

**FATIGUE** Tuirse, giotamáil. **F. duty/suits**, dualgas/ cultacha giotámpla. **F. party**, meitheal ghotamála. **F. man**, giotamálaí. **Undue f.**, tuirse thar cuimse.

**FAULT** Locht. **F's due to slackness or neglect**, lochtanna a thagann de neamart no d'fhaillí. **Table of f's and remedies**, tábla lochtanna agus leighseanna. **Fault and out (show jumping)** locht agus amach.

**FAULTY F. holding/trigger-pressing**, greamú/ trucearfháscadh lochtach.

**FAVOURABLE** Fabhrach.

**FAVOURITISM** Fabhraíocht.

**FEAR** Eagla, faitíos.

**FEASIBLE F. plan**, Plean indéanta.

**FEAT** Éacht.

**FEATHER Tumbler f's**, cleití timbléara.

**FEATHERWEIGHT** Cleitmheáchan. **F. winner/ runner-up**, buaiteoir/ neasach comórtais cleitmheáchain.

**FEATURE** Gné. **Artificial/ hydrographic/ physical/ surface/ terrain/ topographical f's**, gnéithe saorga/ hidragrafacha/ na tíre/ dromchla/ tír-raoin/ dinnseanchais. **Key f.**, eochairghné. **Main f's**, príomhghnéithe. **Commanding f.**, gné cheannasach. **Critical f.**, g. shárthabhachtach. **Dominating f.**, g. thiarnasach.

**FEATURELESS F. country**, dúiche lom.

**FEDERAL** Cónascach (*government*).

**FEDERATION** Cónascadh, cónaidhm.

**FEE** Táille.

**FEEBLE** Tláith (*sword*).

**FEED F. arm**, cothghéag. **F. A.**

**actuating stud/ latch**, stoda gníomhaithe/ laiste cothghéige. **f. a. latch axis stud**, ais-stoda laiste c. **F. a. with latch**, cothghéag le laiste. **F. a. pawl**, ceapachóir cothghéige. **F. a. pawl spring**, tuailm cheapachóir c. **F. block (M.G.)**, cothbloc. **Axis pin for f. b. bottom pawls**, fearsaid do cheapachóirí íochtair cothbhloic.

**Bottom lever of f. b.**, luamhán íochtair c. **F. b. bottom pawls**, ceapachóirí íochtair c. **First action in the f. b.** céad oibriú sa chothbloc. **Finger plate for f. b. bottom pawls**, méarphláta do cheapachóirí íochtair cothbhloic.

**F. b. fixing split of top and bottom levers**, gabhalbhiorán nasctha luamhán uachtair agus íochtair c. **Front (rear) top pawl of f. b.**, barrcheapachóir tosaigh (deiridh) c. **Slide of f. b.**, sleamhnán c. **Spring for f. b. bottom pawls**, tuailm do cheapachóirí íochtair c. **Spring for top pawls of f. b.**, tuailm do bharrcheapachóirí c. **Stud on top lever for slide of f. b.**, stoda ar



## Feeder

bharluamhán do shleamhnán an ch.  
**Double f.**, coth dúbailte. **To f. a gun**, gunna a chothú. **To f. troops**, trúpaí a bheathú. **F. back**, aischothú. **F. engine**, cothinneall. **F. pump**, cothchaidéal.  
**FEEDER** Cothaitheoir. **F. aerial**, c. aeróige. **F. co-axial**, c. comhaiseach.  
**FEEDPIECE** Cothmhír.  
**FEEDWAY** Cothbhealach.  
**FEEL** **To obtain the 'f.' of 12 seconds on the working head (R.F.)**, cothrom 12 shoicind ar an roithín oibre a fháil le meabhair na lámh.  
**FEELER** Adharcán.  
**FEELING** **To incite a f. of hostility among the people in the theatre of war**, mothú namhadais a spreagadh sna daoine sa láthair chogaidh.  
**FEET** **F. per second**, troithe an soicind. **Two square f.**, dhá through chearnacha. **Two f. square**, dhá through ar cearn.  
**FEIGN** **To f. an illness, (duine)** ag dúmas bheith breoite.  
**FEIGNED** **A f. infirmity**, éagrus dúmais.  
**FEINT** **F. attack**, ionsaí bréige.  
**FELON** Feileon.  
**FELONY** Feileonacht.  
**FELT** Feilt. **F. pad**, pillín feilte.  
**FEMALE** Baineannach.  
**FEMORAL** **F. artery**, artaire na leise.  
**FEMUR** Cnámh leise.  
**FENCE** Clái. **Double apron f.**, c. dhá aprún. **Hurdle/ iron/ wire f.**, c. cliathraigh/ iarainn/ sreinge. **Post and rail f.**, c. cuailí agus ráillí. **Perimeter f.**, clái imlíne.  
**FENCED** **F. road**, bóthar le clái.  
**FENCING** **Bayonet f.**, pionsóireacht bheagnite.  
**FENDER** (*vehicle*) Fiondar.  
**FERN** Raithneach.  
**FERRO-CHROMIUM** Feireocróimiam, *g. id.*  
**FERRULE** Bianna.  
**FERRY** **F. man**, farantóir, bád

## Field

farantóireachta. **To f. troops across a river**, trúpaí a chur thar abhainn.  
**FERTILE** Torthúil.  
**FERTILISER** Leasachán.  
**FESTERING** Ag ábharú.  
**FETCH** Faigh (*order*).  
**FETLOCK** Rúitín.  
**FETTER** Laincis, buarach.  
**FEVER** Fiabhras. **Cerebrospinal f.**, f. droma is intinne. **Enteric (typhoid) f.**, f. breac. **Trench f.**, f. trinse. **Typhus f.**, f. ballach.  
**FIBRE** Snáithín.  
**FIBROUS** **F. materials**, ábhair shnáithíneacha.  
**FIBROSITIS** Fibrisíteas.  
**FICTITIOUS** Cumtha, bréige.  
**FIELD** Páirc, machaire, réimse. **Corn f.**, p. arbhair. **Ploughed f.**, p. threafa. **Root f.**, p. mheacan. **Stubble f.**, p. choinligh. **F. ambulance**, otharcharr machaire. **F. a. units**, aonaid otharcharr machaire. **F. a. appointment/ company**, ceapachán/ complacht otharcharr m. **F. a. headquarters**, ceanncheathrú o. m. **F. artillery**, airtléire mh. **F. a. battery**, bataire airtléire mh. **F. a. regiment**, reisimint airtléire mh. **F. a. regiment headquarters**, ceanncheathrú reisimint airtléire mh. **F<sup>o</sup>craft**, ceardaíocht mh. **F<sup>o</sup>day**, lá mustair. **F. dressing**, íocleasú machaire. **F. fortifications/ glasses/ hospital**, daingne/ gloiní/ ospidéal m. **F. -marshal**, marascal m. **F. -officer**, oifigeach m. **F. of fire/view**, réimse lámhaigh/ radhairc. **Erect/ inverted f. of view**, r.r. ingearach/ aisiompaithé. **Full f. of view**, lánréimse r. **Upper/ lower f. of view**, r.r. uachtair/ íochtair. **F. signals**, comharthaí m. **F. sub-depot**, fo-iosta m. **F. telephone**, teileafón m. **F. ammunition depot**, iosta lónlámhaigh m. **F. casualty station**, stáisiún taismeach m. **F. dressing station**, stáisiún íocleasaithe m. **F. engineer depot**, iosta innealóirí m. **F.**

## Fight

**mechanical transport depot**, iosta iompair mheicniúil m. **F. medical depot**, iosta liachta m. **F. ordnance depot**, iosta ordanáis m. **F. petrol depot**, iosta peitрил m. **F. security**, díonacht mh. **F. service**, seirbhís mh. **F. supply depot**, iosta soláthair m. **F. transfusion team**, foireann tarmreithe mh. **F. formations**, eagair mh. **F. censorship**, cinsireacht mh. **Field** (*electric or magnetic*), réimse. **F. coil**, corna r. **Electric f.**, r. leictreach. **F. intensity (magnetic, electric)**, déine r. (mhaighnéadaigh, leictnigh). **F. magnet**, maighnéad r. **F. regulator**, rialtóir r. **F. strength**, neart r. **F. work**, obair mhachaire. **F. winding**, ritheán réimse. **Magnetic f.**, réimse maighnéadach. **Field Communications and Information Services Company**, Complacht Seirbhísí Cumarsáide agus Eolais Mhachaire.

**FIGHT** *vb.* Troidim, *vl. and n.* troid.

**Hand-to-hand/ running f.**, troid Lámh-ar-láimh/ reatha.

**FIGHTER** Trodaire. **F. aircraft**, aerárthach troda. **F. -bomber**, buamadóir troda. **F. squadron**, scuadrún trodairí. **F. cover**, clúdach de throdairí. **F. control unit**, aonad rialaithe trodairí. **Jet f's**, scairdtrodairí. **F. reconnaissance**, taiscéalaíocht trodairí. **Propeller f's**, liántrodairí.

**FIGHTING House-to-house/ street/ trench-to-trench f.**, troid ó theach go teach/ sráide/ ó thrinse go trinse.

**FIGURE** Fíor, figiúr. **Behind cover/ kneeling/ lying f. (target)**, fíorthargaid ar chúil/ clúide/ ar leathghlúin/ ina luí. **F. of merit**, figiúr fiúntais. **F. of m. chart**, cairt figiúr fiúntais. **F's**, figiúirí. **No. 6 f. target**, fíorthargaid uimh. 6. **Crossing f. (target)**, fíorchrosála. **Rectilinear f.**, figiúr dronlíneach.

**FILAMENT** Filiméad. **F. battery**, ceallra filiméid.

## Find

**FILE** Comhad (*papers*), treas (*drill*), líomhán (*tool*). **Blank/ connecting/ double/ single f.**, t. folamh/ ceangail/ dúbailte/ singil. **File copy**, Cóip don chomhad. **Marching in f.**, mairseáil i dt. **Odd f.**, corrthreas. **Rear f.**, cúltreas. **Officers' personal f's**, comhaid phearsanta oifigeach. **F. no.**, comhaduimhir. **Three-cornered f.**, líomhán triantánach. **To f. (papers)**, comhadú (cur i gcomhad). **To f. in/ out (horsemanship)**, giollaíocht isteach/ amach.

**FILINGS** Mionramh (*iarainn*).

**FILLED f. with**, líonta le.

**FILLER** Líontóir, líonaire.

**FILLET** Filéad. **F. of steak**, f. stéige.

**FILLING F. screw**, scriú líonta.

**FILLY** Searrach lárach.

**FILM** Scannán. **F'strip**, stiallscannán.

**Training f.**, s. traenála.

**FILTER** Scagaire. **Note f.**, nótascaire.

**FILTH** Brocamas.

**FILTRATION To hold oil for f.** ola a choimeád le scagadh.

**FIN** Eite. **F's of Bomb**, eítí buama.

**F. -tailed bomb**, buama eiteach.

**Stabilising f's**, eítí daingnithe.

**FINAL Army Hurling/ Football**

**Championship F.** Cluiche Ceannais Iomána/ Peile Airm. **F. approval of**

**recruit**, formheas críochnaitheach earcaigh. **F. objective**, sprioc

chríochnaitheach. **F. approved plan**,

plean formheasta críochnaitheach. **F.**

**detector**, brathadóir deiridh.

**FINANCE** Airgeadas. **F. code**, an cód airgeadais.

**FINANCIAL F. and accounting**

**instructions**, teoracha airgeadais agus cuntasaióchta. **F. year**, bliain airgeadais.

**F. arrangements**, socruithe airgid.

**FINE** Fineáil.

**FIND To f. the accused guilty of the offence**, an cúisí a fháil ciontach sa chion.

## Finder

**FINDER Position f.**, suíomhaimsitheoir.  
**Depression p.f.**, s. íslithe.  
**Depression range f.**, raonaimsitheoir íslithe. **Coincidence range f.**, r. comhtheagmhasachta. **Infantry range f.**, r. coisithe. **Direction f.**, treo-aimsitheoir. **View f.** radharc-aimsitheoir.  
**Rough v. f.**, radharcaimsitheoir breac-chruinn.

**FINDING** Cinneadh. **Confirmation of f's**, daingniú na gcinntí. **F. not requiring confirmation**, cinneadh nach gá a dhaingniú.

**FINE** *vb.* Fineálaim, *vl. and n.* fineáil. **To impose a f.**, fineáil a ghearradh. **To take a f. sight**, caoltreoir a thógáil.

**FINGER** Méar. **F. grip**, méarghreim. **F. mark**, méarmharc **F. nails**, ingne láimhe. **F. method**, méarmhodh. **F. print**, méarphrionta. **Index f.**, corrmhéar.

**FINISH** Deireadh, clabhsúr, ceann cúrsa.

**FINISHED** Críochnaithe.

**FIR F. trees**, crainn ghiúise.

**FIRE** Lámhach, tine, dóiteán.  
**Application f.**, feidhmlámhach. **Arcs of f.**, stuanna lámhaigh. **Automatic f.**, lámhach uathobritheach. **Battery f.**, l. bataire. **Collective f.**, comhlámhach. **Combination of f's**, cónascadh lámhach. **F. commander**, ceannasaí lámhaigh. **Concentrated f.**, lámhach comhchruinnithe. **Continuity of f.**, leanúntas lámhaigh. **F. control**, lámhachrialú. **F. c. rules**, rialacha a bhaineann le lámhachrialú. **F. c. instruments/ orders/ signals/ system**, airnéisí/ orduithe/ comharthaí/ córas lámhachrialaithe. **Brief (normal) f. control orders**, gearrorduithe (gnáthorduithe) lámhachrialaithe. **F. controller**, lámhachrialaitheoir. **Covering f.**, lámhach clúdaigh. **Cross f.**, cros l. **Defence f.**, l. cosantach. **Destructive f.**, l. toghaileach. **Direct**

## Fire

**f.**, l. díreach. **F. direction**, stiúradh lámhaigh. **F. direction chart**, cairt stiúrtha l. **F. d. and control charts**, cairteacha stiúrtha l. agus lámhachrialaithe. **F. direction orders**, orduithe stiúrtha l. **F. discipline**, araíonacht l. **F. d. training**, traenáil araíonachta l. **Distributed f.**, lámhach imdháilte. **F. effect**, lámhachéifeacht. **Full f. e.**, l. iomlán. **Probable f. e.**, éifeacht dhealraitheach lámhaigh. **F. for effect**, l. chun éifeachta. **Enfilade f.**, l. leatrasna. **Flanking f.**, l. cliathánach. **Frontal f.**, tul-l. **Grazing f.**, l. scríobach. **Harassing f.**, l. ciaphthach. **Indirect f.**, l. indíreach. **Individual f.**, l. aonair. **Interdiction f.**, l. toirmeascach. **Long-range f.**, l. fadraoin. **Machine gun f.**, l. inneallghunna. **Medium f.**, meánlámhach. **Mortar f.**, l. moirtéir. **Neutralising f.**, l. neodraitheach. **Normal f.**, gnáthlámhach. **Oblique f.**, sceabhalámhach. **Observed f.**, l. sobhreathnaithe. **Offensive f.** l. ollionsaitheach. **Overhead f.**, l. lasnairde. **F. picquets**, picéid dóiteáin. **Plunging f.**, l. ropach. **F.-power**, cumhacht lámhaigh. **High f. power**, tréanchumhacht l. **Predicted f.**, lámhach réamhmheasta. **Protective f.**, l. caomhnaitheach. **Rapid f.**, mearlámhach. **Rate of f.**, ráta lámhaigh. **Redistribution of f.**, ath-imdháileadh l. **Ricochet f.**, lámhach athscinnidh. **Rifle f.**, l. muscaeid. **Salvo f.**, l. sailbhe. **Searching f.**, l. cuardaigh. **F. section**, gasra lámhaigh. **Shell f.**, lámhach sliogán. **Slow f.**, mall-l. **Small arms f.**, l. mionarm. **F. superiority**, barr lámhaigh. **F. support**, tacaíocht l. **Supporting f.**, lámhach tacaíochta. **Sustained f.**, l. marthanach. **Sweeping f.**, scuablámhach. **Traversing f.**, l. trasnála. **Unaimed f.**, l. neamhdhírithé. **The troops would be in danger from**

## Fireball

**unarmed enemy f.**, bheadh na trúpaí i mbaol ó l. n. namhad. **Unobserved f.**, l. dobhreathnaithe. **To f. (at)**, scaoileadh/ lámhach (le). **To f. a course/ the annual range practices**, cúrsa lámhaigh/ na raonchleachtais bhliantúla a scaoileadh. **To f. a round**, urchar a scaoileadh. **To f. over cover**, lámhach de dhroim clúide. **To f. round cover**, lámhach le hais, clúide. **F. brigade**, briogáid dóiteáin. **F. unit**, lámhachaonad. **Volume of f.**, toirt lámhaigh. **Volume-f.**, toirtlámhach. **F. base**, bonn lámhaigh. **F. by order**, lámhach ar ordú. **F. fighting**, smachtú dóiteáin. **F. line**, lámhachlíne. **F. support co-ordination centre**, airmheán comhordaithe tacaíocht lámhaigh. **Hold f.**, fóill lámhaigh. **Nature of f.**, saghas lámhaigh. **Planned defensive f.**, lámhach cosantach pleanáilte. **F. arm**, arm lámhaigh. **FIREBALL** Caor thine, liathróid tine. **FIREMAN** Fear dóiteáin. **F's lift**, tógáil an fhear dóiteáin. **FIREMEN Auxiliary f.**, fir dhóiteáin chúnta. **FIRER** Lámhachóir. **FIRE-RAISER** Coirloisceoir, dóiteánaí. **FIREWORKS** Tinte ealaíne. **FIRING F. along fixed lines**, lámhach feadh línte ceaptha. **F. by sense of direction**, l. de mheabhair threo. **Night f.**, l. oíche. **F. bay**, bá lámhaigh. **F. detail**, dream lámhaigh. **FIRM** Daingean. **F. base**, bonn d. **F. going**, taisteal d. **F. lines**, línte cinnte. **FIRST F. aid**, garchabhair. **F. a. appliances**, fearais gharchabhrach. **F. a. post**, post g. **F. a. practice/ outfit**, cleacht/fhearas g. **F. a. rules**, rialacha g. **F. a. training**, traenáil gh. **F. a. treatment**, cóireáil gh. **F. a. treatment of fractures**, garchabhair do chnámhbhriseadh. **F. catch**, céadtadh.

## Fixture

**F. pressure**, céadfásadh. **FISCAL** Fioscach. **F. policy**, Polasaí fioscach, polasaí cánachais.. **FISH** Iasc, *pl* éisc. **FISHERMAN** Iascaire. **FISHING** Ag iascaireacht. **F. boat/ net**, bád/ Líon/eangach iascaigh. **F. tackle**, gléas iascaireachta. **FISHERY** Iascach. **F. rights**, cearta iascaigh. **F. protection**, cosaint Iascach. **FIST** Dorn. **FISSION Nuclear f.**, eamhnú eithneach. **F. products**, táirgí scoilte. **FISSIONABLE F. material**, ábhar imscoilte. **FIT** Oiriúnach, infheidhme, feistiú. **Airtight f.**, feistiú aerdhíonach. **F. for duty**, infheidhme chun dualgais. **To f. a tyre**, bonn a fheistiú (*le*). **The boot f's him**, oireann an bhróg do. **F. for consumption**, oiriúnach lena chaitheamh. **FITNESS Physical f.**, infheidhmeacht choirp (bheith slán folláin). **F. of accused to stand his trial**, inniúlacht an chúisí chun a thriail a sheasamh. **FITTER** Feisteoir. **FITTINGS** Feistis. **FIVE** Cúig. **F. ply paper sacks**, saic chúigshrathach pháipéir. **FIX To f. bayonets/ the discharger**, beaignití/ an cupán a nascadh. **FIXED** Ceaptha, feistithe. **F. lines**, línte ceaptha. **F. law**, dlí ceaptha. **F. searchlight**, solas cuardaigh daingean. **F. call sign**, glaochomhartha buan. **F. condenser**, comhdhlúthadan doastrithe. **F. cursor**, cúrsóir ceaptha. **F. resistor**, friotáí doastrithe. **F. contamination**, truailliú ceaptha. **F. wing aircraft**, aerárthaigh sciatháin dhobhogtha. **FIXING F. pin**, biorán nasctha. **'T' f. pin**, crosbhiorán nasctha. **FIXTURE** Daingean, urdháil, *pl*. urdhálacha (*sports, etc.*).

**FLAG** Bratach, brat. **Commodore's flag**, brat ceannasóra. **Danger flag**, b. rabhaidh. **Flag-Captain** (*Navy*), Captaen Bratloinge. **F. drill**, druil bhrait. **Flag-Lieutenant**, Leifteanant na Brataí. **Safety f.**, b. sábhála. **The National F.**, An Bhrtach Náisiúnta. **Flag Officer Commanding the Naval Service (FOCNS)**, Brat Oifigeach i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh (CCSC).

**FLAGRANT F. breach of regulations**, sárú uafásach de na rialacha.

**FLAGMAN** Fear brait.

**FLAGSTAFF** Bratchrann. **Extended flagstaffs**, bratchrainn shínte.

**FLAIL** súiste.

**FLAILING** Súisteáil.

**FLAMABLE F. material**, ábhar inlasta.

**FLAMES** Lasracha.

**FLAME-THROWER** teilgeoir lasrach.

**FLAN** Toirtín, flan. **Peach f. with cream**, t. péitseoir le huachtar.

**FLANGE** Feire. **Inner f.**, f. inmheánach

**FLANK Defensive f.**, cliathán cosantach. **Directing f.** (*drill*), cliathán stiúrtha. **Exposed f.**, cliathán nochta. **F. man**, cliathánaí. **Named f.**, cliathán ainmnithe. **Pivot f.**, c. maighdeoir. **F. protection/ security**, caomhnú cliatháin/ díonacht chliatháin. **F. security reconnaissance**, taiscéalaíocht díonachta cliatháin. **F. formation**, eagar cliatháin. **F. guard**, garda cliatháin.

**FLANKING F. army**, arm cliathánachta. **F. fire**, lámhach cliathánach.

**FLANNELETTE** Flainín.

**FLAP Pocket f.**, liopa póca. **Coincidence (halving) adjusting head f.** (*R.F.*), l. roithín coigeartaithe comhtheagmhasachta. **Cover f.**, clúdach lúdraigh.

**FLARE** Lasrachán. **To drop f's**, lasracháin a scaoileadh.

**FLASH To f. a torch on to a respirator**, tóirse a shoilsiú ar

aerscagaire. **Blinding f. of light**, splanc dhalltach sholais. **F. eliminator**, splancsciath. **F. burns**, splancdhónna. **F. lamp**, laomlampa. **F. spotting**, splancbhreicneoireacht. **F. to bang time**, am ó s. go torann. **Shoulder f.**, fleasc ghualainne.

**FLASHING F. beacon**, rabhachán gealánach, teannáil. **F. lights**, soilse dealánacha.

**FLAT F. ground/ surface**, talamh/ dromchla comhréidh. **Locking bolt f.**, pláitín bolta glasála. **F. trajectory**, rothag maol. **F. tyre**, bonn ligthe. **F. nature of the terrain**, cuma chomhréidh an tír-raon.

**FLATNESS F. of the trajectory**, maoile an rothaig.

**FLAVOUR** Blas.

**FLEET** Cabhlach (*navy*), flít. **F. of motor-cars**, scuaine gluaisteán.

**FLEETING F. target**, targaid theifeach.

**FLESH F. wound**, cneaschréacht.

**FLEX** Fleisc (*elec.*). **To f. a limb**, géag a lúbadh.

**FLEXIBILITY** Solúbthacht.

**FLEXIBLE** Solúbtha. **F. cable**, cabla s.

**FLIGHT** Eitilt, eitleog (*unit*). **Acrobatic f.**, eitilt aeraiclochta. **F. Commander/ leader/ lieutenant**, Ceannasaí/cinnire/ leifteanant eitleoige. **F. of the bullet**, cúrsa eitilt piléir. **Instrument f.**, eitilt de réir airnéisí. **Long distance f.**, e. fhadscribe. **Non-stop f.**, e. gan stad. **On a f.**, ar eitilt. **Visual f.**, amharceitilt. **Aircraft in f.**, aerárthach ar eitilt. **F. quartermaster sergeant**, ceathrúsháirsint eitleoige. **F. sergeant**, sáirsint eitleoige. **F. time**, tréimhse eitilt.

**FLINCH** *vb.* Loicim. **Lateral pulling, jerking or flinching** (*rev, training*), tarraingt i leataobh, siorcadh nó loiceadh.

**FLOAT** *n.* Snámhán.

## Floatation

**FLOATATION** Snámh. **Improved f.**, snámhán seiftithe.  
**FLOATING F. aperture**, cró ar snámh. **F. mine**, mianach ar snámh. **F. bridges**, droichid ar snámh.  
**FLOCK** Ealta, scata (*birds etc.*).  
**FLOGGING** Lascadh, sciúirseáil.  
**FLOOD** Tuile. **Land liable to f's (M.R.)**, báiteog.  
**FLOODING** Tuiliú.  
**FLOODLIGHT** Tuilsolas. **F. trailer**, leantóir tuilsolais.  
**FLORID** Círinéach.  
**FLOTILLA** Cabhlachán.  
**FLOW** Tuile (*rise of tide etc.*), rith, sruth. **F. of electricity**, rith leictreachais. **Direction of f.**, treo na tuile. **Even f. of traffic**, réghluaiseacht tráchta.  
**FLU** Fliú.  
**FLUCTUATION F's of the situation**, malartuithe na staide.  
**FLUENT** Líofa.  
**FLUID F. warfare**, cogaíocht iomlaiteach. **F. situations**, staideanna iomlaiteacha.  
**FLUORESCENCE** Sruthshoilseacht, fluairesacht.  
**FLUSH The retaining pin f. with the gas regulator**, an biorán coinnithe cothrom leis an ngásrialán.  
**FLUX** Flosc *gen.* flosca. **F. density**, dlús flosca. **F. turns**, castaí flosca.  
**FLY** *vb.* Eitlim, *vi.* eitilt. **To f. on a steady course**, réchúrsa eitilte a dhéanamh. **To f. the Colours**, Na Bratacha a chur ar folúin.  
**FLYING** Eitilt, eitleoireacht. **Blind f.**, caocheitilt. **Formation/ overland f.**, e. eagair/ thar tír. **F. debris**, treascarnach aerbheirthe. **Intercommunication f.**, eitleoireacht idirchumarsáide. **Solo f.**, eitilt aonair. **F. squads**, scuaid reatha. **F. boat/ goggles/ helmet/ officer**, bád/ gloiní/ cafarr/ ofigeach eitilte.  
**FLYPAST**, Tareitilt.

## Foot

**FLY-PROOF F. kitchen**, cistin chuidíonach.  
**FLYWEIGHT** Cullmheáchan. **F. winner/ runner-up**, buaiteoir/ neasach comórtais chuilmheáchain.  
**FLYWHEEL** Roth luastair. **F. momentum**, móiminteam roth luastair. **F. guard**, garda r. 1.  
**FOAL** Searrach.  
**FOCAL F. point**, pointe cuimsitheach, pointe fócasach.  
**FOCUS Fócás. Focus on the Defence Forces**, fócus ar Óglaigh na hÉireann. **To f. the telescope**, an teileascóp a thabhairt chun cruinnis (chuimsiú).  
**FOCUSSING F. slide**, sleamhnán fócasaithe,  
**FOG** Ceo.  
**FOIL Aluminium f. centre**, lár de scragall alúmanach.  
**FOLD** Filleasc, fill, filltín. **F's in ground**, filleasca sa talamh. **F's in the skin**, filltí sa chraiceann.  
**FOLDING** Infillte. **F. boat equipment**, trealamh báid i. **F. tripod**, troiste i.  
**FOLIAGE** Duilliúr.  
**FOLIO** Fóilió.  
**FOLLOW** Leanúint. **To f. up the rout of an enemy**, an ruaig a l. ar namhaid. **To f. a route**, bealach a ghabháil.  
**FOLLOWER** Leantóir.  
**FOLLOW-UP F. echelon**, eisliún leanúntais. **F. formation**, eagar l. **F. unit**, aonad l.  
**FOOD** Bia. **Tinned f.**, b. stánaithe. **Fresh f.**, b. úr. **Contaminated f.**, b. truailithe. **Monitoring unprotected f.**, monatóiriú ar bh. neamhchaomhnaithe.  
**FOOLHARDY** Meargánta.  
**FOOLISH** Amaideach.  
**FOOLSCAP** Leathphraitinn.  
**FOOT** Cos, troigh. **Football**, peil, caid. **F. and mouth disease**, galar crúb agus béil. **F. patrol**, patról coise. **F. print**, lorg coise. **The amount payable on**



## Footing

**f. of a disablement pension**, an méid is iníochta de bhun pinsin mhíchumais. **Troops moving at f. pace**, trúpaí ag gluaiseacht ar ráta siúil. **F. brake**, coscán coise.

**FOOTING To obtain a f. on the far/ near side of a river-bank**, greim coise a fháil ar an mbruach thall/ abhus d'abhainn.

**FOOTPATH** Cosán.

**FOR** Le haghaidh. **F. sale**, le díol.

**FORAGE** Foráiste.

**FORBID** *vb.* Coiscim, toirmiscim. **It is forbidden**, tá cosc ar.

**FORCE** **Containing f.**, fórsa coimeáda. **Defending f's**, fórsaí cosantacha. **Defence f.**, fórsa cosanta. **The Defence F's**, Óglaigh na hÉireann. **Encircling f.**, fórsa cearclaithe. **Expeditionary f.**, f. sluaíochta. **Field f's**, fórsaí machaire. **F. of gravity/ inertia**, fuinneamh imtharraingthe/ éinirt. **Ground f's**, fórsaí talún. **Holding f.**, fórsa coinnithe. **Opposing f's**, fórsaí freastúra. **Permanent f.**, buanfhórsa. **The Permanent/ Reserve Defence F.**, Na Buan-Óglaigh/Na hÓglaigh Chúltaca. **Regular f.**, fórsa rialta. **To continue in f. (regulations)**, leanúint i bhfeidhm. **To f. a soldier acting as sentry**, forneart a imirt ar shaighdiúir ag gníomhú mar fhairtheoir. **Attack in force**, ionsaí faoi neart. **Economy of f.**, cnuaisciúin nirt. **Rapid Reaction Force**, Fórsa Frithgnímh Mhear. **Reconnaissance in f.**, taiscéalaíocht faoi neart. **Air borne f.**, f. aerbheirthe. **Electric f.**, f. leictreach. **F. of attraction**, f. tarraingthe. **F. of repulsion**, f. ruaigthe. **F. on a current carrying a conductor in a magnetic field**, an f. ar chonduchtaire a bheadh ag iompar srutha i réimse maignéadach. **Landing f. (air)**, f. tuirlingthe. **Landing f. (sea)**, f. dul i dtír. **Magnetic f.**, f. maignéadach.

## Foresight

**FORCED To make a f. landing**, tuirlingt éigeantach a dhéanamh.

**FORCEPS** Teanchair, pionsúr.

**FORCIBLY** Go forneartach, le lámh láidir.

**FORD** Áth. **To f. a stream**, sruth a ghabháil.

**FORDABLE** **F. river**, abhainn inátha.

**FORDING, FORDABILITY** insiúltacht. **Shallow/ deep fording**, i. éadomhain/ domhain.

**FOREARM** Rí, *pl.* reathacha.

**FORECAST** **Weather f.**, réamhasnéis aimsire.

**FORE-END** **Stock f.**, urstoc. **Stock f. spring and stud**, tuaim agus stoda urstoic.

**FOREFINGER** Méar thosaigh, corrmhéar.

**FOREGOING** **The f. regulation**, an rialachán roimhe seo.

**FOREGROUND** Tulra.

**FOREIGN** **F. aircraft/ uniforms**, aerárthaí/ éidí coigríche. **F. body between the fore-end and the barrel**, rud coimhthíoch idir an t-urstoc agus an bairille. **Distinguished f. personages**, coigrigh dhearscna.

**FOREMAN** Saoiste. **F. carpenter**, siúinéir cinn.

**FOREMOST** **F. defences**, cosantaí is faide amach.

**FORENSICS** Fóiréinseach.

**FORESHORE** Urthrá.

**FORESIGHT** Tultreoir. **F. band with block and sight**, banda tultreorach le bloc agus treoir. **Bar f.**, tultreoir bharrach. **F. blade**, lann tultreorach. **Blade f.**, tultreoir lannach. **F. block**, bloc tultreorach. **F. b. band**, banda bloc t. **F. b. cross-pin**, crosbhiorán bloc t. **F. b. key**, eochair bloc t. **F. bracket**, brac t. **F. protectors**, gardaí t. **A f. of different height**, tultreoir nach ionann airde dhi. **To take too little (much) f.**,

## Foresight

an t. a choimeád ró-iseal (ró-ard).  
**FORESIGHT** Fadhbhreathnaitheacht (*persons*). **A man of f.**, fear fadhbhreathnaitheach.  
**FOREST** Foraois. **Coniferous f.**, f. ghiúiseach. **F. trees**, crainn fhoraoise. **Mixed f. and fir trees**, crainn fhoraoise agus ghiúise.  
**FOREWORD** Brollach.  
**FORFEIT** *vb.* Forghéillim, *vl.* forghéilleadh. **The allowances shall be automatically f'ed**, dlífeair na liúntais a fhorghéilleadh go huathoibritheach. **To f. rounds**, urchair a fhorghéilleadh.  
**FORFEITING** **Mode of f. seniority of rank of NCO.**, modh forghéillte sinsearachta chéime i gcás ONC.  
**FORFEITURE** **Automatic f. of pay**, Pá a fhorghéilleadh go huathoibritheach. **F's of pay**, Forghéilltí pá. **F. of pension**, Forghéilleadh pinsin.  
**FORGE** Ceárta. **Portable f.**, C. iniompartha.  
**FORGERY** Brionnaím (*vb.*), brionnú (*n.*).  
**FORGET** Dearmad a dhéanamh.  
**FORGIVE** **F. me**, Maith dom é.  
**FORK** Forc, gabhal (*in road*).  
**FORM** Foirm. **Army F.**, Foirm Airm. **A Command, of which such Brigade f's part**, Ceannasaíocht dar cuid an Bhriogáid sin. **Ground-f's** (*M.R.*), Talamhchruthanna. **A f. for a combined march and movement by mechanical transport table**, foirm de chomhthábla máirseála agus gluaiseachta d'iompar meicniúil. **Air support request f.**, f. iarratais aerthacaíochta. **Shell report f.**, f. shliogthuarascála. **Signal message f.**, f. theachtaireacht chomharthaíochta. **Telephone f.**, f. theileafóin. **Voice message f.**, f. theachtaireacht bhéil. **A f. for a march table**, f. do thábla máirseála. **A f. for a movement table**, f. do thábla gluaiseachta. **F. of application**, f. iarratais. **F. of**

## Forming

**declaration**, f. dhearbhairthe. **F. of entrainment table**, f. de thábla traeiníochta. **F. of intelligence plan**, f. de phlean faisnéise. **F. of oath to be taken by a recruit**, f. de mhionn atá le tabhairt ag earcach. **F. of order for pursuit**, f. d'ordú tóra. **F. of summons to civilian witness**, f. thoghairme ar fhinné sibhialta. **Requisition f.** f. fhoréilimh. **Tender form**, foirm thairisceanna. **To f. close square/ double (single) file/line/ line of companies/ l. of sections/open square**, dul i ndlúthchearnóg / i dtreasa dúbailte (singil) / i líne/ i l. de chomplachtaí/ i l. de ghasraí/ i gcearnóg oscailte. **To f. on their markers**, dul in eagar de réir a marcálaithe. **To f. up**, dul in eagar. **To f. up in line**, dul in eagar i líne. **To f. two-deep/ threes/ sixes**, dul i mbeirteanna/ dtriúir/ seisir.  
**FORMAL** Foirmiúil. **F. message**, teachtaireacht fhoirmiúil. **F. warning**, rabhadh f. **In a f. way**, ar bhealach foirmiúil.  
**FORMATION** Eagar. **Adjacent f.**, e. cóngarach. **Attached f's**, eagar ar ceangal. **Close f.**, dlútheagar. **Combat f's**, eagar chomhraic. **Drill f's**, e. dhruile. **In fighting f.**, in eagar troda. **F. commander**, ceannasaí eagar. **F. headquarters**, ceanncheathrú eagar. **Open f.**, eagar oscailte. **F. orders**, orduithe eagar. **F. signal service**, seirbhís chomharthaíocht e. **Subordinate f.**, fo-eagar. **To teach a f.**, a mhúineadh (*do thrúpaí*) conas dul in eagar.  
**FORMED** **The company is f.**, tá an complacht in eagar.  
**FORMER** **F. members of the Defence Forces**, iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann. **His f. rate of pay**, a sheanráta pá.  
**FORMER** (*of coil*) eiteán.  
**FORMING** **F.-up place**, áit eagar.

## Formula

**FORMULA** Foirmle.  
**FORT F. Berehaven**, Dún Bhéarra.  
D. Uí Mheachair. **Fort Davis**, D. an Dáibhisigh. **F. Duncannon**, D. Chanáin. **F. Dunree**, D. Fhraoigh. **F. Lenan**, D. Lionáin. D. Teampall Bríde. D. an Mhistéalaigh. **Magazine F.**, An D. Armthaisce.  
**FORTE** An teann (*sword*).  
**FORTHCOMING** Le teacht.  
**FORTHRIGHT** Díreach, cruinndíreach.  
**PHYSICALLY P. incapacitated**, bheith faoi éagumas coirp.  
**PHYSICIAN** Lia.  
**PHYSIOLOGY** Fiseolaíocht.  
**PHYSIQUE** Coimpléasc, cruthaíocht.  
**PICK To p. up an object (R.F.)**, rud a aimsiú.  
**PICKAXE** Píocóid.  
**PICKED A p. battalion**, cathlán tofa.  
**PICKET** Picéad. **Fire p.**, p. dóiteáin. **Inlying p.**, p. iata. **To p. a road**, p. a chur ar bhóthar.  
**PIECE Distance p. (L.M.G.)**, scarmhír. **Artillery p.**, ball airtléire.  
**PIER** Piara, cé.  
**PIKE** Liús.  
**PILE To p. stretchers**, sínteáin a chruachadh. **Atomic p's**, cairn adamhacha.  
**PILLAR Supporting/ vertical p.**, colún tacaíochta/ ingearach. **Smoke tends to p. in very light winds**, is gnáth don deatach éirí ina cholún má bhíonn gaoth éadrom ann.  
**PILLBOX** Dúnán.  
**PILOT** Píolóta. **P. instructor**, teagascóir píolótaí. **P. officer**, oifigeach píolótaíochta. **To p. a plane**, eitleán a pháilóití. **Apprentice p.**, printíseach píolótaíochta.  
**PILOTAGE P. duties**, dualgais pháilótaíochta.  
**PIN** Biorán. **Centre p.**, lárbhiorán.

## Piston

**Drawing p.**, tacóid ordóige. **Earth p. (sigs.)**, úirbhiorán. **Firing p.**, buailteán.  
**Projection of f. p. for lock spring (M.G.)**, starrán ar an mbuailteán do ghlastuailm. **F. p. rivet**, seam buailteáin.  
**F. p. spring**, tuaim bh. **Fixing p.**, biorán nasctha. **'T' f. p.**, crosbhiorán n. **Fulcrum p.**, b. buthail. **Guide p.**, b. teoraithe. **Hinge p. (M.G.)**, b. tuisle. **Keeper p.**, b. coimeáda. **Keeper split p.**, gabhalbhiorán c. **Mounting p.**, b. ceangail. **P. of safety and sear**, b. sábhála agus sabháin. **P. -pointed base-plate position**, suíomh bonnphláta pointíneach. **Retaining p.**, b. coinneithe. **Safety p. (G.T.)**, b. sábhála. **Split p.**, gabhalbhiorán. **Long/ short s. p. for check nut**, g. fada/ gearr do chosc-chnó. **To p. down a force**, fórsa a sháinniú. **Axis p.**, fearsaid. **P. point co-ordinates**, comhordanáidí pointíní.  
**PINCERS** Pionsúr. **P. movement**, gluaiseacht phionsúir.  
**PINE P. tree**, crann péine/ giúise.  
**PINION** Pinniún. **P. bevel**, beibheal pinniúin. **P. casing**, cásáil ph. **P. c. hinge pin**, biorán tuisle cásáil p. **P. pawl**, ceapachóir p. **P. p. axis pin (spring)**, fearsaid (tuaim) cheapachóir ph.  
**PIONEER** Tiargálaí. **P. sergeant**, sáirsint tiargálaithe. **Assault p. platoon**, buíon tiargálaithe lingthe.  
**PIPE P. box (arty)**, píobhosca. **P. instructor**, teagascóir píobaireachta. **Internal p.**, píopa inmheánach. **Exhaust p.**, scéithphíopa.  
**PIPELINE** Píblíne.  
**PIRATE** Píoraíd.  
**PISTOL** Piostal. **Automatic p.**, p. uathobreach. **Veray light p.**, p. solais veray.  
**PISTON** Loine. **Floating p.**, l. shnámhach. **P. head**, ceann loine. **P. h. ring**, fáinne ceann l. **P. post**, post l. **P.**

**ring**, fáinne l. **P. rod**, slat l. **P. r. rack**, raca slat l. **P. r. r. fixing pin**, biorán nasctha raca slat l. **P. -way**, bealach l.

**PIT** Sloc. **Borrow p.**, s. soláthair. **Target p's**, sloic thargaide.

**PITCHED** Cóirithe. **P. battle**, cath cóirithe.

**PIVOT** Maighdeog **P. cover**, clúdach maighdeoige. **Mounting p.**, maighdeog cheangail. **P. gun**, gunna maighdeoige.

**PLACE** Áit. **Forming up p.**, áit eagair.

**PLACID** Ciúin, sámh, séimh, suaimhneach.

**PLACING** Team **p's**, ord na bhfoirne.

**PLAGIARISM** Bradaíl liteartha.

**PLAICE** Leathóg.

**PLAIN** Má, machaire.

**PLAN** Plean. **P. of action/ attack/ campaign**, plean comhraic/ ionsaí/ feachtais. **P's and Operations**, Pleananna agus Oibríochtaí. **Fire p.**, plean lámhaigh. **Line p.**, p. líne. **Route p.**, p. bealaigh. **Signal/ tactical p.**, p. comharthaíochta/ oirbheartaíochta. **Supply p's**, pleananna soláthair. **To p. an attack**, ionsaí a bheartú. **To move according to p.**, gluaiseacht mar a bhí beartaithe. **Proposed p.**, p. molta. **Draft p.**, dréachtphlean. **Final approved p.**, p. formheasta críochnaitheach. **P. is elaborated from the decision**, fásann an p. ón mbreith. **P. of manoeuvre**, p. inliochta.

**PLANE** **Bombing/ combat/pursuit/ reconnaissance/ training/ transport p.**, eitleán buamála/ comhraic/ tóra/ taiscéalaíochta/ traenála/iompair. **Horizontal/ vertical p.**, plána cothrománach/ ingearach.

**PLANET** Pláinéad. **Orbiting p's**, pláinéid i bhfithis.

**PLANE-TABLE** (*M.R.*) *vb.*  
Plánachláraim, *n.* plánachlár.

**PLANE-TABLING** Plánachláráil.

**PLANNED** **P. fire**, Lámhach pleanáilte.

**PLANNING** Pleanáil. **P. cycle**, ord pleanála. **Fire p.**, pleanáil lámhaigh. **P. section**, An Rannóg Pleanála. **Simultaneous p.**, pleanáil chomhuaineach.

**PLANT** (*mech.*) Gléasra. **Power p.**, g. cumhachta. **Stationary p.**, g. cónaitheach.

**PLANTATION** Plantán (*coill*), plandáil (*stair*), fáschoill.

**PLANTER** Mine **p.**, plandóir mianach.

**PLASMA** Plasma.

**PLASTER** Plástar.

**PLASTERER** Pláistéir.

**PLASTIC** Plaisteach. **P. separator**, deighilteoir p.

**PLATE** Pláta, anóid (*of valve*).  
**Anchoring** (*arty.*)/ **demonstration/ falling/ retaining/ steel p's**, plátaí ancaireachta/ léiriúochta/ titimeachta/ coinnithe/ cruach. **Base-p.**, bonnphláta. **Graduated p.**, pláta céimroinnte. **Pressure p.**, brúphláta. **Side p's right and left** (*M.G.*), taobhphlátaí deas agus clé. **Prolongation of side p.**, fadú taobhphláta. **Side p. screws**, scriúinna t. **Armour p.**, armúrphláta. **Clutch p.**, crágphláta. **Photographic p's**, plátaí grianghrafacha.

**PLATEAU** Ardchlár.

**PLATER** Plátóir.

**PLATFORM** **All-round traverse p.** (*arty.*), léibheann lán-imchasta (*gunna*). **Magazine p.**, léibheann piléarlainne. **P. method**, modh an léibhinn.

**PLATOON** Buíon, g. buíne. **Assault pioneer p.**, b. tiargálaithe lingthe. **Infantry p.**, b. choisithe. **Infantry carrier p.**, buíon iompróirí coisithe. **P. area/ commander/ second-i.-c./ leader/ record/ sergeant**, Líomatáiste/ ceannasaí/ leascheannasaí/ cinnire/ taifead/ sáirsint buíne. **Assistant p. leader**, cinnire buíne cúnta. **P. headquarters/ training exercises**,

ceanncheathrú/ freachnaimh  
thraenála bhuine. **Signal p.**, buíon  
chomharthaíochta. **Field park p.**,  
locbhuíon mhachaire. **Advanced p.**  
**drill**, druil buine ardhéime.

**PLAUSIBLE** Plásánta, sochreidte. **P.**  
**person**, plásai.

**PLAY** The ‘p.’ between the fore-end  
and barrel, an ligean idir an t-urstop  
agus an bairille.

**PLEA** A p. in bar, bacphléadáil. **General**  
**p. of ‘Guilty’ or ‘Not Guilty’**,  
Pléadáil ghinearálta ‘Ciontach’ nó  
‘Neamhchiontach’. **Special p. to the**  
**jurisdiction**, p. speisialta chun na  
dlínse. **To enter a p. in bar of trial**, p.  
a chur isteach mar bhac trialach.

**PLENTY** Neart.

**PLIERS** **Insulated p.**, greamaire inslithe.  
**Cutting p.**, g. ghearrtha. **Side-cutting**  
**p.**, g. shliosghearrtha.

**PLOT** *n.* Plásóg (*of ground*), comhcheilg  
(*deceit*), breac (*action*), *pl.* breaca. **To p.**  
**gun-position on a map**, gunnashuíomh  
a bhreacadh ar léarscáil.

**PLOTTER** **Field p.**, breacaire machaire.

**PLOTTING** **P. room**, breacadhsheomra.

**PLOUGH** Talamh treafa (*musk.*).

**PLUG** Plocóid. **Base p.** (*G.T.*),  
bonnphlocóid. **Base p. key**, eochair  
bhonnphlocóide. **Gas-tight**  
**p.**, p. ghásdionach. **Sparking p.**,  
spréachphlocóid. **Belt p’s**, plocóidí  
creasa. **Clearing p.**, plocóid  
réitithe. **Cork p.**, p. choirc. **Rear p.**,  
cúlphlocóid. **Screwed p’s**, plocóidí  
snáite. **To p. a wound**, créacht a  
chalcadh.

**PLUGGED** **P. shell**, sliogán plocóidithe.  
**P. into**, curtha isteach i.

**PLUM** Pluma. **P. pudding**, maróg Nollag.

**PLUMB-BOB** A metal p. with cord,  
puntán miotail le corda.

**PLUMBER** Luadóir, pluiméir.

**PLUMMET** Pluiméad (*arty.*).

**PLUNDER** Foghail.

**PLUNGER** Tumaire. **P. retaining catch/**  
**spring/ tube**, greamaire coinnithe/  
tuailm/ feadán tumaire. **Safety p.**, t.  
sábhála.

**PLUNGING** **P. fire**, lámhach ropach.

**PLUS** Móide. **Three plus four**, a trí  
móide a ceathair.

**PLUTONIUM** Plútóiniam.

**PNEUMATIC** **P. tube**, aerlamhnán.  
**P. tools**, uirlisí aeroibrithe. **P. tyre**,  
aerbhonn.

**PNEUMONIA** Niúmóine.

**POCKET** **P’s of resistance**, pócaí  
friotaíochta.

**POINT** **Aiming p.**, pointe díríochta.  
**Distant a. p.**, fad phointe d. **At p.**  
**blank range**, faoi bhéal (an ghunna).  
**P. of balance**, pointe cothromaíochta.  
**P. of bayonet/ sword**, dias bheaignite/  
chlaímh. **Cardinal p’s**, príomhairde.  
**P. of departure**, pointe imeachta.  
**Detrucking/ entrucking p.**, p.  
díthrucnaíochta/ trucnaíochta. **Distant**  
**p.** (*M.R.*), cianphointe. **Dispersal**  
**p.**, p. easraidh. **P. of entry** (*trench*),  
p. isteach. **P’s of the compass**, airde  
an chompáis. **Subsidiary p’s of the**  
**c.**, fo-airde an ch. **Delivery p’s**, pointí  
seachadtaí. **Diversion p.**, pointe claonta.  
**Firing p.**, p. lámhaigh. **Fixed p.**, p.  
ceaptha. **Focal p.**, p. cuimsitheach.  
**Forward ammunition p.**, tulphointe  
lónlámhaigh. **P. of impact**, p.  
turrainge. **Initial p.** (*M.R.*), túsphointe.  
**Intermediate p’s**, pointí idirmheánacha.  
**Limiting p’s**, p. teorainneacha.  
**Meeting p.**, pointe coinne. **The North**  
**P.**, an Aird ó Thuaidh. **Prominent p’s**,  
pointí taibhseacha. **P. of origin**, pointe  
tionscnaimh (*M.R.*), pointe maidhme  
(*smoke*). **Rallying p.**, p. athchruinnithe.  
**Reference p.**, p. tagartha. **Refilling**  
**p.**, p. athlíonta. **P. of resistance**, p.  
friotaíochta. **P. of shoulder**, bocán

## Pointer

gualainne. **Saluting p.**, pointe cúirtéise. **Starting p.**, p. tosaithe. **Strong p.**, tréanphointe. **P. target**, ponchthargaid. **Mutually supporting strong p's**, tréanphointí comharthacaíochta. **Terminal p.** (*M.R.*), pointe foircinn. **Trig. p's** (*M.R.*), Pointí triantánaíthe. **P. of vanguard**, rinn urgharda. **Vulnerable p.**, pointe sobhuailte. **Wheeling p.** (*drill*), pointe casaidh. **Witness p.** (*arty.*), pointe fianaise. **P. of bullet**, bior piléir. **Check p.**, pointe profa. **From the p. of view**, ó thaobh. **Decimal p.**, p. deachúil. **junction p.**, p. acomhail. **P's of stress**, béimphointí. **Release p.**, pointe scaoilte. **Watering p.**, p. uisce.

**POINTER Elevating p.**, pointeoir ardaíthe.

**POINTING Arm and sword p. to the right front**, géag agus claíomh ag pointeáil chun tosaigh agus fó dheis.

**POINTSMAN** (*traffic*) Tráchtstiúrthóir.

**POLARITY** Polaraíocht.

**POLARIZATION** Polarú.

**POLE The Magnetic P.**, An Mol Maighnéadach. **The North/ South P.**, An M. Thuaidh/ Theas. **The P's**, Na Moil. **True P.**, Fiomhol. **Telegraph p.**, cuaille teileagraf.

**POLEMAN** Fear cuaille.

**POLICE Military P.**, Póilíní Airm. **M.P. Field (Garrison) Company**, Complacht Machaire (Garastúin) Póilíní Airm. **P. duties**, dualgais phóilíneachta. **P. Officer**, Oifigeach Póilíní. **P. units**, aonaid phóilíní. **Military P. Corps**, Cór Póilíní an Airm.

**POLICEMAN Military P.**, Póilíní Airm.

**POLICING** Póilíníú (*sigs.*).

**POLICY** Polasaí, beartas. **Joint p.**, comhpholasaí. **Defence p.**, beartas cosanta.

**POLITE** Dea-bhéasach, múinte, gnaíúil.

**POLITICAL** Polaitiúil.

## Position

**POMMEL P. of sword**, úll claímh.

**POND Linn. Mill p.**, l. mhuilinn. **Quarry p.**, l. chairéil.

**PONTOON** Pontún. **P. Bridge**, droichead pontúin.

**PONY** Capaillín, gearrchapall..

**POOL P. ammunition**, lónlámhaigh tiomargana. **Commanding Officer's p.**, tiomargain Oifigigh Cheannais. **P. of umpires**, t. mholtóirí. **Reserve mechanical transport p's**, tiomargana de chóreacha iompair mheicniúil cúlta. **Swimming P.**, linn snámha.

**POPLAR** Poibleog.

**POPPET P. valve**, comhla mhuisiríúnach.

**POPULATION Civil p.**, pobal, daonra.

**PORK** Muiceoil.

**POROUS** Poiriúil, scagach. **P. separator**, deighilteoir scagach.

**PORRIDGE** Leite, brachán.

**PORT** Port, calafort. **Airport**, aerfort. **P. hole** (*fuse*), splancphoillín. **To p. arms**, airm a thaispeáint.

**PORTABLE** Iniompartha. **Air p.**, aer iniompartha. **P. battery operated instrument**, airméis iniompartha ceallra-oibrithe.

**PORTION Recoiling/ non-recoiling p's**, codanna athchasta/ neamhathchasta. **Stationary p.**, cuid chónaitheach.

**POSITION** Suíomh, *pl.* suímh. **Action p.**, s. comhraic. **Alternative p.**, s. malairte. **Assembly p.**, s. tionóil. **Baffle/ defensive/ delaying p.**, suíomh catha/ cosantach/ moillitheach. **Dummy p.** (*arty.*), simleadh suímh. **Fire p.**, lámhachshuíomh. **Firing p.**, suíomh lámhaigh. **To be in p. (unit)**, (aonad) a bheith ina ionad. **Kneeling p.**, s. glúine. **Loading p.**, suíomh lódála. **Lying p.**, s. luí. **P. of observation**, suíomh breathnadóireachta. **Pin-pointed base-plate p.**, s. bonnphláta pointíneach. **The prepare for action p.**, an s. ullamh chun comhraic. **P. of**

**readiness**, s. ullmhaíochta. **Ready p.**, bheith ar tapa. **Reserve p.**, suíomh cúltaca. **Rest p.** (*rev.*), s. sosa. **Sitting p.**, s. suí. **Standing p.**, s. seasaimh. **To put patient in half-sitting-up p.**, othar a chur ina leathshuí. **Hull-down p.**, suíomh cabhail-síos. **Main p.**, príomhshuíomh. **Reverse slope p.**, s. fána ar gcúl. **Turret down p.**, s. túirín-síos.

**POSITIONING P. stud**, stoda ionadaithe.

**POSITIVE n.** Dearbhchló (*phot.*), *adj.* deimhneach, dearfach. **P. charge**, lucht deimhneach (*elec.*). **P. drive**, tiomáint dheimhneach. **P. angle**, uillinn dhearfach. **P. ion**, ian deimhneach. **P. phase**, pas dheimhneach. **P. blast phase**, pas an tséidte dheimhnigh.

**POSSESSION P. of military certificates**, seilbh ar dheimhnithe míleata.

**POSSIBLE** Féideartha, indéanta.

**POST Aid p.**, cabhairphost. **Combat p's**, poist chomhraic. **Command p.**, post ceannais. **control p.**, p. rialaithe. **Defensive p.**, p. cosantach. **Detached p.**, p. ar dícheangal. **The Last P.**, An Ghairm Dheiridh. **Listening p.**, post éisteachta. **Look-out p.**, p. faire. **On p.**, ar post. **Vertical p's**, cuailín ingearacha. **Walking wounded collecting p.**, post bailithe na gcréachtach insiúil. **To p. an officer on attachment**, oifigeach a phostú ar ceangal. **To p. a recruit to a unit**, earcach a ph. go dtí aonad. **To p. a sentry**, fairtheoir a chur ar post. **Ambulance p.**, post otharcharr. **Air observation p.**, aerphost breathnadóireachta. **Casualty collecting p.**, p. bailithe taismeach. **Control and reporting p.**, p. rialaithe agus tuarascála. **Defended p.**, p. cosanta. **Forward control p.**, tulphost rialaithe. **Regimental aid p.**, cabhairphost reisiminte. **Target director p.**, p. stiúrtha targaide. **Traffic**

**control p.**, p. rialaithe tráchta.

**POST-DATED** Faoi iardhátá.

**POSTING P. on attachment**, postú ar ceangal. **P's to a unit**, postuithe go dtí aonad.

**POST-MORTEM P. examination**, scrúdú iarbháis.

**POST-OFFICE Field p.**, postoifig mhachaire.

**POSTSCRIPT** Iarscríbhinn, agusín.

**POST-TRUCE P. service**, seirbhís iarshosa.

**POTASH Caustic p.**, potais loisneach.

**POTATO Práta. Creamed p's**, prátaí uachtartha. **Croquette p's**, meillín p. **Duchesse and boiled p's**, p. duchesse agus beirithe. **Mashed p's**, brúitín. **Riced p's**, prátaí gráinnithe.

**POTENTIAL n.** Poitéinseal, *adj.* poitéinsiúil. **P. noncommissioned officer**, ábhar oifigigh neamhchoimisiúnta.

**POTTERY P. vessels**, soithí cré.

**POUCH** Pócóid. **Utility p.**, p. áirgiúlachta.

**POUNDER 18-p. field battery**, bataire machaire 18 punt.

**POWDER Púdar. P. composition**, cumasc púdair. **Emery p.**, púdar éimir. **P. trail (G. T.)**, lorg púdair.

**POWER Administrative p's**, cumhachtaí riaracháin. **Civil p.**, cumhacht shibhialta. **Electric p.**, c. leictreach. **Destructive p.**, c. scriosúil. **Executive p.**, c. feidhmiúcháin. **P's of a commanding officer**, cumhachtaí oifigigh cheannais. **P. of military command**, cumhacht cheannais mhíleata. **P. of recognition of colours**, cumas aitheanta dathanna. **Searching(G.T.)/ striking p.**, cumas cuardaigh/ buailte. **Summary p's**, cumhachtaí achomaire. **Air power**, aerchumhacht. **Horse p.**, each-chumhacht. **Man p.**, fearchumhacht.



Sea p., muirchumhacht. **P. amplifier**, c. -aimplitheoir *nó* aimplitheoir cumhachta. **P. dissipated heat**, c. scaipthe mar theas. **P. factor**, factóir cumhachta. **P. input**, inchumhacht. **P. losses**, cumhachtchailleanais *nó* caillteanais chumhachta. **P. output**, eischumhacht. **P. stroke**, cumhachtbhuille. **P. unit**, cumhachtaonad *nó* aonad cumhachta. **Total carrier p.**, c. iompróra iomlán.

**POX Chicken p.**, deilgneach.

**PRACTICAL** Praiteiciúil.

**PRACTICE Annual range p's**, raonchleachtais bhliantúla. **Application p.**, cleachtas feidhmlamhaigh. **Application p. with (without) bayonet**, c. f. le beaignit (gan bheaignit). **Battle p's**, cathchleachtais. **Broadside/ classification/ deliberate p.**, cleachtas leathansleasa/ aicmíochta/ fuireachair. **Fire with movement p's**, cleachtais lámhaigh agus ghluaiseachta. **Firing p.**, cleachtas lámhaigh. **Gas p. timed**, amchleachtas gáis. **Grouping p.**, cleachtas grúpala. **Instructional p.**, cleachtas teagaisc. **Light Machine Gun p's**, cleachtais inneallghunna éadroim. **Machine Gun p's**, c. inneallghunna. **Live grenade/ miniature/ open range p's**, cleachtais le gránáidí beo/ ar mhionraon/ ar raon oscailte. **Mortar/ qualification p's**, c. mhoirtéir/ chailíochta. **Range p's**, raonchleachtais. **Ranging p.**, cleachtas raonála. **Rapid p.**, mearchleachtas. **Revolver/ rifle p's**, cleachtais ghunnáin/ mhúscaeid. **Slow p.**, mallchleachtas. **Snap-shooting/ throwing/ traversing p.**, cleachtas scioblámhaigh/ teilgin/ trasnála. **Timed p.**, amchleachtas. **30 m. range p's**, cleachtais ar raon 30 méadar. **P. bomb**, cleachtbhuama. **P. problem**, fadhb chleachtaidh.

**PRAWN** Cloicheán. **P. cocktail**, manglam cloicheáin.

**PRE-ARRANGED P. signal**, comhartha réamhshocraithe.

**PRECAUTION P's against fire**, réamhchúraimí in aghaidh dóiteáin. **Safety p.**, réamhchúram sábhála. **The first s. p.**, an chéad r. s. **To take p's against an ambush/ surprise**, réamhchúraimí a ghlacadh in aghaidh luíocháin/ ganfhíosaiochta. **The offence of being taken prisoner without due p.**, an cion sin é a ghabháil ina phríosúnach trí neamhaire.

**PRECEDENCE** Príomhacht. **To give p. to certain traffic**, tús bealaigh a thabhairt do thrácht áirithe. **P. action**, p. ghnímh. **P. degree**, grád príomhachta. **P. information**, príomhacht eolais.

**PRECINCTS P. of prison**, maighean phríosúin.

**PRECIPICE** Aill.

**PRECIS P. of orders**, coimre ar orduithe.

**PRECISE** Cruinn, beacht. **P. analysis**, anailís chruinn.

**PRECISION P. bombing**, beachtbhuamáil.

**PRE-DEMobilisation P. leave**, saoire roimh dhíshlógadh.

**PREDICTABLE** Sothuartha.

**PREDICTED P. fire**, lámhach réamh-mheasta. **P. methods of fire**, modhanna réamh-mheasta lámhaigh.

**PREDICTOR** Réamh-mheastóir (*arty.*). **P. operator**, oibrítheoir réamh-mheastóra.

**PRE-DISCHARGE P. leave**, saoire roimh urscaoileadh.

**PRE-EMERGENCY The p. period disablement**, an míchumas sa tréimhse réamhéigeandála.

**PREFABRICATED** Réamdhéanta.

**PREFACE** Brollach.

**PREFACED Message is p. by ...**, cuirtear ... roimh an teachtaireacht.

**PREFIX** Réimír.

**PREJUDICE Without p. to rearrest**, gan dochair d'athghabháil. **Conduct to the p. of good order and discipline**,

iompar a rachadh chun dochair do dheard agus d'araíonacht.

**PREJUDICED** Reamhchlaonta.

**PRELIMINARY** Réamh-. **P. conference**, réamhchomhdháil. **P's**, réamhimeachtaí. **P. arrangements**, réamhshochruithe. **P. investigation**, réamh-imscrúdú. **P. moves**, réamhghluaiseachtaí. **Necessary p's**, réamhriachtanais. **P. work**, réamhobair.

**PREMATURE** Réamhionúch (*grenade*), anabái, roimh am.

**PREPARATION** Artillery p., ullmhú le hairtléire. **P. of defence** (*C.M.*), u. cosanta. **P. of d. by accused**, u. a chosanta ag an gcúisí.

**PREPARATORY** Ullmhúchán. **P. period**, tréimhse ullmhúchán.

**PREPARE** To p. for long carry (*mortar*), ullmhú chun fadiompair. **The p. for action position**, an suíomh ullamh chun comhraic.

**PREPLANNED** Réamhphleanáilte. **P. air support**, aerthacaíocht réamhphleanáilte. **P. fire**, lámhach r.

**PRE-RETIREMENT** **P. Leave**, saoire roimh scor.

**PRESCRIBE** To p. by regulations, forordú le rialacháin. **P. the employment of**, úsáid a leagan síos.

**PRESCRIBED** **P. areas**, líomataístí forordaithe. **P. military authority**, údarás míleata forordaithe.

**PRESENCE** In the p. of the accused, i láthair an chúisí.

**PRESENT** To p. arms, airm a thairiscint. **To p. firearms at a person** (*offence*), airm lámhaigh a phointeáil ar dhuine. **Arms at 'the p.'**, airm 'ar thairiscint'. **The platoon is p.**, tá an bhúion i láthair. **The 'P'. From 'Carry'** (*M.S.*), Claimhte 'ar iompar' a thairiscint. **The 'carry' from the 'p.'**, claimhte 'ar thairiscint' a chur 'ar iompar'.

**PRESENTATION** Bronadh, léiriú.

**PRESERVATION** Caomhnú.

**PRESIDENT** **P. of a Board of Survey**, Uachtarán Bord Suirbhéireachta. **P. of a General (Limited) Courtmartial**, U. Armchúirte Ginearálta (Teoranta).

**PRESIDENTIAL** Uachtaráin (toghchán, dualgas u.). **P. salute**, Cúirtéis don Uachtarán. **P. standards**, Meirgí an Uachtaráin.

**PRESS** Brúim. **Hydraulic p.**, cantaoir hidrálach. **P. censor/ censorship/ officer/ photography**, cinsire/ cinsireacht/ oifigeach/ grianghrafacht nuachta. **To p. a trigger**, trucear a fháscadh. **P. conference**, preasagallamh.

**PRESSEL** Brúiteoir.

**PRESSURE** Tyre p., fáiscire boinn.

**PRESSURE** Barometric p., brú baraiméadrach. **Double p.** (*rifle*), fáscadh dúbailte. **First/ second p.** (*do.*), céad fháscadh/ dara fháscadh. **Inward, backward and downward p.** (*L.M.G.*), brú isteach, siar agus síos. **Compression p.**, brú an chomhfháiscithe. **Radial p.**, brú raidiúil.

**PRESUMPTIVE** A soldier having a p. right to a pension, saighdiúir a bhfuil ceart toimhdean aige chun pinsin.

**PRE-TRUCE** **P. service**, seirbhís réamhshosa.

**PREVENTABLE** **P. physical unfitness**, neamh-infheidhmeacht choirp ab fhéidir a chosc.

**PREVENTIVE** Coisctheach.

**PREVIOUS** Roimh ré. **P. address**, seoladh ríomh ré.

**PRIMARY** Príomha. **P. Cell**, cadhain phríomha. **P. charge**, lánán p. **P. evidence**, fianaise ph. **P. winding**, ritheán p.

**PRIME** To p. a grenade, gránáid a phrímeáil. **P. mover** (*engrs.*), buninneall.

**PRIMER** Príméar. **Gun cotton p.**, p. gunnachadáis. **P. holder**, coimeádaire príméir.

## Priming

**PRIMING** Prímeáil. **P. bay**, ba prímeála.

**PRINCIPLE** The **p. of surprise**, prionsabal na ganfhiosáiochta. **P. of operation**, p. oibrithe. **P's of fire/ instruction**, prionsabail lámhaigh/ teagaisc. **The p's of aiming/tactics**, p. na díríochta/ na hoirbheartaíochta.

**PRINT** *vb.* Clóbhuailim, *n.* cló. **Blue p's**, gormchlónna.

**PRINTER** Clódóir.

**PRIORITY** **P. of maintenance**, tosaíocht chothabhála. **P. on roads/ at cross-roads**, t. ar bhóithre/ ag cros-bhóithre. **According to p. of requirements**, de réir ord (tosaíocht) na riachtanas. **At p. call**, ar ghlaoch tosaíochta. **P. targets**, targaidí tosaíochta. **Order of p.**, ord tosaíochta.

**PRISM** Príosma. **P. attachment/ holder**, nascán/ coimeádaire príosma. **Combination centre p's**, comhphríosmaí láir. **End p's**, príosmaí foircinn.

**PRISMATIC** **P. compass**, compás príosmach.

**PRISONER** Príosúnach. **Officer p's**, príosúnaigh oifigigh. **P. of war**, príosúnach cogaidh. **P. of war cage**, caighean príosúnach cogaidh.

**PRIVATE** Saighdiúir singil. **P. technician, line, 3-star, 2-star**, saighdiúir singil teicneoir, líne, trí réalta, dhá réalta. **P. grade I, II, III**, S.S. grád I, II, III. **P. study**, staidéar príobháideach. **Privates' Mess**, Bialann na saighdiúirí.

**PRIVILEGE** **P. of an accused/ legal adviser/ defending officers/ witnesses**, príobhléid chúisí/ chomhairleach dlí / oifigeach cosantach/ finnétithe. **Christmas p. leave**, saoire phríobhléide Nollag.

**PRO** Pros and cons, ina leith agus ina éadan. **We will examine the p's and c's of this.** scrúdóimid dhá thaobh an scéil seo.

## Proclamation

**PROBABLE** Dóchúil. **P. errors in direction/ range**, earráidí is dóichí a bheidh sa treo/ raon. **P. lines of enemy approach**, línte tárrachtana dóchúla an namhad.

**PROBATION** Attachment on **p.**, ar ceangal faoi phromhadh.

**PROBATIONARY** **P. duty**, dualgas promhaidh. **P. period**, tréimhse phromhaidh.

**PROBE** **P. unit**, aonad tóraithe.

**PROBLEM** Intervisibility **p's**, fadhbanna idir-infheictheachta. **Map p.**, fadhb léarscáile. **Approach to a p.**, tabhairt faoi fhadhb. **Statement of a p.**, fadhb a chur síos.

**PROCEDURE** **P. of convening**, nós imeachta chun comórtha. **P. at trial**, n. i. ag triail. **P. on assembly of Court**, n. i. ar thionól Cúirte. **P. after plea of 'Guilty'**, n. i. tar éis pléadail 'ciontach.' **P. where evidence as to facts given for defence by witnesses (other than accused) but not by the accused**, n. i. i gcás finnétithe (seachas an cúisí) ach gan an cúisí féin a thabhairt fianaise maidir le fíorais ar son na cosanta. **Standing operating p.**, buan-nós imeachta. **Suggested p.**, n.i. a mholtar. **Voice p.**, nós imeachta gutha.

**PROCEED** To **p. on detachment**, dul ar dícheangal.

**PROCEEDINGS** **P. before a Court-martial**, imeachtaí i láthair Armchúirte. **P. of a Court of Inquiry**, i. Cúirt Fiosrúcháin. **P. for enlistment**, i. le haghaidh liostála. **Summary p.**, i. achomaire.

**PROCESS** Radio-active **p's**, oibrithe radaighníomhacha. **The decay process**, oibriú an mheatha.

**PROCLAMATION** Forógra. **A p. ordering continuance in Army Service of soldiers of the Forces**, f. á ordú saighdiúirí de na Fórsaí

## Procure

a choimeád in Armsheirbhís. **A p. ordering the reserve to be called out on permanent service**, f. a ordú an cúltaca a ghairm amach ar buanseirbhís. **A p. revoking p. dated 1st September, 1969, calling out the reserve on permanent service**, f. ag cúlghairm forógra dar dáta an 1ú Meán Fómhair, 1969, ag gairm an chúltaca amach ar buanseirbhís.

**PROCURE To p. a soldier to absent himself without leave**, tabhairt ar shaighdiúir fanacht as láthair gan chead.

**PRODDER** Priocaire.

**PRODUCE To p. a document/ witness/ evidence**, cáipéis/ finnég/ fianaise a thabhairt ar aird. **To p. a line 3 centimetres**, 3 ceintiméadar a chur le líne.

**PRODUCT** Táirge. **P's of combustion**, iarsmaí dócháin.

**PRODUCTION** Táirgeadh. **Large scale p. of weapons**, armáin a tháirgeadh ar an morchóir. **P. of information/ maps**, eolas/ léarscáileanna a tháirgeadh.

**PROFICIENCY** Inniúlacht. **P. in handling a weapon**, bheith inniúil ar armán a láimhseáil.

**PROFILE** Leathghaidh, próifíl. **Keeping a low profile**, ag púcaíocht.

**PROFIT** Brabach.

**PROGRAMME P. of training**, clár traenála. **Competition p's**, cláir chomórtais.

**PROGRESS P. is being made**, tá dul ar aghaidh á dhéanamh. **P. of the attack**, dul ar aghaidh ag an ionsaí. **P. report**, tuarascáil réimníochta.

**PROGRESSIVE P. instruction/ training**, Teagasc/ traenáil réimnitheach. **System of p. stages (detention)**, córas na réimeanna.

**PROHIBITED P. area**, líomatáiste toirmisce.

**PROHIBITION P. of unofficial work**,

## Property

toirmeasc ar obair neamhoifigiúil. **P. of places**, cosc ar áiteanna.

**PROJECTILE** Tarlaiceán, diúracán.

**PROJECTION Angle of p.**, uillinn tarlaicthe. **P's in barrel**, starráin sa bhairille. **Map p's**, tarlaicí léarscáile.

**PROJECTOR** Teilgeoir (*cinema etc*).

**PROLONGATION P. of service**, fadú seirbhíse. **P. of the axis of the barrel**, fadú ar ais an bhairille.

**PROMINENT P. points**, pointí taibhseacha.

**PROMOTE To p. a private to the acting rank of corporal**, saighdiúir singil a ardú chun bheith ina cheannaire gníomhach. **To p. to higher rank**, ardú chun céime níos airde. **To p. to next higher rank**, ardú chun an chéad chéim eile is airde.

**PROMOTION** Ardú céime. **P. to acting rank**, ardú chun céime gníomhaigh.

**PROMPT P. gamma**, gáma tapaidh.

**PROMULGATION P. of orders**, orduithe a fhógairt. **P. of the sentence passed on them**, fógairt na pianbhreithe a cuireadh orthu.

**PRONE P. position**, suíomh luí.

**PRONOUNCED He p. life to be extinct**, rinne sé ráiteas go raibh an t-anam imithe (as).

**PROOF Legal p. of truth of confession**, cruthúnas dlithiúil ar fhírinne admhála. **Proof reading**, léamh profaí.

**PROPAGANDA** Bolscaireacht.

**PROPELLANT P. charge**, lánán tiomána.

**PROPELLED A vessel p. by an engine**, ártach innealltiomána. **Rocket p. grenade**, gránáid roicéadtíomána. **Self p. gun**, gunna uatíomána.

**PROPELLER** Lián. **P. shaft**, fearsaid tiomána.

**PROPERTY P. book**, leabhar maoinne. **Public p.**, maoin phoiblí. **State p.**, m. stáit.

## Prophylactic

**PROPHYLACTIC P. centre**, airmheán urchoisc. **P. Treatment**, cóireáil urchoisc.

**PROPORTION P. of pension**, cionúireacht de phinsean.

**PROPORTIONAL** I gcomhréir. **P. dividers**, roinnteoírí comhréireacha.

**PROPS** Fearas.

**PROPULSION** Tiomáint. **P. unit**, aonad tiomána.

**PROSECUTE** *vb.* Inchúisim, *vl.* Inchúiseamh.

**PROSECUTING P. officer**, Oifigeach inchúisimh.

**PROSECUTION** Inchúiseamh. **Evidence for the p.**, fianaise ar thaobh an inchúisimh. **Witness for the p.**, finné ar thaobh an inchúisimh.

**PROSECUTOR** Inchúisitheoir.

**PROSPECTIVE P. candidates** (*exam.*), ábhair iarrthóirí.

**PROSPECTUS** Réamheolaire.

**PROTECT** To **p. patrol from surprise attack**, patról a chaomhnú ar ionsaí gan choinne.

**PROTECTION P. section** (*arty.*), gasra caomhnaithe. **Local p.**, caomhnú áitiúil. **P. from neutrons**, caomhnú ó neodróin. **P. in nuclear warfare**, caomhnú i gcogaíocht eithneach. **Collective p.**, ilchaomhnú. **Individual p.**, caomhnú aonair. **P. value of building**, méid chaomhnaithe a fhaightear ó fhoirgneamh.

**PROTECTIVE P. clothing**, éadach caomhnaitheach. **P. detachments**, díormaí caomhnaitheacha. **P. drill**, druil caomhnaitheach. **P. fire**, lámhach caomhnaitheach. **P. minefields**, loig mhianaigh caomhnaitheacha.

**PROTECTOR** Muzzle **p.**, béalgharda.

**PROTON** Prótón.

**PROTRACTOR** Fan-shaped **p.**, uillinntomhas leathchiorclach.

**PROTRUSION** Striker **p. gauge**, tomhas forsháite buailteáin.

## Pulse

**PROUD** Uaibhreach, toirtéiseach, mórchúiseach, bródúil.

**PROVE** To **p. distance/intervals**, fad slí/eatrainm a dheimhniú. **To p. a charge**, cúiseamh a chruthú. **To p. revolvers**, gunnáin a dheimhniú.

**PROVIDE** To **acquire and p. information**, eolas a fháil agus a chur ar fáil.

**PROVISION** Foráil, *pl.* forálacha (*Legal*). **P. of**, a chur ar fáil. **P. account**, cuntas bialóin. **P's**, lón bia, bialón.

**PROVOST** Propast. **P. Marshal**, Propastmharascal. **Assistant P. Marshal**, P. Cúnta. **Deputy Assistant P. Marshal**, Leas-ph. C.

**PRO-WORD** Nósfhocal.

**PROXIMITY** Gaireacht. **P. Fuse**, aidhnín gaireachta.

**PSYCHOLOGICAL** The **p. effect of overhead fire**, éifeacht shíceolaíoch lámhaigh lasnairde. **The p. effect of war**, éifeacht shíceolaíoch chogaidh.

**PSYCHOLOGY** Aigheolaíocht/síceolaíocht.

**PUBLIC P. relations**, caidreamh poiblí. **P.R. Section**, An Rannóg Caidrimh Phoiblí. **P. address system**, córas ilghairme. **Public Service Benchmarking Body**, Comhlacht Tagarmharcála na Seirbhíse Poiblí.

**PUBLICATION** Foilseachán. **P. of orders**, orduithe a fhoilsíú.

**PUBLICITY** Personal **p.**, poiblíocht phearsanta. **P. section**, An Rannóg Poiblíochta.

**PUBLISH** *vb.* Foilsím.

**PUDDING** Maróg. **Milk/ rice p.**, m. bhainne/ ríse.

**PULLEY** Ulóg. **P. sheave**, síobha ulóige.

**PULL-OFF** Truicearscaoileadh (*rifle*).

**PULMONARY** Scamhógach.

**PULL-THROUGH** Corda glanta. **Double p.**, c. g. dúbailte.

**PULSE** Cuisle.

## Pump

**PUMP Lubricating grease p.**, teannaire gréisce bealála. **Petrol p.**, caidéal peitрил.

**PUNCH P. mark**, marc ruagaire.

**PUNCTUAL** Sprioctha, poncúil.

**PUNCTUALITY** Poncúlacht.

**PUNCTUATION** Poncaíocht.

**PUNCTURED** Pollta.

**PUNCTURE-PROOF** Dophollta.

**PUNISHABLE Offences p. by ordinary law of Ireland**, cionta is inphionóis faoi ghnáthdhli na hÉireann. **Offence p. with death**, cion lena ngabhann pianós an bháis. **Offence not p. with death**, cion nach ngabhann pionós an bháis leis.

**PUNISHMENT** Pionós.

**PURE** Glan.

**PURCHASE To discharge a soldier by p.**, saighdiúir a urscaoileadh trí cheannach. **P's from Imprest Account**, ceannaigh as an gCuntas Óinchiste. **Local p's**, c. áitiúla.

**PURPORTING An agreement p. to be signed by a person upon his being attested as a soldier**, comhaontú a airbheartaíonn a bheith sínithe ag duine ar é a fhianú ina shaighdiúir. **A Gazette p. to be issued by the Deputy Chief of Staff (Support)**, iris a airbheartaíonn a bheith arna cur amach ag an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht).

## Pyorrhoea

**PURPOSE** Cuspóir, aidhm, rún, chun críche. **Service for the p. of subparagraph (a)**, seirbhís chun críche fomhíre (a). **For the p's of this Regulation**, chun críche an Rialacháin seo.

**PURSUANCE In p. of Regulations made under Section 6**, de bhun Rialachán arna ndéanamh faoi Alt 6. **In p. of a sentence imposed by a Court-martial**, de bhun pianbhreithe Armchúirte.

**PURSUING P. column**, colún tóra.

**PURSUIT P. orders**, orduithe tóra. **P. plane**, eitleán tóra.

**PUSH-BUTTON Single switch or p.**, lasc shingil nó brúlasc.

**PUSHING** Ag brú. **P. EAST from**, ag brú SOIR ó.

**PYLON** Píolón.

**PYORRHEA** Brachshileadh.



# Q

**QUADRANGLE** Ceathairuilleog.

**QUADRANT** Ceathramhán. **Q. angle**, uillinn cheathramháin. **Q. elevation**, ardas ceathramháin.

**QUADRILATERAL** Ceathairshleasán.

**QUAGMIRE** Easca.

**QUALIFICATION** Conníoll, cáilíocht, dintiúir. **Military/ professional/ specialist q's**, cáilíochtaí míleata/ gairmiúla/ saineolaí. **The platoon commander is responsible, without q. for the training of the platoon**, is é an ceannasaí buíne agus eisean amháin atá freagrach i dtraenáil na buíne. **Q. practices**, cleachtais cháilíochta. **Q's of military value**, cáilíochtaí a bhfuil fiúntas míleata iontu. **To accept a thing without q.**, glacadh le rud gan choinníoll. **Q's for an appointment**, cáilíochtaí do cheapachán.

**QUALIFIED Q. Officer**, oifigeach cáilithe.

**QUALIFY** *vb.* Cáilím. **To q. for advancement to private three star**, cáiliú chun bheith ina shaighdiúir singil trí réalta. **To q. For promotion/ for the award of a medal**, cáiliú le haghaidh ardú céime/ chun bonn a fháil.

**QUALIFYING Q. Examination**, scrúdú cáilitheach. **Q. tests**, tástálacha cáilitheacha.

**QUALITIES** Tréithe.

**QUANDRY** In a q., idir dhá chomhairle.

**QUANTITY Q. of electricity**, cainníocht leictreachais.

**QUARANTINE** **To q. an officer**, oifigeach a chur ar coraintín. **To be in q.**, bheith ar c.

**QUARRELSOME** Achrannach, imreasach, clamprach.

**QUARRY** Cairéal.

**QUARTE** **The hand is in q.** (*M.S.*), tá an lámh ar ceathrú.

**QUARTER Q. -column/ deck/ guard**, Ceathrúcholún/ léibheann/ gharda.

**Married q's**, ceathrúna do lucht pósta.

**Public q's**, c. poiblí. **To give q. (to)**, anacal a dhéanamh (an). **To q. soldiers**, saighdiúirí a chur ar ceathrú. **To surprise a section at close q's**, teacht gan fhios i gcóngar ar ghasra. **To come to close q's, with an enemy**, dul i dtreis le namhaid.

**QUARTERED Troops q. within a Brigade**, trúpaí ar ceathrú i mBriogáid.

**QUARTERING** Ceathrúnaíocht.

**Q. dispositions** (*M.B.R.*), cóirithe ceathrúnaíochta.

**QUARTERMASTER** Ceathrúnach.

**Assistant q.**, c. cúnta. **Q. General**, An tArdcheathrúnach. **Deputy Q.-G.**, An Leas-Ardcheathrúnach. **Quartermaster sergeant**, ceathrúsháirsint.

**QUARTZ** Grianchloch. **Q. fibre**, snáithín grianchloiche

**QUASH** **To q. the finding of a Court-martial**, cinneadh Armchúirte a chur ar neamhní.

**QUAY** Cé, *pl.* céanna.

**QUELL** **To q. a riot**, círéib a chur faoi chois.

**QUENCH** Múch.

**QUERULOUS** Éagointeach, clamhsánach.

**QUERY** Ceistím.

**QUESTION** **To obey an order without q.**, ordú a chomhlíonadh gan cheist. **Q. mark**, comhartha ceiste.

**QUESTIONNAIRE** Ceistiúchán.

**QUEUE** Scuaine.

**QUICK** Mear, tapaidh. **In q. time**, ar mearchéim. **Q. to absorb instruction**, go tapaidh chun teagasc a thabhairt leis.

**QUICKENING Q. exercise**, freachnamh luathaithe.

**QUICKLY** Go sciobtha, go tapaidh.

## Quickmatch

**QUICKMATCH** Mearlasán (*G.T.*).

**QUICKSAND** Gaineamh súraic.

**QUICK-TEMPERED** Taghdach.

**QUICK-WITTED** Beo-intinneach.

**QUIET** Ciúin.

**QUIT** **To q. a post/ the ranks**, post/ na ranganna a fhágáil. **To q. his arms**, a airm a ligean uaidh.

**QUORUM** Córam, líon gnó. **Q. of meeting**, l. g. do chruinniú. **The q. for a meeting shall be four members**, ceathrar comhalta is l. g. do chruinniú.

## Quote

**QUOTATION** **To obtain a q. for the supply of an article**, luacháil a fháil ar earra a sholáthar.

**QUOTE** Sliocht, *vb.* luaim.

# R

- 'R' group** Grúpa taiscéalaíochta.
- RACE** Rás. **Relay r.**, R. seaíochta.
- RACIAL** Ciníoch.
- RACIALISM** Ciníochas.
- RACK** Raca, ealchuing. **Bomb/traversing r.**, r. buamáí/ trasnála.
- RADAR** Radar. **Search r.**, radar-chuardaigh. **Tactical control r.**, radar rialaithe oirbheartaíochta. **R. cover**, clúdach radair. **Fire control r.**, radar rialaithe lámhaigh. **R. equipment**, trealamh radair.
- RADIAC** Raidiac.
- RADIAL** Raidiúil. **R. pressure**, brú radiúil. **R. graduations** (*protractor*) gathanna raidiúla. **R. line** líne raidiúil.
- RADIAN** Gathán.
- RADIATE** *vb.* Gathaím, radaím.
- RADIATION** Radaíocht. **Back r.**, radaíocht chúlrach. **Electro-magnetic r.**, r. leictreamhaighnéadach. **Immediate r.** r. thobann. **Nuclear r.**, r. eithneach. **Point source r.**, r. foinsephointe. **Residual r.**, r. iarmharach. **Spontaneously emitting r.**, r. a chur amach uaidh féin. **Thermal r.**, r. teasa. **Degree of r.**, céim radaíochta. **Recording the r.**, an r. a thaifeadh.
- RADIATOR** Gathadóir, radaitheoir.
- RADIO** Raidió, craolachán. **R. -active**, radaighníomhach. **Highly radio-active**, an-radaighníomhach. **R. -communication**, raideachumarsáid. **R. detection**, raideabhrath. **R. direction finder**, treo-aimsitheoir raidió. **R. equipment**, trealamh raidió. **R. frequency**, raidimhinicíocht. **R. location**, raidiaimsiú. **R. mechanic**, raidimheicneoir. **R. navigation**, raidealoingseoireacht. **R. net**, raidilíonra. **R. rangefinding**, raonaímsiú raidió. **R. reception**, raideaghlacadóireacht. **R. set**, gléas raidió. **R. signal**, raideachomhartha. **R. silence**, tost raidió. **R. telegraphy**, raiditheileagrafaíocht. **R. telephone**, raiditheileafón. **R. telephony**, raiditheileafónacht. **R. transmitter**, raidithiomarnóir. **R. watch by telephone**, airdeall raidió ag raiditheileafón.
- RADIOACTIVITY** Radaighníomhaíocht. **Induced r.**, r. ionduchtaithe. **Residual r.**, r. fuílligh.
- RADIOGRAPHER** Radagrafaí.
- RADIOLOGICAL** Raideolaíoch. **R. warfare**, cogaíocht r.
- RADIOLOGIST** Raideolaí.
- RADIUM** Raidiam, g. raidiam.
- RADIUS** Ga. **A circle of 10 meters r.**, ciorcal de gha deich méadar. **R. of action** (*vehicle*)/ **burst** (*N.W.*), raon comhraic/ maidhme.
- RAFT** Rafta.
- RAFTING** (*engrs.*) raftaeireacht.
- RAID** Ruathar. **Air-r. -warning**, rabhadh aer-ruathair. **Bombing r.**, ruathar buamála. **A r. on a post**, r. a dhéanamh ar phost. **Saturation r's**, ruathair sháithithe.
- RAIDING** A r. force, fórsa ruathair.
- RAIL** Ráille. **Movement by r.**, gluaiseacht d'iarnród. **R. transport**, iompar d'iarnród.
- RAILHEAD** Reception r., rálcheann glacadóireachta. **R. Officer/ ordnance officer/ supply officer**, oifigeach/ oifigeach ordanáis/ oifigeach soláthair rálchinn.
- RAILROAD** Iarnród.
- RAILWAY** **Double track r.**, iarnród dhá rian. **R. centre/ siding/ sleepers**, airmheán/ taobhlach/ rasnáin iarnróid. **R. junction**, aomhal iarnróid. **R. signals**, comharthaí i.
- RAINBOW** Bogha báistí, tuar ceatha. **R. trout**, breac dea-dhathach.

## Raised

**RAISED To be in the 'R'. position (flag)**, (Brat) a bheith in airde. **Raising the temperature**, an teocht a ardú.

**RALLY To r. troops**, trúpaí a athchruinniú. **To r. on the leader**, athchruinniú i leith an chinnire. **Forward/ rear r.**, tulationd/ cúlionad athchruinnithe. **The r. blast**, an fhead athchruinnithe.

**RALLYING R. line**, líne athchruinnithe. **R. point**, pointe a.

**RAMMER** Seimide.

**RAMP** Rianán (rifle), fánán, ardán (*for vehicles*).

**RAMPART** Rampar.

**RANDOM At. r.**, gan aird, faoi thuairim. **R. shot**, buille/ urchar faoi thuairim. **R. orientation**, treoshuíomh gan aird.

**RANDOMLY R. arranged**, in ord gan aird.

**RANGE At long/ short/ 200 metres r.**, ar raon fada/ gairid/ dhá chéad méadar. **A r. of standard width**, r. de leithead caighdeánach. **Battle practice (bombing) r.**, r. cathchleachtadh (buamála). **R. -card**, raonchárta. **Classification r.**, raon aicmíochta. **Close r.**, neasraon. **R. course/ discipline/ drum**, raonchúrsa/ raonaraíonacht/ raondruma. **R. duties**, raondualgais. **Effective r.**, raon éifeachtach. **R. facilities**, raonsaoráidí. **Field firing r.**, r. lámhaigh mhachaire. **Front r. scale window**, fuinneog scála tulraoin. **R. gear**, raonghléas. **R. g. bracket/ indicator**, brac/ taispeántóir raonghléis. **Key-r.**, eochair-raon. **At a known r.**, ar raon ar eolas. **At intermediate r.**, ar r. idirmheánach. **Live-bombing r.**, r. beobhuamála. **Mean observed r.**, meánraon breathnaithe. **Miniature r.**, mionraon. **M. battle-shooting r.**, mionraon cathlámhaigh. **R. of view**, raon radhairc. **Open r.**, r. oscailte. **Out of r. of the**

## Rank

**guns**, as r. na ngunnaí. **Point blank r.**, r. faoi bhéal. **Revolver r.**, r. gunnáin. **Standard r. r.**, r.'g. caighdeánach. **R. scale**, raonscála. **R. bracket/ reader/ slider**, brac/ léitheoir/ sleamhnán r. **R. s. bracket locking pin**, biorán glasála brac r., **R. switch**, raonlasc. **R. standing orders**, buanorduithe raoin. **R. table**, raon-tábla. **R. -taker**, raontoisire. **R. -taking**, raontoisireacht. **The r. in metres**, an raon i méadair. **Within small arms r. of the enemy**, i r. mionarm don namhaid. **R. work**, raonobair. **Maximum/ minimum r.**, raon uasta/ íosta. **Short-ranged**, gearraonach. **Slant r.**, claonraon. **Depression r. finder**, raonaimsí coisithe. **Coincidence r. f.**, raonaimsí comhtheagmhasachta. **Infantry r. finder**, raonaimsí coisithe.

**RANGER** Fiannóglach. **R. course**, cúrsa fiannóglai. **R. training**, traenáil fh. **Army R. Wing**, Sciathán Fiannóglai an Airm

**RANGING** Raonáil. **Air burst r.**, r. aermhaidhme. **R. practice**, cleachtas raonála. **R. point targets**, ponchargaidí raonála.

**RANK Acting r.**, céim ghníomhach. **All r's**, céimnigh uile. **Centre r.**, lár-rang. **Commissioned r.**, céim choimisiúnta. **Temporary c. r.**, c. c. shealadach. **Officers of equal r.**, oifigigh chomchéime. **Equivalent r.**, céim chomhionann. **Front/rear r.**, tulrang/ cúlrang. **Non-commissioned r.**, céim neamhchoimisiúnta. **Temporary n. r.**, c. n. shealadach. **Other r's**, céimnigh eile. **Retiring r.**, céim scoir. **Notional r. r.**, c. s. thiomhdean. **A r. personal to the present holder**, céim atá ag an sealbhóir láithreach go pearsanta. **Single r.**, rang singil. **Substantive r.**, céim shubstainteach. **The naval r. of warrant officer**, an chéim

chabhlaigh, oifigeach barántais. **The r. of commandant/ sergeant**, céim cheannfoirt/ sháirsint. **To retire an officer with the r. of commandant**, oifigeach a scor ina cheannfort.

**RANSACK** Ransáim.

**RANSOM** Airgead fuascailte. cuirim (dunine) ar fuascailt.

**RAPE** Banéigean, éigniú.

**RAPID R. fire**, Mearlámhach. **R. practice**, mearchleachtas. **R. reaction force**, fórsa frithghnímh mhear. **R. response team**, foireann mearfhreagartha.

**RATCHET** Raicín.

**RATE** Ráta. **Annual/ daily/ personal r. of pay**, r. pá bliantúil/ laethúil/ pearsanta. **An allowance at the authorised nightly r.**, liúntas ar an r. oíche atá údaraithe. **At the married r.**, ar an r. pósta. **R. of burning (G.T.) R. dóite**. **Rapid/ slow r.**, mear/ mallráta. **The regulation r. of marching**, an ráta máirseála atá forordaithe. **Weekly r. of allotment (marriage) / allowances**, r. seachtainiúil leithroinnte/ liúntas. **Consumption r.**, r. idithe. **R. of charging/ decay**, r. luchtaithe/meatha. **R. of advance fire**, r. ascnaimh/ lámhaigh. **Intense rate of fire**, dianráta lámhaigh.

**RATIFY** Daingnim.

**RATING** **General r.** aicmiú ginearálta. **Average r.** (report), meánach. **Naval r.** aicmeach cabhlaigh. **Security r. of agencies**, grádú díonachta na ngníomhaireachtaí.

**RATIO** Cóimheas. **Compression/ transformation ratio**, c. an chomhfháisce/ an chlaochlaithe. **Signal ratio**, cóimheas comhartha. **Frequency response r's**, cóimheasa freagra minicíochta. **Intermediate frequency r's**, cóimheasa freagra minicíochta idirmheánaigh.

**RATION** *vb.* Ciondálaim, *vl. and n.* ciondáil, *pl.* ciondálacha. **Emergency/ field r's**, ciondálacha éigeandála/ machaire. **R's in kind**, ciondálacha. **To be on r's**, bheith ar ciondálacha. **R. allowance**, liúntas ciondála. **Consolidated r. allowance**, liúntas comhdhlúite ciondála. **Fresh r's**, ciondálacha úra. **Composite r's**, c. cumaisc. **Tinned r's**, c. stánaithe. **R. strength**, líon ciondála.

**RATIONAL** Réasúnach.

**RATIONALE** Réasúnaíocht.

**RATTLE R. of equipment**, gliogram trealaimh.

**RAVINE** Ailt.

**RAW** Amh.

**RAWHIDE R. mallet**, mailléad seithe.

**RAY** Ga, *pl.* gathanna. **Clock r.**, cloggha. **Horizontal/ vertical clock r. method**, modh gathanna an chloig chothrománaigh/ ingearaigh. **Setting r.**, ga socraithe. **Cathode r's**, gathanna catóide. **Cosmic r's**, g. cosmacha. **Gamma r's**, g. gamma. **Infra-red r's**, g. fodhearga. **Ultra-violet r's**, g. ultravíolait. **X-r's**, x-ghathanna nó x-ghathuithe.

**REACH** **To r. the age limit prescribed for his rank**, an aoisteorainn atá forordaithe dá chéim a shroicheadh.

**REACT** *vb. intr.* Frithghníomhaíonn (ar, in aghaidh), téann i bhfeidhm (ar), imoibríonn (ar). **To r. quickly**, frithghníomhú go tapaidh.

**REACTANCE** Freasaitheacht. **Capacitive r.**, f. luchtadain. **Inductive r.**, f. ionduchtach.

**REACTION** Frithghníomhú, freagairt. **Hydrogen fusion r.**, imoibriú comhtháite hidrigin. **The r. of troops to fire**, frithghníomhú trúpaí do lámhach. **Rapid r. force**, fórsa frithghnímh mhear.

**READ R. back**, Léigh ar ais.

**READABLE** Soléite.

## Reader

**READER** Léitheoir.  
**READINESS** **Position of r.**, suíomh ullmhaíochta.  
**STACKING** S. arms swivel, sclóin armchruachta.

**STAFF** Foireann. **Headquarters s.**, f. cheanncheathrún. **Defence Forces' Headquarters s.**, f. Cheanncheathrún Óglaigh na hÉireann. **Plans and operations s.**, f. phleananna agus oibríochtaí. **Provost-Marshall's s.**, f. an Phrofastmharascail. **S. officer**, oifigeach foirne. **S. officer to officer i/c competitions**, oifigeach foirne an t-oifigigh i bhfeighil na gComórta. **S. and stores officer**, oifigeach foirne agus stóras. **S. umpires/ writer**, moltóirí/scríbhneoir foirne. **Camp s.**, f. champa. **Brigade s.**, f. bhriogáide. **General S.**, Ardfoireann. **General S. officer**, oifigeach Ardfoirne. **Personal s. officer to the Chief of Staff**, oifigeach foirne an Cheann Foirne.

## Stage

**Directing s.**, f. stiúrtha. **S. duties**, dualgais foirne. **S. tables**, táblaí foirne. **S. section**, rannóg foirne.

**STAGE S's of demobilisation**, réimeanna díshlógaidh. **System of progressive s's**, córas réimeanna.

**STAGGER 'Staggered' guns**, gunnaí fiarlánaithe.

**STAGING S. areas**, ionaid chinnréime.

**STALE** Stálaithe.

**STALK Individual s.**, stalc aonair. **Section s.**, s. gasra. **To s. a tank**, tanc a stalcadh.

**STALKING** Stalcaireacht.

**STALLION** Stail.

**STAMINA** Teacht aniar.

**STAMMER** Stad (sa chaint), stadaireacht.

**STAMPEDE** Táinrith. **They s'd**, d'imíodar ina dtáinrith.

**STAMPING** Pasáil (*L.M.G.*).

**STANCE** Seasamh.

**STAND S. down**, lánscor. **To s. down** (*position, routine*), scor de bheith ar fuireachas. **To s. to** (*do.*), dul ar fuireachas. **'S. -to' car**, carr fuireachais. **The s. in leather frog**, an seastán sa bhradán leathair. **The 's. at ease' from the 'order'** (*M.S.*), gabháil ó chlainmhte 'ar suí' go 'seasamh as áis.' **To s. easy**, (bheith) ar socracht. **To s. fast**, fanacht socair. **To order troops to s. by**, ordú do thrupaí bheith ar fuireachas. **S. one**, seas a haon. **The class will be oriented at s. 1**, déanfar an rang a threoshuíomh ag seas a haon. **Such member shall s. dismissed from the Defence Forces**, beidh an comhalta sin arna dhífhostú as Óglaigh na hÉireann.

**STANDARD** Caighdeán, caighdeánach; meirge. **A high average s. rather than the training of a few experts** (*musk.*), meanchaighdeán ard in ionad traenáil beagán saineolaithe. **Below Army physical s's**, faoi bhun caighdeáin coirp Airm. **The educational s. for recruits**,

## Statement

an caighdeán oideachais d'earcaigh. **S. of efficiency/ height/ grouping/ scoring**, Caighdeán éifeachtúlachta/ airde/ grúpála/ scórála. **The Presidential S's**, Meirgí an Uachtaráin. **Qualifying s.**, caighdeán cáilitheach. **To bring a tool kit up to s.**, feisteán uirlisí a chur de réir an chaighdeáin. **To group to s.**, grúpáil de réir an chaighdeáin. **S. method/ weapon** (*NW*), modh/ armán caighdeánach. **To reach a 8mm s.**, c. grúpa 8mm a ghnóthú.

**STANDARD-BEARER** Meirgire.

**STANDARDISATION S. of tradesmen's kits**, caighdeánú feisteán ceardaithe.

**STANDING Person of s.**, duine creidiúnach. **S. corn**, arbhar ar chois. **S. orders**, buanorduithe. **S. position**, suíomh seasaimh. **S. screens (smoke)**, brait (deataigh) sheasta. **Vehicle s's**, locanna feithiclí.

**STAR Twelve-rayed s.**, réalta dhá rinn déag. **Private two s.**, saighdiúir singil dhá réalta. **S. grading**, réaltaghrádú.

**STARBOARD** Deasbhord.

**STARCH** Stáirse.

**STARVED** Stiúgtha.

**START** Tosú. **To s. an engine**, inneall a dhúiseacht. **S. line**, líne thosaithe. **'S. exposure'**, 'tosaigh an nochtadh'

**STARTER** Dúisire (*innill*).

**STARTING S. motor**, mótar dúisithe. **S. time**, am tosaithe.

**STATE S. of emergency /war**, staid éigeandála/ chogaidh. **To put a place in a s. of defence**, áit a chur i dtreo cosanta. *s's.*, (*parades etc.*), staidheanna. **S. of communications board**, clár staidhe cumarsáide. **Electrically balanced s.**, s. chothrom leictreachais. **Lying in s.**, luí faoi ghradam.

**STATEMENT A s. calculated to bring the Forces into disrepute**, ráiteas a rachadh chun na Fórsaí a thabhairt

faoi mhícháil. **S. of evidence/ fact**, r. fianaise/ fíorais. **False s.**, r. bréagach.

**The s. of particulars** (*charge*), r. sonraí.

**STATES S. code**, staidchód.

**STATIC** Statach. **S. units**, aonaid statacha. **S. warfare**, cogáíocht statach.

**STATION Advanced dressing s.**, tulstáisiún íocleasaithe. **S. attendant**, freastalaí stáisiúin. **Casualty clearing s.**, stáisiún imréitigh taismeach. **Cleansing s.**, s. glanta. **Collecting s.**, s. bailithe. **Main delivery s.**, s. príomhsheachadaidh. **Saluting s.**, s. cúirtéise. **Two-way s.**, s. dhá threo, s. dóthreoch. **To s. a unit**, aonad a chur ar stáisiún. **Port war signal s.**, s. comharthaíochta cogaidh poirt. **Receiving s.**, s. glacadóireachta. **Motor service s.**, s. fritheálaimh gluaisteán.

**STATIONARY S. running** (*car*), inneallrith cónaitheach.

**STATIONERY** Stáiseanóireacht. **S. Section**, Rannóg an pháipéarachais.

**STATISTICS** Staidreamh.

**STATUTE S. law**, dlí reachtúil. **S. mile**, míle reachtúil.

**STATUTORY S. declaration**, dearbhú reachtúil.

**STAVE** Bráicín.

**STAY** Stoth. **Transverse metal s's**, trasstothanna miotail. **A s. in hospital for six consecutive hours**, fanacht in ospidéal ar feadh sé uaire a chloig as a cheile.

**STEADY To fly a s. course**, réchúrsa eitilte a ghabháil.

**STEALTH** Fáilíocht.

**STEAM S. blast**, séideán gaile.

**STEEL** Cruach. **S. bomb**, buama cruach.

**STEEP S. angle of descent**, uillinn tuirlingthe ghéar. **S. sloping ground**, talamh chlaonard.

**STEEPER The angle of descent becomes s.**, téann an uillinn tuirlingthe i ngéire.

**STEEPLE** Stuaic.

**STEEPNESS** Géire.

**STEM** Lorga, gas. **S. of connecting rod**, l. de shlat cheangail. ‘**Mach s.**’ ‘machghas.’

**STEMMED S. T.N.T.**, T.N.T. díloirgnithe.

**STENCIL** Stionsal. **To s. orders**, s. a dhéanamh d’orduithe.

**STENCILLED S. copies**, cóipeanna stionsail.

**STEP Fire s.** (*trench*), céim lámhaigh. **The balance s.**, an choiscéim chothromaíochta. **The side s.**, an ch. i leataobh. **To s. out/ short**, an ch. a fhadú/ a ghiorrú. **To keep the s.**, coimeád ar comhchoiscéim. **S. down/ up transformer**, claochladán íslithe/ ardaithé. **To take active s's**, bheith gníomhach i mbun.

**STEPPING S. backwards/ forward**, coiscéimniú ar gcúl/ ar aghaidh.

**STEREOSCOPE** Steireascóp.

**STERILISE To s. an instrument**, airnéis a steiriliú.

**STERILISED S. water**, uisce steirilithe.

**STETHOSCOPE** Steiteascóp.

**STIMULANT Alcoholic s.**, spreagái alcólach.

**STIMULATE Competition s's keenness and team spirit** (*training*), gríosaíonn comórtas díbhirce agus comharsprid. **To s. morale**, meanma a spreagadh.

**STIPPLE** Mionbhreacadh (*M.R.*),

**STIRRUP** Stíoróip.

**STOCK** Stoc, *pl.* stoic. **S. book**, stocleabhar. **S. fore-end**, urstoc. **S. fore-end spring and stud**, tuaim agus stoda urstoc. **S. on hands**, stoc ar láimh. **S. pin**, stocbhiorán. **S. p. for butt swivel**, s. do bhos sclóine. **Right/ left side of s.**, leathstoc deas/ clé. **S. screw**, scriú stoic. **S. s. nut**, cnó s. s. **Store s.**, stoc stórais. **S'taking**, stocáireamh. **S'taking board/ procedure/ schedule**, bord/nós imeachta/ sceideal stocáireamh.



## Stock

**STOCK** Gearrthóir scriúna (*engrs.*).  
**STOCKADE** Sonnach.  
**STOCKING** **S. -up of rifle**, stocnú muscaeid.  
**STOCK-PILING** Stoc-charnadh.  
**STOKER** Tineadóir. **Leading s.**, t. ceannais.  
**STOMACH** Bolg, goile.  
**STOOK** **S's of corn**, stucaí arbhair.  
**STOP** Bac (*mech.*). **Cartridge and bullet s's**, baic chartúis agus philéar. **Elevating s.**, bac ardaithe. **E. s. screw** scriú baic a. **To s. firing**, stad de lámhach. **To s. up a road**, bóthar a dhúnadh. **Recoil s. band**, banda bachtha athchasta. **S'watch**, staduaireadóir.  
**STOPPAGE 1st (etc.) position s.**, stop sa chéad (etc.) shuíomh. **S. from pay**, asbhaint as pá. **S. of shore leave**, saoire chladaigh a chosc. **To set up s's**, stopanna a bhunú. **Extractor s.**, stop ón tarraingeoir. **S's target**, targaid stopanna.  
**STOPPER** Stoipéad, stopallán.  
**STORAGE** **S. cell**, cadhain taisce, taisce-chadhain. **S. tank**, dabhach taisce.  
**STORE** **S. accounts**, cuntais stóras. **S's organisation**, eagraíocht stóras. **Article of s.**, earra stórais. **Base s's**, stórais bhunáite. **S's administration**, riarachán stóras. **Clothing s's**, stórais éadaigh. **Explosive s's**, s. phléascán. **S. groups**, grúapaí stórais. **Linen s's**, stórais linéadaigh. **Packing s.**, stóras pacála. **Ration and meat s's**, stórais chiondála agus feola. **Returned s's**, s. ar ais. **Technical s's**, s. theicniúla. **Torpedo/ warlike/ unit s's**, s. toirpéad/chogaidh/ aonaid. **S's under survey**, s. faoi shuirbhéireacht.  
**STOREKEEPING** Stóráilacht.  
**STORELEDGER** Príomhleabhar stóris.  
**STOREMAN** Stórálaí. **Technical s.**, s. teicniúil. **N.C.O. s.**, oifigeach neamhchoimisiúnta stórála.

## Straw

**STOREY** **One s. house**, teach aon urlár. **Multi-s.**, ilurlárach.  
**STORM** Stoirm, anfa. **To s. a position**, suíomh a éigniú.  
**STRAFE** *vb.* Gleáram, *vl.* gleáradh.  
**STRAGGLER** Straigléir, stráillí. **S. line**, líne na stráillithe.  
**STRAGGLING** Stráillíocht (*march*).  
**STRAIGHT** Díreach. **A known s. -shooting weapon**, armán is eol a lámhachann díreach.  
**STRAIN** Teannadh (*téide*), straidhn, scagadh (*bainne*), síleadh (*glasraí*), stró/ anró (*intinne*). **S. screw**, teannscriú. **Mental s.**, anró intinne. **Under s.**, faoi stró.  
**STRAINED** Teannta, scagtha, silte, faoi straidhn. **S. riveting**, seamú teannta.  
**STRAIT** Muincheann (*M.R.*), caolas.  
**STRAND** **S. of wire**, dual sreinge. **To s. a ship**, long a ligean ar thalamh.  
**STRANDED** **S. mine**, mianach ar thrá.  
**STRANGLER** **S. limb**, géag thachtaithe.  
**STRAP** **S. brackets**, irisbhraic. **Carrying s.**, iris iompair. **Chin s.**, smigiris. **S. -loop** (*sword*), lúb irise. **Main s.**, príomhiris. **S. model 'A'**, iris de mhúnla 'A'.  
**STRATEGIC** **S. air warfare**, aerchogaíocht straitéiseach. **S. dispositions**, cóirithe straitéiseacha. **S. purposes**, cuspóirí straitéiseacha. **S. positions**, suímh s. **S. Planning Office**, An Oifig Pleanála Straitéisí.  
**STRATEGICAL** **S. reconnaissance**, taiscéalaíocht straitéiseach.  
**STRATEGIST** Straitéisí.  
**STRATEGY** Straitéis. **Air s.**, aerstraitéis. **Global s.**, s. dhomhanda. **Grand s.**, ardstraitéis. **Ground s.**, s. talún. **Strategy statement**, ráiteas straitéise.  
**STRATIFIED** **S. rock**, Carraig shrathaithe.  
**STRATUM** Sraith.  
**STRAW** Tuí. **S. chips**, caisníní prátaí.

**STRAWBERRY** Sú talún. **S's and cream**, sútha talún agus uachtar. **S's glazed**, s. t. gléasta.

**STREAM** Sruth. **S. of high speed electrons**, s. de leictreoin mhórluais.

**STREAMLINE** **S. shell**, sliogán faoileanda.

**STREAMLINED** Sruthlíneach, faoileanda.

**STRENGTH** Neart, líon. **S. decrease/increase**, laghdú/ méadú lín. **Attached/ combat/ detached / effective/ ration/ war s.**, líon ar ceangal/ comhraic/ ar dícheangal/ éifeachtach ciondálacogaidh. **A battalion at full s.**, cathlán ar lánlíon. **A b. under s.**, c. faoi bhun lín. **Relative combat s.**, líon comhraic an dá thaobh. **Moral s.**, neart morálta. **Material s.**, n. ábharta.

**STRENGTHENING** **S. exercises**, freachnaimh neartaithe.

**STRENUOUS** Duaisiúil.

**STRESS** In the s. of battle, in anfa an chatha. **To s. a point**, a. a chur ar phointe.

**STRETCH** Síneadh, réimse. **S. of country**, réimse tíre. **The line of battle s's from point X to Y**, síneann an líne chatha ó phointe X go dtí pointe Y. **S'd tightly**, sínte go teann.

**STRETCHER** Sínteán. **S. bearer**, sínteánaí. **S. bearing**, iompar sínteán. **Service s.**, sínteán seirbhíse.

**STRICT** *adj* Cruinn, beacht, géar. **S. discipline**, araíonacht ghéar. **S. observance**, cruinnchomhlíonadh.

**STRIKE** Buille. **To s. an article of stores off store ledger charge**, earra stórais a bhaint de mhúinear príomhleabhair stóras. **To s. men off rations**, fir a bhaint den líon ciondála. **To s. personnel off detached strength**, pearsanna a bhaint de líon ar ceangal. **Air s.** aerbhuille. **Air to ground s. (s)**, aerbhuille(i) ar thargaidí talún. **S. of**

**shot**, uacharbhuiladh. **To s. a tent**, teallta a scor.

**STRIKER** Buailteán. **The s. body/ cavity/ chamber/ collar**, cabhail/ loigin/ seomra/ coiléar an bhuailteáin. **S. collar with stud**, coiléar b. le stoda. **S. cover/ face/ lever/ nipples/ pellet / pin**, clúdach/ éadan/ luamhán/ siní/ millín/ biorán an bh. **S. point**, gob b. **S. p. cleaning disc**, diosca glanta gob b. **S. p. cleaning disc removing key**, eochair chun diosca glanta gob b. a scor. **S. protrusion gauge/ retaining pin**, tomhas forsháite/ biorán coinneithe b. **The s. sleeve/ spring/ stud**, muinchille/ tuaim/ stoda an bh. **S. and spring**, buailteán agus tuaim..

**STRIKING** **S. force**, fórsa buailte.

**STRIP** Stiall, (*mech.*) *vb.* díchoimeálaim. **S. projector**, stiallteilgeoir. **Additional s. (s)**, stiall (acha) breise. **Film s.**, stiall scannán.

**STRIPE** Wound s., slog chréachta.

**STRIPPING** Díchoimeáil (*mech.*). **Additional s.**, d. bhreise. **S. to the waist**, ag nochtadh go coim.

**STROKE** Buille. **Compression s.**, b. comhfháiscthe.

**STRONG** Láidir, tréan, daingean. **Strongly compressed**, comhbhrúite go daingean.

**STRUCTURAL** **S. alterations**, athruithe déanmhais. **S. damage**, damáiste tógála.

**STRUCTURE** Comhdhéanamh, déanmhas. **Crystal s.**, criostal-déanamh.

**STRUCTURES** Tógálacha (*foirgnimh*), struchúir.

**STRUT** Teanntóg. **S. pin**, biorán teanntóige. **S. spring**, tuaim theanntóige.

**STUBBLE** Coinleach.

**STUBBORN** Ceannláidir.

**STUCK** Greamaithe, i sáinn. **S. seams**, uamanna greamaithe.

## Stud

**STUD** Stoda. **Positioning s., s.** ionadaithe.

**STUDY** Staidéar. **To s. ground/ the group obtained by a man,** talamh/ an grúpa a ghnóthaíonn fear a bhreithniú. **S. of military history,** s. ar stair mhíleata. **Exhaustive s.,** domhainstaidéar.

**STUFFING** Dingeadh, stuáil, líonadh, búiste.

**STUN** S. **grenade,** stiúdghránaid.

**STUPID** Dobhránta.

**STUTTER** Stadaireacht, stad (sa chaint).

**STYLE** Stíl.

**SUAVE** Séimh, plásánta.

**SUB-** S. **-base,** fobhonn. S. **-calibre,** fochailibre. S. **-column,** focholún. S. **-critical,** fochriticiúil. S. **-depot,** fo-iosta. S. **division,** foranna. S. **-group,** foghrúpa. S. **-head,** fomhírcheann. S. **-letters,** folitreacha. S. **library,** foleabharlann. **Brigade sub-base,** f. bhriogáide. **Military College S.,** f. an Choláiste Mhíleata. S. **-lieutenant,** foleifteanant. S. **-multiples,** fomhéadaithe. S. **-machine gun,** fo-inneallghunna. S. **-numbers,** fo-uimhreacha. S. **paragraph,** fomhír. S. **section,** forannóg (*dept.*), fo-alt (*legal*), foghasra (*unit*). S. **-section commander/ leader,** ceannasaí/ cinnire foghasra. S. **-surface burst,** pléasc faoi dhromchla. S. **s. nuclear explosions,** pléascanna eithneacha faoi dhromchla. S. **-unit,** fo-aonad.

**SUBCLAVIAN** S. **artery,** airtéire faoin dealrachán.

**SUBDIVISION** Foroinn. **Co-ordination and s.,** comhordnú agus foroinnt.

**SUBJECT** A person **s. to military law,** duine faoi dhlí míleata. **S. to the condition laid down in subparagraph (27),** faoi réir an choinníll atá leagtha síos i bhfomhír (27). **Obligatory/ optional s's,** ábhair léinn éigeanta/

## Substantive

roghnacha. **To s. an assembly point to a large volume of fire,** mórthoirt lámhaigh a chuimsiú ar phointe tionóil.

**SUBJECTED** Curtha faoi. **S. to discipline, influence, penalty, etc.,** curtha faoi smacht, thionchar, phionós, etc.

**SUBMARINE** Fomhuirí, fomhuireán. S. **cable,** cábla fomhuirí. S. **contours,** comhchúair mhara.

**SUBMERGE** The submarine **s'd,** chuaigh an fomhuireán faoi uisce.

**SUBMISSION** S. **as to case for prosecution,** aighneacht maidir le cás inchúisimh.

**SUBMIT** **To s. accounts for audit,** cúntais a chur isteach chun a n-íniúchta. **To s. the recommendations of a Medical Board to the Deputy Chief of Staff (Support),** moltaí Bord Liachta a chur faoi bhráid an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht). **To s. to discipline,** géilleadh d'araíonacht.

**SUBORDINATE** Íochtarán. S. **cavalry units/ commander/ officer,** fo-aonaid mharcra/ focheannasaí / fo-oifigeach. S. **element,** fofheadhain.

**SUBSCRIBE** **To s. a declaration/ oath,** dearbhú/mionn a shiniú. **Not to s. to an organisation,** gan taobhú le heagraíocht.

**SUBSCRIPTION** General Fund **s.,** sintiúis Ciste Ghinearálta.

**SUBSEQUENT** S. **amendment,** leasú iardain. S. **precis,** coimre a leanas.

**SUBSIDIARY** S. **points of the compass,** fo-airde an chompáis.

**SUBSIDY** Fóirdheontas.

**SUBSISTENCE** Cothú. S. **allowance,** liúntas cothaithe.

**SUBSTANCES** Substaintí.

**SUBSTANTIVE** Substainteach, fíor, ábhartha. S. **non-commissioned grade of naval rating,** grád neamhchoimisiúnta substainteach

## Substitution

d'aicmeach cabhlaigh. **S. non-commissioned rank**, céim neamhchoimisiúnta shubstainteach.

**SUBSTITUTION** Ionadaíocht. **S. of solemn declaration for oath**, dearbhú sollúnta in ionad mionna.

**SUBTENDED** Gafa. **The angle s. by the sights**, an uillinn gafa ag na teoracha.

**SUBURB** Fobhaile, bruachbhaile.

**SUBVERT** **Conduct tending to s. discipline**, iompar a rachadh chun araíonacht a lot.

**SUBVERSIVE** Suaiteach, treascrach.

**SUBWAY** Fobhealach.

**SUCCESS** Bua, rath. **S. signal**, comhartha bua. **Local/ limited s.**, b. áitiúil/ teoranta.

**SUCCESSFUL** Buach, buaiteach, éiritheach. **S. action**, comhrac buach.

**SUCCESSION** **A s. of long blasts on whistle or horn**, feadanna fada as diaidh a chéile ar fheadóg nó ar adharc.

**SUCCESSIVE** I ndiaidh a chéile, as diaidh a chéile. **S. commanding officers**, oifigigh cheannais as diaidh a chéile. **Three s. attacks**, trí ionsaí i ndiaidh a chéile.

**SUCCESSOR** Comharba.

**SUCCOUR** Faoiseamh.

**SUCK** Sú, diúl.

**SUCKED** Súite.

**SUDDEN** Tobann, gan coinne.

**SUDDENLY** Go tobann.

**SUFFICIENTLY** Go leordhóthanach.

**SUGGEST** Molaim, comhairlim.

**SUICIDE** Féinmharú. **He committed s.**, chuir sé lámh ina bhás féin.

**SUIT** **Civilian s.**, culaith shibhialta.

**SUITABLE** Oiriúnach. **S. precautions**, réamhchúraimí oiriúnacha.

**SUITABILITY** Oiriúnacht.

**SULPHATE** **Copper s.**, sulfáit chopair.

**SULPHIDE** Suilfid.

**SULPHUR** Ruibh. Sulfar.

**SULPHURIC** **S. acid**, aigéad sulfarach.

## Superimposed

**SUM** Suim. **Lump s.**, cnapshuim. **To s. up**, coimriú a dhéanamh.

**SUMMARILY** **Punishments which may be awarded s. by a commanding officer**, pionóis is cead d'oifigeach ceannais a ghearradh go hachomair.

**SUMMARISE** Coimriú.

**SUMMARY** Coimir, achoimriú. **S. of account**, coimriú cuntais. **S. of evidence**, c. fianaise. **S. powers**, cumhachtaí achomaire. **S. disposal of charges**, déileáil le cúisimh go hachomair. **S. investigation**, imscrúdú achomair.

**SUMMING-UP** **S. by Judge Advocate**, coimriú ag an Abhcóide Breithiunais.

**SUMMIT** Mullach.

**SUMMON** **To s. a civilian witness**, finné sibhialta a thoghairm. **To s. officers for orders**, oifigigh a ghairm le haghaidh ordúithe.

**SUMMONS** Toghairm.

**SUMP** Súmaire. **Drainage s.**, s. taosctha.

**SUM-TOTAL** **The s. of the disablement**, comhshuim an mhíchumais.

**SUN** Grian. **Tropical s.**, g. teochreasach, grian trópaiceach.

**SUNDOWN** **From s. to reveille**, ó luí gréine go reveille. **At s.**, le luí gréine.

**SUNDRIES** Ilnithe.

**SUNDRY** **S. expenses**, caiteachais iolartha/ ilchineálacha.

**SUNRISE** Éirí gréine.

**SUNSTROKE** Goin ghréine.

**SUPER** **S. critical**, Forchriticiúil. **S. heavy**, ríthrom. **S. high frequency**, rí-ardmhiniúocht.

**SUPERFICIAL** **S. fouling**, scothshalú.

**SUPERFINE** **S. cloth**, eadach sármhín.

**SUPERFLUOUS** **S. articles**, earraí iomarcacha.

**SUPERHETERODYNE** **S. receiver**, glacadóir sárheitridín.

**SUPERIMPOSE** *vi.*, Forshuím.

**SUPERIMPOSED** Forshuite. **S. guns**, gunnaí forshuite.

## Superintendent

**SUPERINTENDENT** Maoirseoir (*scrúidí*).  
**SUPERINTENDING S. officer**, oifigeach maoirseachta.  
**SUPERIOR** Uachtarach, barr-, ard-, san-.  
**S. volume of fire**, barrthoirt lámhaigh.  
**S. officer**, oifigeach uachtarach.  
**SUPERIORITY** Barr. **To achieve and maintain s. of fire**, barr lámhaigh a bhreith agus a choimeád. **S. of 3 to 1 in infantry**, barr 3 in aghaidh 1 i gcoisithe. **Air s.**, aerbharr.  
**SUPERNUMERARY** *n. and adj.*  
Foruimhreach, iomarcach . **S. noncommissioned officers**, oifigigh neamhchoimisiúnta foruimhreacha.  
**SUPERSEDE** Cuir/ gabháil in ionad.  
**These Regulations s. Training Regulations No. 4**, gabhann na Rialacháin seo in ionad na Rialachán Traenála Uimh. 4.  
**SUPERSONIC** Forshonach. **S. frequency**, minicíocht fhorshonach.  
**SUPERSTRUCTURE** Barrthógáil, forstruchtúr.  
**SUPERVISE** Feitheoireacht a dhéanamh.  
**SUPERVISING S. officer**, oifigeach feitheoireachta.  
**SUPERVISION** Feitheoireacht.  
**Personal s.**, f. phearsanta.  
**SUPERVISOR** Feitheoir.  
**SUPPLEMENTARY** (rud) breise, sa bhreis, forlíontach, le cois. **S. claim/ payment**, éileamh/ íocaíocht forlíontach. **S. charges (mortar)**, lánáin bhreise. **S. intelligence report**, tuarascáil faisnéise breise.  
**SUPPLENESS** Aclaíocht.  
**SUPPLY** Soláthar. **S. arrangements**, socrúithe maidir le soláthairtí. **S. convoys**, conbhuanna soláthair. **S. depot/ dumps/ installations**, iosta/ taiscí/ feistis soláthair. **S. line**, líne sholáthair. **S. railhead/ refilling point**, rálcheann/ pointe athlíonta soláthair. **S.**

## Surgeon

**point**, pointe soláthair. **S. Section**, An Rannóg Soláthair. **Tactical air s's**, aersholáthairtí oirbheartaíochta. **AC mains s's**, soláthairtí príomhlíne SA. **Supply and Services Unit**. An tAonad Soláthair agus Seirbhísí.  
**SUPPORT** Taca (*mech.*), tacaíocht (*cabhair*). **Firing s. (mortar)**, taca lámhaigh. **Fire s.**, tacaíocht lámhaigh. **Logistics s. battalion**, cathlán tacaíochta lóistíochta. **S. guns/ localities/ weapons**, gunnaí/ ionaid/ armaín tacaíochta. **Mutual s.**, comharthacaíocht. **Outside s. (of battalion)**, tacaíocht ón taobh amuigh. **peace support operations**, oibríochtaí tacaíochta síochána. **Report in s. of application**, tuarascáil i dtacaíocht le hiarratas. **Units in s.**, aonaid tacaíochta. **In s.**, i dtacaíocht. **In direct s.**, i dtacaíocht dhíreach. **Air s.**, aerthacaíocht. **Impromptu s.**, t. ar an toirt. **Offensive/ immediate/ indirect/ preplanned air a.**, aerth. ionsaitheach/ láithreach/ indíreach/réamhphleanáilte.  
**SUPPORTING S. arms**, airm thacaíochta. **S. unit**, aonad tacaíochta. **Mutually s. strong points**, tréanphointí comharthacaíochta. **S. range**, raon tacaíochta. **S. props**, teannta taca.  
**SUPPOSE** Cuir i gcás.  
**SUPPRESS** To s. a document, cáipéis a cheilt.  
**SUPPRESSOR S. grid**, greille phlúchta.  
**SUPREMACY** Air s., forlámhas san aer.  
**SUPREME S. command of the forces**, ardcheannas na bhfórsaí.  
**SURFACE** **The earth's s.**, dromchla an domhain. **S. area**, fairsinge an dromchla. **S. of the bore**, d. an chró. **S. burst**, pléasc dhromchlach. **To s. (submarine)**, teacht i mbarr uisce. **Shallow s. layer**, sraith éadomhain dhromchla.  
**SURGE** Borradh. **Base s.**, bonnbhorradh.  
**SURGEON** Máinlia.

**SURGERY** Máinliacht, liachtlann (*room etc.*). **Dental surgery**, lialann fiaclóra. **Dental s.**, déadliacht. **Dental s. attendant**, freastalaí liachtlann fiaclóra.

**SURGICAL S. ward**, aireagal máinliachta. **S. wing**, sciathán m.

**SURLY** Gairgeach, modartha.

**SURMOUNT To s. all obstacles**, gach constaic a shárú.

**SURMOUNTED A medal s. by two bronze bars**, bonn agus dhá bharr umha os a chionn.

**SURNAME** Sloinne.

**SURPLUS S. stores**, stórais bharrachais.

**SURPRISE** Iontas, ionadh, ganfhiosaíocht. **S. actions**, bearta gan choinne. **To s. a post/ the enemy**, teacht gan fhios ar phost/ ar namhaid. **The maximum of s.**, barr na ganfhiosaíochta. **To s. a section at close quarters**, teacht ganfhios i gcóngar ar ghasra.

**SURRENDER The offence of unjustifiably s'ing a post**, an cion sin, post a ghéilladh gan cúis a dhiongbhála chuige.

**SURROUND To s. a force**, fórsa a thimpeallú. **Surrounding medium**, meán timpeallach. **S. air**, aer mór thimpeall.

**SURVEILLANCE** Faire, airdeall. **Air s.**, aerfhaire.

**SURVEY** Suirbhéireacht, breathnú, lán súl a bhaint (as rud). **S. company/ personnel**, complacht/ pearsanra suirbhéireachta. **Ordnance S.**, Suirbhéireacht Ordanáis. **Radiac s. meter**, méadar suirbhéireachta raidiac. **Trigonometrical s.**, suirbhéireacht triantánach. **S. of stores**, suirbhéireacht ar stórais. **Planned s.**, s. phleanáilte.

**SURVEYOR** Suirbhéir.

**SURVIVAL** Maireachtáil, teacht slán.

**SURVIVOR** Marthanóir, fear inste scéil.

**SUSPECT** *n.* Amhrasach (*medical etc.*),

*adj.* inamhrais, amhrastúil.

**SUSPECTED S. deserter**, tréigtheoir amhrais. **S. radioactive area**, líomatáiste amhrais raidighníomhaíochta.

**SUSPEND To s. arms**, airm a chrochadh. **To s. firing**, lámhach a fhionraí. **To s. an officer from duty**, oifigeach a fh. ó dhualgas, *vb.* Fionraim.

**SUSPENSION** Crochadh. *S. (pension etc.)*, fionraíocht. **S. bridge**, droichead crochta. **Independent s.**, crochadh neamhspleách.

**SUSTAIN Evidence to s. a prosecution**, fianaise chun inchúiseamh a chothú. **They s'd casualties**, tugadh taimigh orthu.

**SUSTAINED S. attack**, ionsaí marthanach.

**SWAB** Táithín.

**SWAGGER** Siúl go giodalach, go postúil, go mustrach, spaisteoireacht. **S. -cane, -stick**, slaitín spaisteoireachta.

**SWAMP** *n.* Bogach. *vb.* báim.

**SWEAR** *vb. tr.* Mionnaím, móidim, tugaim an leabhar. **To s. a Court/ Judge Advocate**. Cúirt/ Abhcóide Breithiúnais a chur faoi mhonn.

**SWEATER** Geansaí.

**SWEEP Outflanking s.**, scuab scoite cliathán. **To s. with fire**, scuabadh le lámhach.

**SWEEPER Mine s.**, scuabadóir mianach.

**SWEEPING** Scuabach. **S. fire**, scuablámhach

**SWEETBREAD** Dúlia.

**SWELLING** At.

**SWIFT** Mear, luath, tapaidh.

**SWILL** Triosc. **S. receptacle**, gabhdán triosca.

**SWINGING The right arm s. forward with the left leg**, an ghéag dheas ar aon luasc leis an gcois chlé. **S. traverse**, luasc thrasnáil.

**SWITCH** *n.* Lasc, aistriú (*lámhaigh*). **S.**



## Switched

**-board**, lasc-chlár. **S. -board attendant**, freastalaí lasc-chláir. **Manual s. -b.**, lasc-chlár láimhe. **S. off**, lasc as. **S. on**, lasc ann. **To s. off an engine**, inneall a lascadh as. **To s. on an engine**, inneail a lascadh ann. **To s. umpires**, moltóirí a aistriú. **Range s.**, raon liasc.

**SWITCHED S. out of circuit**, lasctha as timthriall. **S. on**, lasctha ann. **S. off**, lasctha as.

**SWIVEL** Sclóin. **S. hook/ seating**, crúca/ leaba sclóine. **Stacking arms s.**, sclóin armchruachta. **Upper sling s.**, iris-sclóin uachtair.

**SWOLLEN** Ata.

**SWOOP** Scuabadh, ruaig. *vb.* Scinnim.

**SWORD** Claíomh, *pl.* claimhte. **S. bar/ frog**, barra/ bradán claímh. **S. knot**, scothóg ch. **S. -slit**, scoilt don chlaíomh.

**SYLLABUS** Siollabas.

**SYMBOL** Samhaltán. **Basic/ identification s's**, samháltáin bhunaidh/ aitheantais. **Conventional military s's**, samháltáin nósmhara mhíleata. **Chemical s.**, samháltán ceimiceach.

**SYMMETRY** **S. of a bullet**, glónmhaireacht philéir. **To be out of s.**, bheith as g. **S. of alignment of two images (R.F.)**, ailiniú glónmhar dhá íomhá.

**SYMPATHETIC** Báúil.

**SYMPATHY** Trua, cás, comhbhrón, bá. **To have s. with those under instruction**, bheith báúil leo siúd atá faoi theagasc.

**SYMPOSIUM** Comhagallamh, siompóisiam.

## System

**SYMPTOM** Comhartha, airí. **S's of fever**, comharthaí fiabhrais.

**SYNCHRONISE** Sioncroinim, cuirim ar chomham/chomhthráth. **To s. a watch with official time**, uaireadóir a chur ar chomhthráth leis an am oifigiúil.

**SYNCHRONISED S. firing**, lámhach comhthrátha.

**SYNCHRONOUS** Sioncrónach.

**SYNDICATE** Forang. **Sub-s.**, fo-fhorang.

**SYNTHETIC** Sintéiseach (*logic, philosophy*), táite (*grammar*), tacair (*rubber etc.*). **S. oil plant**, gléasra ola tacair.

**SYPHILIS** An bholgach fhrancach, sífilis.

**SYSTEM** Córas. **Cooling s.**, c. fuartha. **Water-cooling s.**, c. uiscefhuaraithe. **S. of application of fire**, c. feidhmlámhaigh. **Decimal/metric s.**, c. deachúil/ méadrach. **Emergency communication s's**, córais chumarsáide éigeandála. **S. of progressive stages (detention)**, córas na réimeanna. **Public address s.**, c. ilghairme. **Recuperating s. (arty.)**, c. athsheolta. **Reference s.**, c. tagartha. **S. of training**, c. traenála. **The s. of reliefs**, an c. uainíochta. **Sighting s.**, c. teorála. **The square s.**, c. na gcearnóg.

# T

**TAB** Lipéad, cluas.

**TABLE** Tábla, bord. **T. of commissioned ranks**, tábla de chéimeanna coimisiúnta. **T. of conventional signs**, t. de chomharthaí nósmhara. **Crossing t's**, táblaí crosála. **T. of daily routine**, tábla gnáthaimh laethúil. **Equipment/ loading/ staff t's**, táblaí trealaimh/ lódála/ foirne. **Task t's**, taschtáblaí. **Detrucking/ entrucking/ entrainment t.**, tábla díthrucnaíochta/ trucnaíochta/ traeníochta. **T's of establishments**, táblaí bunaíochtaí. **T. of lifts**, tábla d'arduithe. **Movement t.**, t. gluaiseachta. **Sand t.**, bord gainimh. **Time t.**, amchlár. **Trajectory t.**, tábla rothaig.

**TABLELAND** Ardchlár.

**TACHOGRAPH** Tacagraf.

**TACKLE** Fearas, gléas, tácla. **Pulley/ rope t.**, tácla ulóige/ téad. **To tackle a problem**, dul i ngleic le fadhb.

**TACT** Stuamacht.

**TACTFUL** Cáiréiseach, stuama.

**TACTLESS** Ciotach, tútach.

**TACTICAL** **T. airforce/ air supply/ control radar/ reconnaissance/ situation**, aerfhórsa/ aersholáthair/ radar-rialaithe/ taiscéalaíocht/ staid oirbheartaíochta. **T. doctrine/walk**, foirceadal/ siúl oirbheartaíochta.

**TACTICIAN** Oirbheartaí.

**TACTICS** Oirbheartaíocht. **Combined t.**, comhoirbheartaíocht. **Elementary t.**, o. bhunchéime. **Infiltration t.**, o. insíothlaithe. **Minor t.**, mionoirbheartaíocht.

**TAG** Lipéad, iallóg, clib (*iall bróige*), global, liobar (*éadaigh*), nath (*cainte*). **T. end of belt**, lámhghreim an chreasa.

**TAIL** Eireaball. **T. of column**, deireadh colúin. **T.-unit** (*mortar*), earraonad. **T.**

**-unit covers**, clúdaigh earraonaid. **T. vehicle**, feithicil deiridh.

**TAIL-LIGHT** Cúlsoles.

**TAINED** Truailithe.

**TAKE** **To t. an oath**, mionn a thabhairt.

**To t. delivery of articles**, seachadadh a ghlacadh ar earraí. **To t. disciplinary action (against)**, beart araíonachta a chur i bhfeidhm (ar). **To t. evidence on oath**, fianaise a ghlacadh faoi mhionn.

**To t. ground (right or left)**, talamh a ghabháil (fó dheis no fó chlé). **To t. off** (*aero*), éirí de thalamh. **To t. post**, post a thógail.

**To t. a soldier on attached strength**, saighdiúir a ghlacadh ar líon ar ceangal. **To t. too little (much) foresight**, tultreoir a bheith ró-iseal (ró-ard).

**To t. over guard**, garda a ghabháil de láimh. **To t. over the duties of fire picket**, dualgais phicéad dóiteáin a ghabháil de láimh. **To t. up arms** (*drill*), airm a thógáil.

**To t. up battle/ tactical dispositions**, gabháil i gcóirithe catha/ oirbheartaíochta. **To t. duty**, dul i mbun dualgais. **To t. charge of parade**, dul i bhfeighil paráide.

**TALC** **T. superimposed on map**, talc forshuite ar léarscáil.

**TALKATIVE** Cainteach.

**TALL** Ard, mór. **Tallest on the left**, (*an duine*) is airde ar chlé.

**TALLY** **T. cards/sheets**, cartáí/ bileoga scóir.

**TAMP** *vb.* Stompaím.

**TAMPION** Stoipéad (*arty*).

**TAN** Crón. **Black and Tans**, na Dúchrónaigh. **Suntan**, dó gréine.

**TANGENT** Tadhall, tadhlaí. **T. sight**, tadhalltreoir. **T. s. axis pin**, fearsaid tadhalltreorach. **T. s. axis keeper split-pin**, gabhalbhiorán coimeáda fearsaid t. **T. s. axis pin washer**, leicneán fearsaid

## Tank

tadhalltreorach. **T. s. bed**, leaba t., **T. s. elevating head (screw)**, ceann (scriú) ardaithe t. **T. s. leaf**, cláirín t. **T. s. leaf axis pin**, fearsaid cláirín t. **T. s. piston**, loine th. **T. s. screw head fixing pin**, biorán nasctha scríúcheann t. **T. s. screw head spring**, tuaim scríúcheann t. **T. s. spring**, tuaim th. **T. s. stem base**, bonn lorga th. **The t. to the trajectory**, an tadhall don rothag. **T. elevation**, tadhallardas. **T. galvanometer**, galbháinmhéadar tadhlaíoch.

**TANK** Tanc, dabhach. **T. attack**, ionsaí tanc. **Light/ heavy medium t.**, t. éadrom/ trom/ meánach. **T. crews/ mine**, tanc-chriúna/ mhianach. **Storage t.**, dabhach taisce.

**TANKER** Tancaer.

**TANNIC T. acid**, aigéad tainneach.

**TAP** Cnag, sconna (*uisce*). **The regulation t.**, an c. atá forordaithe. **Right/ left traversing t.**, c. trasnála deiseal/ tuathal. **Standard t.**, c. caighdeánach. **To t. the foresight**, an tultreoir a chnagadh. **To t. a line**, sreang éisteachta a chur as líne.

**TAPE Adhesive t.**, greimlín. **Copper t.**, téip chopair. **Insulating t.**, t. dhíonach. **T. recorder**, téipthaiheadán. **T. recording**, téipthaiheadadh.

**TARE** Táirmheáchan. **The gross, t. and net weights**, an mórmheáchan, an táirmheáchan agus an glanmheáchan.

**TARGET** Targaid. **A t. calling for concentrated (distributed) fire**, t. a iarann lámhach comhchruinnithe (imdháilithe). **A t. calling for destruction**, t. nach foláir a dhíothú. **T. above/ below/ far below gun**, t. níos airde ná / níos ísle ná/ i bhfad níos ísle ná an gunna. **T. level with the gun**, t. i gcothrom leis an gunna. **Application t.**, t. feidhmlámhaigh. **Area t's (mortar)**, acharthargaidí.

## Target

**Battery t.**, t. bhataire. **T's behind high cover**, targaid ar chúl ardchlúide. **Classification t's**, t. aicmíochta. **Close t's (M.U.)**, neastargaidí. **Collapsible t.**, targaid thitimeach. **Difficult/ easy/ elementary t.**, t. dhofheicthe/ shofheicthe/ shoaimshithe. **T. with depth**, t. doimhneachta. **T. of great depth**, t. mhórdhoimhneachta. **Enfilade t.**, t. leatrasna. **4/5/6 ft. t.**, t. cheithre/ chúig/ sé troithe. **Figure t.**, fíortharagaid. **Fleeting t.**, t. theifeach. **Fresh/ gunfire t.** t. úr/ ghunnalámhaigh. **Grouping t.**, t. ghrúpala. **T's in general use**, targaidí i ngnáthúsaid. **Indefinite point t.**, poncthargaid éiginnte. **Landscape t.**, t. tírdhreacha. **Linear t.**, t. líneach. **Machine-gun instructional t.**, t. teagaisc inneallghunna. **Line mortar t.**, moirtéarthargaid líne. **Moving t's**, targaidí gluaiسته. **Neutralisation t's**, t. le neodrú. **Oblique t.**, sceabhathargaid. **Point t.**, poncthargaid. **Point t. having width**, poncthargaid leithid. **Ranging point t's**, poncthargaidí raonála. **Representative t.**, targaid chomhréireach. **Revolver t.**, t. ghunnáin. **Revolver grouping t.**, t. ghrúpala ghunnáin. **Silhouette t.**, t. scáthchrutha. **Snapshooting t's**, targaidí scioblámhaigh. **Stationary t's**, t. cónaitheacha. **Steel-plate t's**, t. de phláta cruach. **Stoppages t.**, targaid stopanna. **T's with width and little depth**, targaidí leithid beagdhóimhneachta. **Machine gun oblique traversing target**, targaid sceabhathrasnála inneallghunna. **M.G. screen t.**, t. scáileáin i. **M.G. screen traversing t.**, t. scáileáin trasnála i. **M.G. stoppages t.**, t. stopanna t. **Vulnerable t.**, t. shobhuailte. **On call t's**, tairgaidí ar ghlaoch. **T. folder**, fillteán targaide. **T. director post**, post stiúrtha targaide. **T. nicknames**, leasainmneacha targaidí.

## Tarpaulin

- TARPAULIN** Tarpól.
- TART** Toirtín, géarbhlasta, searbh (*aid.*), géar (*of answer*). **Apple/ rhubarb/ gooseberry/ fruit t.**, t. úll/ biabhóige/ spíonán/ torthaí.
- TASK Combat t's**, tascanna comhraic.
- Enfilade fire t.**, tasc lámhaigh leatrasna.
- Harassing fire t's**, tascanna lámhaigh chiapaigh. **Oblique fire t.**, tasc sceabhalámhaigh. **'S.O.S'. t's** (*mortar*), tascanna 'S.O.S'. **T. tables**, tasctháblaí.
- T. force**, tascfhórsa. **Counter-penetration t.**, tasc frithbhriseadh trí. **Section with enfilade t.**, gasra le t. leatrasna.
- TATTOO** Tatú, dord na hoíche.
- TEACHER** Múinteoir.
- TEAM** Foireann, meitheal. **T. captain**, captaen foirne. **Army Jumping T.**, Foireann Léime an Airm. **Athletic t.**, f. lúthchleas. **T. competitions**, comórtais foirne. **Gun/ light machine gun/ machine gun/ rifle t.**, foireann ghunna/ inneallghunna éadroim/ inneallghunna/ mhúscaeid. **Sniper t.**, f. naoscáirí. **Mobile surgical t.**, f. mháinliachta ghluaiste. **Shooting t.**, f. lámhaigh. **T. spirit**, comharsprid.
- TEAR** Deoir; stróiceadh, sracadh. **T. gas group**, grúpa na ndeorghas. **To t. open something.**, rud a stróiceadh ó chéile. **Fair wear and tear**, gnáthchaitheamh agus gnáthchumilt.
- TECHNICAL T. and supply staff**, foireann theicniúil agus soláthair. **T. and s. officers/ umpires**. oifigigh/ moltóirí teicniúla agus soláthair. **T. inspection**, cigireacht theicniúil. **Classification of t. stores**, aicmiú stóras teicniúil.
- TECHNICIAN** Teicneoir. **The t. class**, an aicme theicneoirí.
- TECHNIQUE T. of command**, teicníocht an cheannais.
- TEETH** Fiacla.

## Temporary

- TELECOMMUNICATIONS**  
Teileachumarsáide.
- TELEGRAPH** Teileagraf. **T. Office**, oifig theileagraf.
- TELEGRAPHIC** Teileagrafach.
- TELEGRAPHER** Teileagrafaí.
- TELEGRAPHY** Teileagrafaíocht.
- Line t.**, t. líne. **Visual t.**, amharctheileagrafaíocht. **Wireless t.**, raiditheileagrafaíocht.
- TELEPHONE** Teileafón. **T. buzzer/ lines/ operator**, dordánaí/ linte/ oibritheoir teileafóin. **Mobile telephone**, teileafón póca.
- TELEPHONIC T. communication**, cumarsáid teileafóin.
- TELEPHONIST** Teileafónaí.
- TELEPHONY** Teileafónaíocht. **Wireless t.**, raiditheileafónaíocht.
- TELESCOPE** Teileascóp **Sighting t.**, t. treorála. **T. holders**, coimeádairí teileascóp. **Stereoscopic T.**, t. steireascópach. **To cause the rear of a column to 't.'**, tabhairt ar dheireadh colúin leacadh ar a chéile.
- TELESCOPIC T. sights**, treoracha teileascópacha.
- TELEVISION** Teilifís.
- TELL T. -off** (*drill*), *vb.* áirím, *vl.* áireamh. **To t. off by sections**, áireamh de réir gasraí.
- TEMPER** Meon, faghairt (*míotal*), aobh. **Hot-tempered**, teasaí. **Quick-tempered**, taghdach. **Bad-tempered**, feargach.
- TEMPERAMENT T. of firer**, meon lámhachóra.
- TEMPERATURE** Teocht. **A mean t. of 60° F.**, meánteocht 60° F. **High t.**, ardteocht.
- TEMPLATE** Fíoraí, teimpléad.
- TEMPLE** Uisinn (*of head*).
- TEMPORAL** Saolta, cnámh na huisinne (*anat*). **T. artery**, airtéire uisinne.
- TEMPORARY** Sealadach, neamhbhuan.

## Tenacity

**TENACITY** Righneas, buanseasmhacht, ceanntréine.

**TENDENCY** A t. to **flinch**, cloanadh chun locaidh. **The t. to sacrifice accuracy for speed be guarded against**, cuimhnítear nach ngabhann luas is cruinneas le chéile.

**TENDER** Steam t., gáltán freastail. A t. for the supply of stores, tairiscint chun stórais a sholáthair. **To t. the resignation of a commission**, tairiscint éirí as coimisiún. **To t. rebutting evidence**, fianaise fhirsnéiseach a thabhairt. **T. meat**. feoil bhog, mhín, mhaoth. **T. to the touch**, goilliúnach, leochaileach (faoin láimh). **Tender form**, foirm thairisceana.

**TENDON** Teannán.

**TENNIS** Leadóg.

**TENON** Tionúr.

**TENOR** According to the t. of his oath, do réir bhrí/ éirim a mhionna.

**TENSE** Teann, (*of nerves*) ar bís, ar tinneall. A t. **chain**, slabhra t.

**TENSION** Teannas. **High/ low t. battery**, ceallra ard/isealteannais. **To adjust the harness t. (respirator)**, teannas na húma a choigeartú.

**TENT** Puball, téalta **T. repairer**, deisitheoir téalta. **T. shelters**, téaltaí fothana. **To pitch/ strike a tent**, téalta a shuí/ scor.

**TENTACLE** Braiteog (*ar phlanda*), adharcán (*ar ainmhí*).

**TENTATIVE** T. plans, pleananna trialacha.

**TENURE** T. of office, sealbhaíocht oifige. **The t. in any capacity**, an tsealbhaíocht in aon cháil sna Fórsaí.

**TERM** Téarma, tréimhse. **T. of enlistment (original enlistment)**, téarma liostála (na liostála bunaidh). **Technical t.**, téarma teicniúil. **Long/ short t. plan**, plean fadtréimhse/ gearrthréimhse. **A long t. in jail**, tréimhse fada i bpríosún.

## Testimonial

**TERMINAL** Los, teirminéal. **Battery t's**, losa ceallra. **T. point**, pointe foircinn. **T. time**, am cinn chúrsa.

**TERMINATE** To t. an engagement, fruilíocht a fhoirceannadh.

**TERMINATION** Date of t. of service, dáta foirceannta seirbhíse.

**TERMINUS** Railway t., foirceann iarnróid.

**TERRAIN** Tír-raon. **T. exercise**, freachnamh tír-raoin. **T. e. without troops**, f. t. gan trúpaí.

**TERRIFY** Scanraím, sceimhlím

**TERRITORIAL** T. integrity, sláine críche. **T. waters**, uisceí teorann. **To train a force on a t. basis**, fórsa a thraenáil de réir dúichí.

**TERRITORY** Allied t., críocha comhghuaillithe.

**TERROR** Uamhan, sceimhle.

**TERRORISM** Sceimhlitheoireacht.

**TERRORIST** Sceimhlitheoir.

**TEST** The t. for accuracy, an tástáil chruinnis. **Comparative t's of fire effect**, tástálacha comparáirdeacha ar lámhachéifeacht. **The t's for advancement to corporal**, na tástálacha chun grád ceannaire a bhaint amach. **The t. for consistency (R.F.)**, an tástáil chomhsheasmhachta. **T's of elementary training**, tástálacha traenála bunchéime. **Grouping t.**, tástáil ghrúpála. **Judging distance t.**, t. fhadmheasa. **The t's for retention of grade**, na tástálacha chun grád a choimeád. **Trade t.**, tástáil cheirde. **To t. a weapon for accuracy**, cruinneas armáin a thástáil. **To t. for gas**, tástáil le haghaidh gais. **Damp-heat t.**, tástáil fliuchtheasa.

**TESTER** Small arms t., tástálaí mionarm.

**TESTICLE** Magairle.

**TESTIFY** Tugaim fianaise, fianáim.

**TESTIMONIAL** Teistiméireacht.

**TESTIMONY** Fianaise. ‘In t. whereof’, ‘Dá fhianú sin’.

**TETANUS** Teiteanas.

**TEXT** Téacs. **Textbook**, téacsleabhar.

**‘T’-FIXING PIN** Crosbhiorán nasctha.

**THEATRE** **Operating t.**, obrádlann. **O. t. attendant/ orderly**, freastalaí/ giolla obrádlainne. **T. of operations/ war**, láthair oibríochtaí/ chogaidh. **T’goer**, gnáthóir amharclainne.

**THEODOLITE** Teodailít.

**THEORY** The t. of small arms fire, teoiric lámhaigh mhionarm. **Elementary t.**, t. bhunchéime. **The t. of coincidence range-finding**, t. na raontoisireachta comhtheagmhachta.

**THERAPY** Teiripe.

**THERAPEUTIC** Teiripeach.

**THERMAL** Teasa, teo. **T. radiation**, raidíocht teasa.

**THERMO T. -ammeter**, teirmea-aimpmhéadar. **T. -couple**, teirmeachúpla. **T. -meter**, teirmiméadar.

**THERMOMETER** Teirmiméadar.

**THERMONUCLEAR** Teirmeanúicléach. **T. weapons**, armáin theirmeanúicléacha.

**THERMOSTATIC T. valve**, comhla theirmeastatach.

**THESIS** Tráchtas.

**THICKET** Scartach, mothar.

**THICKNESS** Tiús. **T. of the base of the foresight**, tiús bhonn na tultreorach. **Half-value t.**, tiús leathluach.

**THOROUGH** Críochnúil, foirfe.

**THOROUGHbred** Capall foláiochta.

**THOROUGHfare** Mórhealach.

**THOROUGHness** Críochniúlacht, foirfeacht.

**THREAD** Crossed t’s, cros-snáitheanna.

**THREADbare** Lomchaite, barrchaite, scáinte.

**THREADED T. barrel**, bairille snáite

**THREAT** A t. against a flank, bagairt in aghaidh cliatháin.

**THREATENED T. flank**, cliathán faoi bhagairt.

**THREATENING T. language**, caint bhagrach.

**THROMBOSIS** Trombóis.

**THROTTLE** Scóig, *vb. tr.* tachtaim, sciúchaim, scóigim.

**THROWER** Teilgí, caiteoir (*G. T.*). **Left-handed t.**, t. ciotógach.

**THROWING T. instruction**, teagasc teilgin.

**THRUST Parry and thrust**, diongháil agus sá. **T. ring**, fáinne sáite.

**THUMB T. -clearance**, ordlog. **T. ring**, ordfháinne.

**THUMBNAIL** Ionga ordóige. **T. sketch**, mionléirín.

**THUMPIECE** Slóidín.

**THUMB-SCREW** Scriú sciathánach.

**THYROID T. gland**, faireog thíoróideach.

**TIBIA** Cnámh Iorgan, tibia.

**TIE** Carbhat (*éadach*), ceangal, nasc (*mech.*), ar cothrom (*comórtas*). **To t. for first place**, bheith ar cothrom don chéad áit.

**TIDE** Taoide.

**TIDAL T. waters**, uiscí taoide. **T. wave**, tonn taoide.

**TIDY** Slachtmhar, *vb. tr.* réitím, cuirim slacht/ caoi ar.

**TIERCE** The hand is ‘in t’. (*M.S.*), tá an lámh ‘ar teirt’.

**TIERS** Ceamraí, sraitheanna.

**TIGHT** Dionmhar (*ar uisce*), teann (*soitheach*), daingean (*doras*), docht (*greim*). **T. -fitting**, cúng.

**TIGHTNESS (of chest)**, fáscadh (cléibhe). **Gas-t. of respirator**, teanndlús aerscagaire in aghaidh gáis.

**TIME** Am, tráth, ré aimsir. **T. of arrival/ departure**, am sroichte/ imeachta. **T. of flight (bomb)**, ré eitilte. **T. of origin/ receipt (message)**, am tionscnaimh/ glactha. **T. handed in (message)**, am tugtha isteach. **In double/ slow/ quick t.**, ar sodar/



